5 *An Méara Gerry McLoughlin leis an lucht aithrise ag imeacht Scéalta agus Amhrán Afracacha i Músaem Hunt Ó chlé: Etienne Curron, Laurent Mpenda, Florence Ajibade, Pauline Kamau, Maurice Kikangala agus Odyke Nzewi*

Pictiúir le Dave Gaynor

Fáiltithe an Mhéara

1 *Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh, an Clr Kieran O'Hanlon agus baill de Richmond RFC ag fáiltiú an Mhéara i Halla Cathrach Luimnigh in onóir FC Luimnigh, Foireann Rugbaí na mBan agus Richmond RFC*

2 *An Méara Kathleen Leddin, Pat O'Sullivan, cathaoirleach FC Luimnigh (suite sa lár), an Clr John Sheahan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh, agus imreoirí, bainistíocht agus lucht tacaíochta FC Luimnigh ag fáiltiú an Mhéara i Halla Cathrach Luimnigh in onóir FC Luimnigh, Foireann Rugbaí na mBan agus Richmond RFC*

3 *An Méara Kathleen Leddin, Joy Neville, Irene Flanagan, (ina suí), Fiona Hayes agus Gillian Burke, Foireann Rugbaí Ban na hÉireann, agus an Clr John Sheahan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh ag fáiltiú an Mhéara i Halla Cathrach Luimnigh in onóir FC Luimnigh, Foireann Rugbaí Ban na hÉireann agus Richmond RFC*

4 *An Méara Kathleen Leddin le daltaí 3ú bliana ó Choláiste Chaladh an Treoigh le linn dóibh cuairt a thabhairt ar Halla na Cathrach*

Pictiúir le Dave Gaynor

IMEACHTAÍ & BUAICPHOINTÍ 2013

Seoladh Leabhair River Road

1 *Paul O'Kelly, an Clr Maurice Quinlivan, Kate Taylor, Fiona Reilly, Nora Bermingham, an Méara Kathleen Leddin, an Dr Par Wallace, Graham Hull, Ronan Swan, an Clr Mary Jackman agus Frank Coyne ag seoladh an leabhair, River Road i gCaisleán King John*

2 *Fiona Reilly, Baile Átha Cliath, an tEalaíontóir Padraic O'Hoara agus Donie Gould, Cill Mocheallóg, ag seoladh an leabhair, River Road i gCaisleán King John*

3 *An Luimníoch an Dr Pat Wallace, iar-Stiúrthóir ar Ard-Mhúsaem na hÉireann, a sheol an leabhar River Road, Seandálaíocht Chuarbhóthar Theas Luimnigh, ag Caisleán King John, ag féachaint tríd an leabhar leis an Méara Kathleen Leddin*

Pictiúir le Dave Gaynor

Leabhar Comhbhróin do Nelson Mandela

1 *An Méara Kathleen Leddin ag síniú an leabhair chomhbhróin i gcuimhne iar-Uachtarán na hAfraice Theas, Nelson Mandela R.I.P. ag Halla Cathrach Luimnigh, i láthair, ó chlé: Winterrose Mahaye, Sinqobile Makhanya and Precious Jenga, ANC Ireland, agus an Clr Maurice Quinlivan*

2 *An Clr John Sheahan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh, ag síniú an leabhair chomhbhróin i gcuimhne iar-Uachtarán na hAfraice Theas, Nelson Mandela R.I.P. ag Halla Contae Luimnigh, Tuar an Daill, i láthair Precious Jenga, ANC Ireland*

Pictiúir le Dave Gaynor

Leabhar Comhbhróin don Bhleachtaire-Gharda Adrian Donohue

1 *Jerome Scanlan, Cathaoirleach Chontae Luimnigh, ag síniú an leabhair chomhbhróin do theaghlach agus comhghleacaithe an Bhleachtaire-Gharda Adrian Donohue ag Halla an Chontae, Tuar an Daill, i láthair Eugene Griffin, rúnaí Chomhairle Contae Luimnigh*

Pictiúir le Dave Gaynor

IMEACHTAÍ & BUAICPHOINTÍ 2013

Fáiltithe an Chathaoirligh

1 *Ag Fáiltiú an Chathaoirligh i Halla Contae Luimnigh in onóir dá raibh bainte amach ag Foirne an Chontae bhí, ó chlé, Seamus Hickey, Captaen ar Fhoireann Sinsear Luimnigh san Iománaiocht, an Clr John Sheahan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh, Michelle Casey, Captaen ar Fhoireann Sinsear Luimnigh sa Chamógaíocht, Richard English, Captaen ar Fhoireann Mhionúr Luimnigh san Iománaíocht agus an Méara Kathleen Leddin*

2 *An Clr John Sheahan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh ag bronnadh scrolla ar Sheamus Hickey, captain ar Fhoireann Sinsear Luimnigh san Iománaíocht ag Fáiltiú an Chathaoirligh i Halla Contae Luimnigh*

3 *An Clr John Sheahan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh ag bronnadh scrolla ar Michelle Casey, captain ar Fhoireann Sinsear Luimnigh sa Chamógaíocht ag Fáiltiú an Chathaoirligh i Halla Contae Luimnigh*

4 *An Clr John Sheahan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh ag bronnadh scrolla ar Richard English, captaen ar Fhoireann Mhionúr Luimnigh san Iománaíocht ag Fáiltiú an Chathaoirligh i Halla Contae Luimnigh*

Pictiúir le Dave Gaynor

Earcaigh mar Chomhraiceoirí Dóiteáin sa bhFaing

1 *Earcaigh chomhraiceoirí dóiteáin as Luimneach, Laois, an Cabhán agus Port Láirge, ag tabhairt faoi dhóiteáin roimh a bparáid cháilithe, tar éis dóibh Bunchúrsa na nEarcach mar Chomhraiceoirí Dóiteáin a chríochnú chomh maith le Cúrsa ar Láimhsiú i Stáisiún Dóiteáin Fhaine, Contae Luimnigh*

2 *Earcaigh chomhraiceoirí dóiteáin Luimnigh a fuair a dteastais tar éis dóibh Bunchúrsa Comhraiceora Dóiteáin agus Láimhsithe a chríochnú ag Stáisiún Dóiteáin Fhainge. Sa tsraith tosaigh tá: Ger O'Donoghue, Seirbhís Dóiteáin Chathair Luimnigh, Tony Dowling, Stáisiún Dóiteáin Chill Mocheallóg, Chris McMahon agus Brian Sheehy, Stáisiún Dóiteáin na Ceapaí Móire agus Shawn Browne, Stáisiún Dóiteáin An Chaisleáin Nua, sa tSrath ar cúl: Owen Madigan (an tríú duine ó chlé) Stáisiún Dóiteáin an Chaisleáin Nua, agus Shane McCann (an dara duine ar dheis) Stáisiún Chill Mocheallóg. Sa phictiúr freisin tá sa tsraith ar cúl ó chlé: Paul McMahon, Oifigeach Sinsearach Cúna Dóiteáin, Cathair agus Contae Luimnigh, John Mulready, Oifigeach Staísiúin, An Cheapach Mhór, Eoin Kelly, Oifigeach Staísiúin, Faing, Mark Manning, Oifigeach Fostáisiúin, Cathair Luimnigh, agus Michael Ryan, Príomh-Oifigeach Dóiteáin, Cathair agus Contae Luimnigh*

3 *Earcaigh chomhraiceoirí dóiteáin as Luimneach, Laois, an Cabhán agus Port Láirge, ag tabhairt faoi dhóiteáin roimh a bparáid cháilithe, tar éis dóibh Bunchúrsa na nEarcach mar Chomhraiceoirí Dóiteáin a chríochnú chomh maith le Cúrsa ar Láimhsiú i Stáisiún Dóiteáin Fhaine, Contae Luimnigh*

Pictiúir le Dave Gaynor

IMEACHTAÍ & BUAICPHOINTÍ 2013

Maoir Scoile Sóisearach

1 *Daltaí ón 5ú agus an 6ú rang ag Scoil Náisiúnta Bhaile An Londraigh, ar bhronn an Clr William O'Donnell, cathaoirleach choiste thoghcheantar Chill Mocheallóg, teastais mhaoir scoile sóisearach orthu. Sa phictiúr freisin tá, ó chlé: Marian Whyte, príomhoide na scoile, an múinteoir Sheila Flynn, Sáirsint an Gharda Síochána Damien Holohan, agus Karen Butler, Rannóg na mBóithre, Comhairle Contae Luimnigh*

2 *An Clr John Sheahan, cathaoirleach Choiste Toghcheantair Ráth Caola, a bhronn teastais Mhaoir Scoile Sóisearach ar dhaltaí ó Scoil Bhuachaillí Iósaif, Ráth Caola, i láthair an Gharda Leslie Maloney, Karen Butler, Rannóg na mBóithre, Comhairle Contae Luimnigh, an múinteoir Eamon Roche agus Patricia Quaid SNA*

3 *An Clr John Sheahan, cathaoirleach Choiste Toghcheantair Ráth Caola, a bhronn teastais Mhaoir Scoile Sóisearach ar dhaltaí ó Scoil Chaillíní Naomh Áine, Ráth Caola, i láthair an Gharda Leslie Maloney, Karen Butler, Rannóg na mBóithre, Comhairle Contae Luimnigh, an múinteoir Charlotte O'Brien*

Pictiúir le Dave Gaynor

1

2

3

4

CGB na Comhairle Contae

1 *An Clr John Egan, Leaschathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh lena bhean chéile Theresa, agus ó chlé: fear céile a iníne Paul Ryan, iníonacha:Theresa agus Catherine, mac Andrew, agus deirfiúracha: Eleanor Keays agus Noreen Kelly ag CGB Chomhairle Contae Luimnigh i Halla Contae Luimnigh*

2 *An Clr John Sheahan, Cathaoirleach Chomhairle Conte Luimnigh lena mháthair Anne, a bhean Mary agus a iníonacha: Nicola agus Claire ag CGB Chomhairle Contae Luimnigh ag Halla Contae Luimnigh*

3 *An Clr Mary Harty agus an Clr John Egan, Leaschathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh ag CGB Chomhairle Contae Luimnigh i Halla Contae Luimnigh*

4 *An Clr John Sheahan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh agus an Clr John Egan, Leaschathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh*

Pictiúir le Dave Gaynor

IMEACHTAÍ & BUAICPHOINTÍ 2013

Nascadh Áth Dara agus Villecresness

1 *Lady Geraldine Dunraven, an Clr Jerome Scanlan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh, Eugene Griffin, Rúnaí Chomhairle Contae Luimnigh agus Meriel Clarke, Cathaoirleach Chomhairle Pobail Áth Dara, tagtha le chéile in Áth Dara, do nascadh Áth Dara agus Villecresnes na Fraince*

2 *Pobail a Nascadh: Meriel Clarke, Cathaoirleach Chomhairle Pobail Áth Dara, an Clr Jerome Scanlan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh agus William Rostende, Leas-Mhéara Villecresnes na Fraince, tagtha le chéile in Áth Dara le haghaidh nascadh Áth Dara agus Villecresnes na Fraince*

3 *Pobail a Nascadh: Meriel Clarke, Cathaoirleach Chomhairle Pobail Áth Dara, William Rostende, Leas-Mhéara Villecresnes na Fraince, agus an Clr Jerome Scanlan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh, tagtha le chéile in Áth Dara le haghaidh nascadh Áth Dara agus Villecresnes na Fraince*

Pictiúir le Dave Gaynor

Oscailt chuid nua de Mhórchonair an Deiscirt

1 *An tAire Leo Varadkar T.D. agus Phelim Macken, Comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Luimnigh, ag rothaíocht ar an gcuid nua de Mhórchonair an Deiscirt idir Mainistir na Féile agus Coill Mhaonaigh*

2 *An tAire Leo Varadkar T.D. agus an ribín á ghearradh aige le hoscailt oifigiúil a dhéanamh ar an gcuid nua sin de Mhórchonair an Deiscirt idir Mainistir na Féile agus Coill Mhaonaigh, roimh dul ag rothaíocht ar an gconair*

3 *Nocht an tAire Leo Varadkar T.D. plaic ag oscailt an choda nua de Mhórchonair an Deiscirt idir Mainistir na Féile agus Coill Mhaonaigh, i láthair, ó chlé: Anthony Coleman, Comhairle Contae Luimnigh, Leas-Mhéara Luimnigh an Clr Maria Byrne, bainisteoir Cathrach agus Contae Luimnigh, Con Murray agus an Clr Jerome Scanlan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh*

Pictiúir le Dave Gaynor

Cuairteanna ar Halla Contae Luimnigh

1 *Tugann daltaí agus múinteoirí ó Schlossgymnasium cuairt ar Halla Contae Luimnigh*

2 *Bhronn Barbara Magner, múinteoir Béarla ag Schlossgymnasium, Kunzelsau, An Ghearmáin, pictiúr den scoil i bhfráma ar an gClr Jerome Scanlan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh, i láthair an Clr agus an mhúinteora Martin Braun, Schlossgymnasium agus Justin Daly, múinteoir Gearmánaise ag CBS Fhionntáin agus/Iósaíf, Dún Bleisce.*

3 *Bhronn an Clr Jerome Scanlan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Luimnigh, cró pinn deisce de dhair phortaigh ar Thomas Nader, Ambasadóir na hOstaire in Éirinn, le linn chuairte chúirtéise ar Halla Contae Luimnigh, i láthair, ó chlé: Eugene Griffin, rúnaí Chomhairle Contae Luimnigh, Con Murray, POF/Bainisteoir Chomhairlí Chathair agus Chontae Luimnigh agus Wilhelm Nest, Comhairleoir Tráchtála, Ambasáid na hOstaire, An Rannóg Tráchtála*

4 *An Cllr Jerome Scanlan, Cathoirleach Chomhairle Contae Luimnigh, Mike Hopkins, Príomhoide South and City College, Birmingham, Pat Maunsell, Stiúrthóir Choláiste Breisoideachais Luimnigh, agus an Leas-Mhéara, Maria Byrne, ag fáiltiú i Halla an Chontae, do thoscaireacht ó South and City College, Birmingham, a bhí i Luimneach le comhpháirtíocht a bhunú le Coláiste Breisoideachais Luimnigh*

Pictiúir le Dave Gaynor

1

2

3

Dámhachtainí Spóirt Flemaing Medical

1 *Sara Hurley, Fleming Medical, ag bronnadh Fearas Garchabhrach ar Vera Sheehan, d'fhoireann camógaíochta Ghreanach/Bhaile an Gharraí, i láthair, ó chlé, Phelim Macken, Comhordaitheoir Chomhpháirtíochta Spóirt Luimnigh, Tony Fitzgibbon, Mairead Fitzgerald, Aoife Sheehan, Emma Noonan agus Tracy Mahedy, Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh*

2 *Sara Hurley, Fleming Medical, ag bronnadh Fearas Garchabhrach ar an rothaí Autumn Collins, Cnoc an Doire, i láthair Phelim Macken, Comhordaitheoir agus Tracy Mahedy, Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh*

3 *Vera Sheehan, Mairead Fitzgerald, Emma Noonan agus Aoife Sheehan, foireann chamógaíochta Ghreanach/Bhaile an Gharraí agus an rothaí Autumn Collins, Cnoc an Doire, (an tríú duine ar dheis) ag Fleming Medical*

Pictiúir le Dave Gaynor

Dámhachtainí Spóirt
Flemaing Medical

1 Kevin Healy (cóitseálaí), Elaine O'Connor, Comháirtíocht Spóirt Chathair Luimnigh, Peter Williams (cóitseálaí), Jamie Harty, Adrian O'Sullivan, Fleming Medical, Jason Harty, Jack Harty agus Phelim Macken, Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Luimnigh

Pictiúir le Dave Gaynor

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDE ACHA AGUS CEANNAIRÍ AR ATHRÚ

Pat Dowling
Stiúrthóir Seirbhísí, Seirbhísí Corparáideacha agus Ceannaire ar Athrú

- Seirbhísí Corparáideacha
- Ceannaire ar Athrú
- Riarachán Ginearálta
- Deontais Ardoideachais
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2013
- Socruithe Nasctha Chontae Luimnigh
  Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Nascadh Ghrúpa Pobail
  Socruithe i gContae Luimnigh
- Comhchaidreamh Nasctha Chomhairle Cathrach Luimnigh

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS CEANNAIRÍ AR ATHRÚ

Seirbhísí Corparáideacha

Clúdaíonn an Roinn um Sheirbhísí Corparáideacha agus Ceannairachta Athrú réimse leathan de sheirbhísí chomh maith le Seirbhísí Tacaíochta Bainistíochta a sholáthar. Déileálann an Roinn le réimsí mar Bhainistíocht Saoráide, Deontais Ardoideachais, Clár na dToghthóirí, Saoráil Faisnéise, Seirbhísí do Chustaiméirí, Ceannach, Comhpháirtícht, Sláinte agus Sábháilteacht agus raon fairsing de sheirbhísí teagmhasacha a bhaineann le gnó na Comhairle. Déileálann an Roinn freisin le ceisteanna a bhaineann leis an Údarás Singil nua.

Ceannaire ar Athrú

Leanadh leis an gClár Athraithe le heagraíocht nua amháin a chruthú do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i rith 2013. Cuireadh Foireann Bainistíochta Sinsearach Athrú ann le tacú leis an bhFoireann Bainistíochta maidir le pleanáil agus forfheidhmiú an chomhcheangal chuig údarás amháin.

Beartaíodh clár aistrithe agus cuireadh i bhfeidhm é i rith 2013 le ranna a aontú san aistriú i dtreo aon údaráis amháin. Déanadh cumasc ar fhormhór na ranna, seachas Pleanáil, seirbhísí comhshaoil & éigeandála, faoin spriocdháta de Mheán Fómhair 2013 a bhí socraithe don Chumasc, mar thoradh ar chomhoibriú na foirne. Déanadh Córas Bainistíochta Taifead a fhorbairt agus cuireadh oiliúint ar an bhfoireann le bainistíocht cheart ar na taifid a chinntiú le linn an aistrithe. Rinne an rannóg TF obair ollmhór lena chinntiú go mbeadh rochtain ag an bhfoireann ar a TF agus a gcóras teileafóin tar éis dóibh aistriú. D'éiligh an t-aistriú freisin uasghrádú áirithe ar na hoifigí i gCé na gCeannaithe. Cuireadh feabhas freisin ar an láthair fáiltithe, ar an deasc mótarchánach agus airgid le seirbhís deaisce nua á bhunú do chustaiméirí.

Tá struchtúir curtha ann lena chinntiú go gcoimeádtar an fhoireann agus na Comhairleoirí ar an eolas maidir le forbairtí. Bunaíodh grúpa tagartha foirne le forbairt mholtaí maidir le soláthar oibríochtúil na gCeantar agus na nÍostaí san údarás nua cumascaithe a chur ar an eolas. Tá plean cumarsáide á ullmhú le cabhrú le cumarsáid inmheánach agus seachtrach.

Bunaíodh grúpa stiúrtha le hionadaíocht ó gach roinn le cinneadh a dhéanamh ar an dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a bheidh ag teastáil le feidhmiú éifeachtach an údaráis nua a cheadú. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an bhFoireann Bainistíochta Sinsearach Athrú ar réimse fairsing seirbhísí a sholáthair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus i 2013 tosaíodh ar thionscadal piolótach le foireann na roinne comhshaoil le hathbhreithniú fairsing a dhéanamh ar sheirbhísí comhshaoil ó thaobh seirbhíse do chustaiméirí. Tá sé beartaithe cur leis an anailís seirbhíse seo i ngach rannóg agus athbhreithniú a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
i rith 2014.

Cuireadh Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí i gCé na gCeannaithe agus Tuar an Daill araon i 2013 le leanúnachas seirbhíse don phobal a chinntiú le linn an chláir aistrithe agus dá an dá cheann oscailte don phobal anois ó 9 am go dtí 5pm. Tá sé beartaithe ról na Seirbhíse do Chustaiméirí a leathnú i 2014 i dtreo is go soláthraítear an oiread seirbhísí agus is féidir é chomh cóngrach don chustaiméir agus is féidir é ar fud na Cathrach agus an Chontae.

Saoráil Faisnéise
I gcaitheamh 2013 bhí 39 Iarratas faoi Shaoráil Faisnéise

Tugtha	22
Páirt-thugtha	8
Diúltaithe	2
Aistharraingthe	1
Cásanna Beo ag deireadh 2013	8
Iomlán	39

Is é polasaí Chomhairle Contae Luimnigh ná:

- Rochtain a thabhairt don phobal ar fhaisnéis atá i seilbh an Údaráis seo, oiread agus is féidir, ag teacht le forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003 agus ag teacht le leas an phobail agus le ceart an duine aonair ar phríobháideachas.

Tá a thuilleadh faisnéise agus foirm iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag www.limerick.ie

Riarachán Ginearálta

Clár na dToghthóirí
Nuashonraítear agus táirgítear Clár na dToghthóirí in aghaidh na bliana agus bíonn sé comhdhéanta de liosta de na daoine ar fad os cionn 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí sa Chathair agus sa Chontae agus atá i dteideal vótála i dToghcháin don Dáil, don Chomhthionól Eorpach, don Uachtaránacht, i dToghcháin Áitiúla agus i Reifrinn. Is é an 1ú Feabhra dáta foilsithe Chlár na dToghthóirí agus bíonn feidhm leis an gClár ón 15ú Feabhra gach bliain.

Staitisticí do Chontae Luimnigh
Cruthóidh seo 3 thoghcheantar Dála i gContae Luimnigh mar a raibh 2 cheann roimhe sin, Luimneach Thoir agus Luimneach Thiar. Is iad seo a leanas na dáilcheantair agus líon na Suíochán Dála iontu ar leith:-

Cathair Luimnigh	-	4 Shuíochán
Luimneach	-	3 Shuíochán
Ciarraí Thuaidh/		
Luimneach Thiar	-	3 Shuíochán

Is é líon na dToghthóirí Uachtaránachta ná 97,496 ar Bheochlár na dToghthóirí 2013/2014.

Is é lion na dToghthóirí Rialtais Áitiúil ná 100,634 ar Bheochlár na dToghthóirí 2013/2014 a foilsíodh i mí Feabhra 2013 agus atá mionscartha mar seo a leanas idir na 5 Ceantar Áitiúil:-

Áth Dara	22,908
Caisleán Uí Chonaill	25,030
Cill Mocheallóg	18,684
An Caisleán Nua	18,544
Ráth Caola	15,468

Staitisticí do Chathair Luimnigh
Tá 1 Dáilcheantar i gCathair Luimnigh le 4 Shuíochán Dála sa Dáilcheantar seo.

Is é líon na dToghthóirí Uachtaránachta ná 36,181 ar Bheochlár na dToghthóirí 2013/2014.

Is é lion na dToghthóirí Rialtais Áitiúil ná 37,963 ar Bheochlár na dToghthóirí 2013/2014 a foilsíodh i mí Feabhra 2013 agus atá mionscartha mar seo a leanas idir na 3 Ceantar Áitiúil:

Cathair Luimnigh Thoir	8,844
Cathair Luimnigh Thuaidh	14,440
Cathair Luimnigh Theas	14,679

I rith 2013 tionóladh dhá Reifreann: - Seanad Éireann a Chur ar Ceal (32ú Leasú) agus an Chúirt Achomhairc (33ú Leasú) a bhí ar siúl ar an Aoine, 4ú Deireadh Fómhair, 2013.

Foilsíodh Tuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar Áitiúil ar athruithe ar Limistéir Áitiúla ar an 30ú Bealtaine, 2013.

Déanadh na moltaí seo a chorprú sa chéad Dréachtchlár na dToghthóirí 2014/2015 do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a foilsíodh ar an 1ú Samhain, 2013.

Tá achoimre ar na moltaí sa tábla thíos:

Toghlimistéir Áitiúla	Líon na mBall
Toghlimistéir Áitiúla na Dúiche Cathrach	
Cathair Luimnigh Thoir	8
Cathair Luimnigh Thuaidh	6
Cathair Luimnigh Thiar	7
Fo-iomlán	21
Toghlimistéir Áitiúla an Chontae	
Áth Dara-Ráth Caola	6
An Cheapaigh Mhór - Cill Mocheallóg	7
An Caisleán Nua	6
Fo-iomlán	19
Iomlán	40

Tig le baill den phobal seiceáil féachaint an bhfuil siad cláraithe i gceart ar líne ar Chlár na dToghthóirí ar www.lcc.ie/Register_of_Electors/ nó www.limerickcity.ie. Má tá do chuid sonraí mícheart nó mura bhfuil tú cláraithe, iarr foirm iarratais, le do thoil, ar electoralregister@limerickcoco.ie

Deontais Ardoideachais

Rinne Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh riaradh ar an Scéim Deontais um Ardoideachas d'Athnuachas don bhliain acadúil i 2012/2013 amháin. Déanadh gach iarratas nua ar Dheontas Ardoideachais agus iarratais do mhic léinn a d'athraigh a gcúrsa a phróiseáil trí údarás amháin ddámhachtana a cheapadh is é sin Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI).

Rinne Comhairle Contae Luimnigh próiseáil ar os coinn 790 iarratas. Tháing an caiteachas iomlán go dtí breis is €4.3m m agus cuimsíonn seo €427,257 a íocadh mar Dheontas ar Ráta Speisialta Cothabhála. Dáileadh Deontais Ráta Speisialta Cothabhála ar 160 mac léinn in 2012/2013.

Rinne Comhairle Cathrach Luimnigh próiseáil ar os coinn 310 iarratas. Tháing an caiteachas iomlán go dtí breis is €1.2m m agus cuimsíonn seo €130,967 a íocadh mar Dheontas ar Ráta Speisialta Cothabhála. Dáileadh Deontais Ráta Speisialta Cothabhála ar 97 mac léinn in 2012/2013.

Leanfaidh Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh le measúnú a dhéanamh ar na sealbhóirí reatha deontais, nach bhfuil tar éis a gcúrsa a athrú agus atá ag leanúint lena staidéar, atá á íoc ag Comhairle Contae Luimnigh, go dtí go mbíonn deireadh lena gcúrsa reatha.

Sláinte agus Sábháilteacht

Ba iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí i rith 2013:

- Sdtruchtúrú na Rannóige Sláinte agus Sábháilteachta
- An fhorbairt leanúnach ar chóras bainistíochta sábháilteachta a léireoidh dea-rialachas maidir le sláinte agus sábháilteacht.
- Leanúint leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe (CCF) ag tairiscint chúnaimh faoi iontaoibh agus seirbhís sainfhaisnéise d'fhostaithe agus a dteaghlaigh.
- Comhchoiste Monatóireachta Sábháilteachta a bhunú.
- Forbairt leanúnach ar Mheasúnú Riosca.
- Forbairt agus bainistíocht ráiteas sábháilteachta.
- Comhairliúchán Sábháilteachta leis an bhfoireann ar a n-áirítear Coiste na nIondadaithe Sábháilteachta Cathrach agus Contae.
- oiliúint Sábháilteachta ar a n-áirítear: Ionduchtú Sláinte agus Sábháilteachta, Garchabhair, Pas Shábháilte, Oibriú ar Airde, Dumpaire ar an Láithreán, Bainistíocht Sealadach Tráchta, nuashonrú ar Shoilsiú agus Gardáil, clár Cúnaimh d'Fhostaithe, Tiománaí CPC,
- Cothabháil agus Cigireacht.
- Athbhreithniú ar Pholasaithe agus Nósanna Imeachta Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta.
- Cigireachtaí Sábháilteachta.
- Bainistíocht ar an gcóras imscrúdaithe agus tuairiscthe timpiste.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2013

Leagann na táblaí seo a leanas amach costas & úsáid fuinnimh do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i 2013.

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh – Tuarascáil Bhliantúil / Costas & Údáid Fuinnimh 2013	**€**
2013 Caiteachas Iomlán ar Fhuinneamh	**€5,946,391**
2013 Leictreachas – Caiteachas Iomlán Bliantúil	€4,409,016
2013 Leictreachas - Caiteachas Bliantúil ar Seirbhísí Uisce	€1,659,496
2013 Leictreachas – Caiteachas Bliantúil ar Shoilsiú Poiblí	€1,961,681
2013 Leictreachas - Seachas uisce & PL	€787,839
2013 Breosla Bóthair (díosal / peitreal / bithbhreosla) – Caiteachas Iomlán Bliantúil	€1,249,654
2013 Breosla Téachain (gás/ola/bithmhais etc) – Caiteachas Iomlán Bliantúil	€287,688
2013 Breosla eile iontaise ilghnéitheach (sml lpg etc) - Caiteachas Bliantúil Iomlán	

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh – Tuarascáil Bhliantúil – Tuarascáil Coigilte Fuinnimh

Gníomhartha a Rinneadh in 2013

In 2013 chuaigh (Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh) i mbun raon de thionscnaimh le feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, ar a n-áirítear:

1	Seirbhísí Uisce Uasghrádú	916	MWh de shábháil
2	Creatlach Fhoirgnimh & Uasghrádú Seirbhíse	308	MWh de shábháil
Iomlán 2013		**1,224**	**MWh de shábháil**

In 2014 chuaigh (Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh) i mbun raon de thionscnaimh le feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, ar a n-áirítear:

1	Fuinneamh Iompair	294	MWh de shábháil
2	Creatlach Fhoirgnimh & Uasghrádú Seirbhíse	874	MWh de shábháil
Iomlán 2014		**1168**	**MWh de shábháil**

Socruithe Nasctha Comhairle Contae Luimnigh agus Comhairle Cathrach Luimnigh

Comhairle Contae Luimnigh agus Hohenlohekreis, na Gearmáine
Tá comhpháirtíocht nasctha ag Comhairlí Contae Luimnigh agus Hohenlohekreis ó 1990. Ba í 2011 an 21ú comóradh ar an gcomhpháirtíocht oifigiúil nasctha idir Comhairle Contae Luimnigh agus Hohenlohekreis. Tugann toscairí ón dá Údarás cuairt gach ré bliain ar a chéile idir Hohenlohe agus Luimneach. I mBealtaine 2013 thug toscaireacht 26 duine ó Chomhairle Contae Luimnigh cuairt ar Hohenlohe agus i 2014 beidh toscaireacht ó Hohenloh ag teacht go Luimneach. I mBealtaine 2013, thaisteal Annette Aherne, mar ionadaí Chill Mocheallóg mar chuid de Ghréasán Bailte Múrtha na hÉireann, chuig Hohenlohe leis an toscaireacht le cuairt a thabhairt ar Niedernhall.

Comhairle Contae Luimnigh agus Bermingham
Tharla malartú ar chuairteanna idir Comhairle Contae Luimnigh agus Bermingham ó luath sna 1990dí. I 2013 thaisteal ionadaithe ó South and City College Bermingham go Luimneach le bualadh le hionadaithe ó Choláiste Breisoideachais Luimnigh. Bhí fáiltiú foirmeálta i Halla an Chontae ar an 15ú Bealtaine 2013.

Comhairle Contae Luimnigh agus New Brunswick
Shínigh Comhairle Contae Luimnigh agus New Brunswick comhaontú nasctha le chéile in Aibreán 1999. Mar aitheantas ar an gcairdeas a d'fhás eatarthu shínigh siad comhaontú eile le comhoibriú leanúnach a gheallúint eatarthu in Aibreán 2009. Tá cairdeas tar eís fás thar na blianta idir Bhaill Chomhairle Contae Luimnigh agus New Brunswick le cuairteanna rialta á dthabhairt soir siar. I 2013 thug toscaireacht ó New Brunswick cuairt ar Luimneach agus mar chuid den toscaireacht bhí ionadaithe ó Scoil Liachta Robert Wood Johnson a chug cuairt ar ionadaithe ó Scoil Liachta Iontrála do Chéimithe ó Ollscoil Luimnigh. Síníodh comhaontú foirmeálta idir Scoil Liachta OL agus Rutgers New Jersey Medical School.

Cumann Dheoraithe Luimnigh, Londain agus Comhairle Contae Luimnigh
Bhí seoladh oifigiúil ag Cumann Dheoraithe Luimnigh ar an 21ú Deireadh Fómhair 2011 a ndearna an Cathaoirleach agus Eugene Griffin freastal air. Thug ionadaithe ó Chomhairle Contae Luimnigh cuairt ar Londain go minic d'imeachtaí éagsúla a bhí á gceiliúradh ag an gCumann le blianta beaga anuas.

Socruithe Nasctha Ghrúpa Pobail i gContae Luimnigh

Villecrenses agus Áth Dara
Thosaigh an socrú nasctha seo i 2013 nuair a thug toscaireacht ó Villecrenses cuirt ar Áth Dara den chéad uair. Rinne teaghlaigh éagsúla in Áth Dara óstáil ar an toscaireacht agus síníodh dearbhú go ndéanfaí comhpháirtíocht nasctha i 2013. I mí na Samhna 2013, thug toscaireacht ó Áth Dara cuairt ar Aonach an Earraigh i Villecrenses agus bhí seastán acu ag an Aonach. Rinne teaghlaigh i Villecrenses óstáil ar an toscaireacht ó Áth Dara. Bhí fáiltiú ag Comhairle Contae Luimnigh do na cuairteoirí ón bhFrainc le linn a gcéad turas ar Áth Dara. Tá aontaithe ag Comhairle Contae Luimnigh ranníocaíocht bheag a dhéanamh i dtreo an chaiteachais ag baill de Thionscnamh Nasctha Áth Dara agus cuairt á thabhairt ar Villecrenses acu agus nuair a rinne siad óstáil ar thoscaireacht ó Villecrenses.

Évry-Grégy agus Maigh Rua
Chuaigh Paróiste Mhaigh Rua i mbun socraithe nasctha i 1996 le Évry-Grégy atá suite timpeall 25km lasmuigh de Pháras. Soláthraíonn Comhairle Contae Luimnigh ranníocaíocht i dtreo Thionscadal Nactha Mhaigh Rua nuair a dhéanann siad óstáil ar thoscaireacht ó Évry-Grégy. Déanann an Chomhairle cistiú ar 50% den chaiteachas a bhíonn i gceist go huasmhéid de €1000.

Comhpháirtíocht idir Schlossgymnasium i Kunzelsau na Gearmáine agus Scoileanna Fhionntain agus Iósaif sa Dún
Bunaíodh comhpháirtíocht i 2013 idir na scoileanna thuas mar thoradh ar theagmháil a déanadh tríd an nasc le Hohenlohekreis. Thaisteal grúpa daltaí ó na scoileanna thuas go Kunselsau in Aibreán 2013 agus ina dhiaidh sin thaisteal grúpa daltaí ó Kunselsau go scoileanna Fhionntain agus Iósaif sa Dún. Rinne Comhairle Contae Luimnigh ranníocaíocht bheag trí íoc as chostas an chósite ó Aerfort Átha Cliath agus rinne sí óstáil freisin ar fháiltiú i Halla an Chontae.

Comhchaidreamh Nasctha Chomhairle Cathrach Luimnigh

Nascadh le Quimper, na Fraince
Tá an chéad chathair a rinne nasc le Luimneach suite cúpla míle ón bhfarraige i mBriotáin na Fraince. Tá daonra Quimper agus Luimnigh mar a chéile. Bhí sé mar chuspóir ag na Coistí Nasctha sa dá chathair an ceangal agus an cairdeas idir an dá chathair a neartú agus a leathnú, ach is beag teagmhála a bhí ann le blianta beaga anuas.

Caidreamh Cathrach le Spokane i Stát Washington
Tosaíodh ar an gCaidreamh Cathrach idir Luimneach agus Spokane go hoifigiúil ar an 4ú Márta, 1990 nuair a shínigh Méara Spokane agus Méara Luimnigh comhaontú ag nascadh an dá chathair. Ar chuspóirí an Chomhchaidrimh Cathrach seo tá cairdeas agus comhthuiscint a chothú agus a spreagadh idir an dá chathair agus imeachtaí a bhaineann le Cultúr na hÉireann a thabhairt go Spokane. Thug toscaireacht de 60 duine ó Spokane cuairt ar Luimneach i 2013 agus táthar ag súil leis go dtabharfaidh toscaireacht bheag ó Chomhairle Cathrach Luimnigh cuairt ar Spokane i 2014.

Soláthar

Ceapadh Oifigeach Soláthair do Chomhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh i mí Eanáir 2013.

Ar ról an oifigigh tá soláthar Chorparáideach a dhéanamh, treoir agus tacaíocht a thabhairt maidir le soláthar, cabhrú le doiciméid thairisceana a úllmhú agus forbairt a dhéanamh ar dhoiciméadacht agus teimpleáid chaighdeánacha le húsáid sa phróiseas soláthair.

I rith 2013 baineadh an méid seo a leanas amach:

- Fuair 40 ball foirne oiliúint inmheánach ar Rialacha Soláthair Phoiblí Náisiúnta agus Eorpacha.
- Glacadh le creat náisiúnta fuinnimh agus dul chun cinn ar fhorfheidhmiú na gcreat náisiúnta
- Loirgíodh tairiscintí do sheirbhísí glantóireachta as ar ceapadh conraitheoir nua do Leabharlanna Ché na gCeannaithe, Tuar an Daill, Teach Lios an Fháltaigh, Crois Theach na Foraire agus Thuar an Daill.

ACMHAINNÍ DAONNA

Jimmy Feane
Stiúrthóir Seirbhísí,
Acmhainní Daonna

- Líon Foirne
- Scéim Thairsí
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- CORE
- Pinsin
- Céimeanna maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil
- Acmhainní Daonna Táscairí Seirbhíse
- Foilseachán Bainistíochta Tuarascáil Chomparáide – 2013

ACMHAINNÍ DAONNA

Líon Foirne

I rith 2013 lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le bainistíocht a dhéanamh ar a riachtanais fhoirne i gcomhthéacs thréimshe sriantachta airgeadais. Mhéadaigh éileamh i réimsí áirithe ach tharla laghdú i réimsí eile. Ba é an líon foirne, ag áireamh na bhfostaithe páirtaimseartha, ná 1191 ar an 31ú Nollaig 2013

Cuireadh líon teoranta comórtais ar siúl le postanna riachtanacha a bhí ceadaithe a líonadh, in éineacht le héascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht i scéimeanna náisiúnta fostaíochta, mar Job-Bridge agus Socrúchán Phrintíseach Iomarcach, etc. Déanadh freastal ar 71 mac leínn i rith 2013 le socrúcháin le cabhrú lena staidéar.

Miondealú ar phoist le haghaidh agallaimh ar bhonn fireann/baineann

	Fireann	Baineann
Líon na nIarrthóirí	229	115
Líon na nIarrthóirí a glaodh chun agallaimh	86	41
Líon a cuireadh ar Phainéal	71	36
Líon fostaithe	22	11

Scéim Thairsí

Is tionscnamh Rialtais é seo a tugadh isteach i rith 2013 le deiseanna oibre gearrthéarma a sholáthar do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach. Thiomnaigh an Chomhairle freastal ar 150 rannpháirtí faoin scéim seo agus tosaíodh ar an earcú ag déanamh ar dara leath den bhliain le hagallamh á chur ar 174 duine.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá an Chomhairle tiomanta do leibhéal oiliúna agus forbartha foirne d'fhonn a chinntiú go mbíonn na scileanna agus na hinniúlachtaí ag na fostaithe lena ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach. Déantar plean oiliúna a fhorbairt go bliantúil a thiomsaíonn na riachtanais oiliúna a bhíonn aitheanta ag an bhfoireann agus a mBainisteoirí Líne tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Leanann Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta le bheith mar chuid suntasach de Phlean Oiliúna 2013. Tacaíonn an Chomhairle freisin le breisoideachas, nuair is féidir é, trí chistiú a chur ar fáil d'fhostaithe indibhidiúla.

CORE

Is córas bogearraí é CORE le riaradh a dhéanamh ar gach córas acmhainní daonna ar a n-áirítear párolla, pinsean, oiliúint agus am/freastal.

Tosaíodh obair ar chóras amháin a chruthú don Chomhairle nua i Márta 2013 agus thóg sin 10 mí le críochnú. Bhí foireann ó Ranna éagsúla .i. Acmhainní Daonna, T.F. Airgeadas agus Bainisteoirí Líne/Riaracháin bunaithe inár n-íostaí/oifigí éagsúla rannpháirteach san obair seo. Baineadh an spriocdháta le bheith beo ar an 10ú Nollaig 2013 amach.

Pinsin

Íocadh 15 aisce cnapshuime i rith 2013 de réir scéime pinsin na Cathrach. Is é seo a leanas luach iomlán na n-íocaíochtaí seo:

Cnapshuimeanna Comhlána a íocadh	€443,449.55
Aisbhaintí a déanadh	€31,086.77
Glan-Chnapshuimeanna a íocadh	€404,748.31

D'éirigh 12 fostaí as faoin Scéim Iomarcaíochta Deonaí agus ba é luach na gcnapshuimeanna a íocadh ná €447,058.97.

Íocadh 16 aisce cnapshuime i rith 2013 de réir scéime pinsin an Chontae. Is é seo a leanas luach iomlán na n-íocaíochtaí seo:

Cnapshuimeanna Comhlána a íocadh	€543,740.96
Aisbhaintí a déanadh	€21,637.29
Glan-Chnapshuimeanna a íocadh	€522,103.67

D'éirigh 11 fostaí as faoin Scéim Iomarcaíochta Deonaí agus ba é luach na gcnapshuimeanna a íocadh ná €487,210.09.

Céimeanna maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil s

Feidhmíonn an Chomhairle scéimeanna le freastal ar an bhfoireann a fhanann sa bhfórsa oibre ach a dhéanann freagrachtaí teaghlaigh a chomhlíonadh nó a théann sa tóir ar dheiseanna eile. Is iad na huimhreacha atá i gceist ná:

Saoire Thuismitheora	60
Comhroinnt Oibre	76
Sos Gairme/ar Iasacht	46
Saoire Ghearr gan phá	15

Táscairí Seirbhíse:

Oiliúint Chathrach – 4.82% Chontae – 4.01%
Saoire Bhreoiteachta Neamhdheimhnithe - 0.40%
Saoire Bhreoiteachta Deimhnithe – 4.06%

Táscairí Seirbhíse Acmhainní Daonna

C1 Laethanta Oibre caillte de bharr breoiteachta		
A.	Ceátadán laethanta oibre caillte le heasnamh breoiteachta trí shaoire dheimhnithe	4.06 %
B.	Ceátadán laethanta oibre caillte le heasnamh breoiteachta trí shaoire neamhdheimhnithe	0.40 %
	Líon na laethanta oibre caillte le heasnamh breoiteachta trí shaoire dheimhnithe	9549
	Líon na laethanta oibre caillte le heasnamh breoiteachta trí shaoire neamhdheimhnithe	947.5
	Líon iomlán na foirne (Coibhéis Lánaimseartha) ag deireadh mí na Nollag 2012 (de réir thuairisceán foirne DECLG do dheireadh 2012)	1035.89

C2c Oiliúint agus Forbairt Foirne		
A.	Caiteachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán de chostas iomlán an phárolla:	3.93 %

TAISTEAL & IOMPAR

Paul Crowe
Stiúrthóir Seirbhísí,
Taisteal & Iompar

- Clár Oibreacha Bóthair 2013
- Taisteal níos Cliste/Inbhuanaithe
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Táscairí Seirbhíse Rialtais Áitiúil 2013 - Comhairle Contae Luimnigh
- Tionscadal Chéanna na Cathrach
- Clár Athdhromchlaithe bóthair 2013
- Bealaí Ghlasa
- Oifig Deartha Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir

TAISTEAL & IOMPAR

Sráidbhaile Mungairit

Clár Oibreacha Bóthair 2013

Oibreacha Athdhromchlaithe ar Bhóithre Náisiúnta
Déanadh oibreacha athdhromchlaithe áitiúla i roinnt áiteanna ar an N69 chomh maith le hobair fhorleagain ag Clár Aidhne.

Déanadh forleagadh freisin ar an N21 ag Áth Dara agus Áit Tí Flainn.

Oibreacha Feabhsúcháin Shráidbhaile Mhungairit
Déanadh obair i Sráidbhaile Mhungairit le feabhas a chur ar shábháilteacht an bhóthair agus feabhas a chur ar thaitneamhacht radhairce an tsráidbhaile. Is é a bhí sna hoibreacha ná cosáin, siúlbhealaí agus limistéir ghlasa chomh maith le Soilsiú Poiblí nua. Déanadh cúngú ar an mBóthar Réigiúnach atá ann go 6m go ginearálta le 3 thrasrian ardaithe coisithe, timpeallán nua uirbeach agus páirceáil roinnte agus áiteanna siúlóide. Tá an Scéim Soilsithe Poiblí ar an gcéad cheann sa tír a úsáideann teicneolaíocht solais LED.

Oibreacha Sonracha Feabhsúchaín
Fuarthas deontas de €1,060,000 d'oibreacha feabhsúcháin ag roinnt láithreacha ar Bhóithre Réigiúnacha i 2013. Ar na hoibreacha a déanadh bhí críochnú feabhsúcháin ar chosáin an R523 Carraig Chiarraí, Áth an tSléibhe agus an R522 Drom Collachair.

Feabhsúcháin Sábháilteachta Ísealchostas
Fuarthas deontas €170,000 d'Fheabhsúcháin Shábháilteachta Ísealchostais ag ceithre láthair sa Chontae agus chuathas ar aghaidh le hoibreacha ag ceithre láthair An Fhearnáin, Maigh Rua, Normoyles Cross, Grouse Lodge & Ardromin.

Cóiriú & Athdhéanamh Dromchla
Sholáthair an Chomhairle Cóiriú Dromchla ar 14 km de Bhóithre Réigiúnacha agus 61 km de Bhóithre Áitiúla i 2013. Ina theannta sin déanadh oibreacha atógála ar 14 km de Bhóithre Réigiúnacha agus 81 km de Bhóithre Áitiúla i gcaitheamh na tréimhse céanna.

Comharthaíocht ar Bhóithre Réigiúnacha
Leanadh le hobair i 2013 ar an gclár le Comharthaíocht a fheabhsú ar Bhóithre Réigiúnacha an Chontae.

Cothabháil Gheimhridh
Arís b'am gnóthach a bhí i gCothabháil Gheimhridh d'fhoireann na Comhairle a bhí páirteach i réamhchóireáil agus cóireáil bhealaí Tosaíochta 1 & Tosaíochta 2 d'fhonn iad a choimeád saor ó oighear.

Trealamh Meicniúil Giomnáisiam ar Pháirc na Canála

Cathair Luimnigh - Taisteal Níos Cliste

Taisteal níos Cliste/Inbhuanaithe

I 2012, d'fhógair an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gur tugadh an chéad áit as 39 iarratas do chomhaighneacht ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Cathrach Luimnigh i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh, ar tugadh "Togra den Scoth" air le Taisteal níos Cliste a chur chun cinn i mórcheantar Chathair Luimnigh a raibh infheistíocht de €9 thar an tréimhse go dtí 2016 mar thoradh air.

Is í aidhm na scéime iompar taistil dhaoine a athrú, tacaíocht ó ghnólachtaí agus ó phobail áitiúla agus ba chóir go dtiocfadh laghdú ar bhrú tráchta agus ar thruailliú, feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre, go gcruthófaí deiseanna fostaíochta go háitiúil, agus go dtiocfadh feabhas ar shláinte agus fholláine dhaoine, chomh maith le feabhas a theacht ar na bailte agus na sráid-dreacha áitiúla, dá bharr.

Tosaíodh ar Oibreacha Infreastruchtúir i 2013 ar an gcosán a shíneann ó Dhroichead Áth Longfoirt ar bhruach na habhann chomh fada le Droichead Guinness ag Páirc na Canálach. Tá dhá líomatáiste scíthe ar an mbealach ag soláthar suíocháin agus seastáin rothar. Tá trealamh meicniúil gleacaíochta curtha isteach freisin chun úsáide caitheamh aimsire. Ar mhaithe le sábháilteacht na ndaoine a úsáideann an cosán tá CCTCV agus soilse curtha isteach. An chéad chéim eile de na hoibreacha infreastruchtúir: tosófar ar an nasc idir Cathair Luimnigh agus Ollscoil Luimnigh ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath i Márta 2014.

Tosaíodh ar pháirceáil sábháilte rothar a sholáthar i Lár na Cathrach, leis an bpáirceaíl sábháilte rothar laistigh i gcarrchlós ilstórach Shráid Anna na Cathrach críochnaithe. Tá Scéim na Rothar ar Cíos don Phobal tar éis teacht go Luimneach i Samhradh 2014. Tá Taisteal níos Cliste Luimnigh (LST) tar éis suíomh gréasáin nua a choimisiúnú mar chuid den chlár margaíochta agus caidrimh. Tá sé le seoladh in Aibreán 2014.

Tá Tionscadal Scoile Taistil níos Cliste Luimnigh á sholáthar i gcomhpháirtíocht le clár Taistil na Scoileanna Glasa ag An Taisce. Tá sé mar aidhm ag Tionscadal Taistil níos Cliste Luimnigh (LST) oibriú le gach ceann den 51 scoil laistigh de limistéar an staidéir. Déanadh teagmháil le 15 scoil le linn na scéime píolótach i Meán fómhair 2013, tugadh cuireadh do 7 scoil eile agus chuaigh 2 scoil eile leis an gClár LST rud a thug líon iomlán na scoileanna rannpháirteach go dtí 24. Go tí seo, tá hocht gcinn de na hionaid oibre agus na campais is mó i Luimneach rannpháirteach sa chéad chéim de Chlár Ionaid Oibre agus Campais LST ag forbairt Phlean Gníomhaíochta Taistil.

I mí Feabhra 2014, seolfar an Tionscnamh Taistil Pobail anseo mar a rachfar i gcomhairle le 10 bparóiste maidir le pleanáil taistil dá gceantar áitiúil.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Léirigh na firiúirí báis ar bhóithre a d'eisigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) go bhfuair 5 duine bás i gContae Luimnigh i 2013, ar mhar a chéile le 2012 é. Cé go gcaithfear gach iarracht a dhéanamh líon na ndaoine a fhaigheann bás a laghdú, tá an figiúr seo i bhfad níos ísle ná mar a bhí don tréimhse trí bliana go dtí 2012.

Tionscadal Tarrthálaí
Leanadh leis an tionscnamh rathúil an Tionscadail Tarrthálaí, atá faoi stiúir An Garda Síochána agus tacaíocht aige ó Sheirbhís Otharcharranna Luimnigh, an FSS, Seirbhís Dóiteáin Chathair agus Chontae Luimnigh agus Rannóga Sábháilteachta ar na Bóithre Chomhairlí Contae & Cathrach Luimnigh i rith 2013 agus cuireadh dhá thaispeántas ar siúl sa Southcourt Hotel an Ráithín ar an 19ú agus 20ú Samhain, 2013.

Bhí an-ghlacadh ag institiúidí dara & tríú leibhéal sa Chathair agus sa Chontae araon leis agus tá sé anois mar chuid de chlár na hidirbhliana. D'fhreastal os coinn 1600 mac léinn dara leibhéal & Ógtheagmhála ar an imeacht i rith 2013. Is cuntas an-mhacánta atá sa Tionscadal Tarrthálaí ar fhírinne Sábháilteachta ar Bhóithre in Éirinn inniu leis na mic léinn a bhí rannpháirteach sa chlár ag fáil eolais agus chomhairle an-láidir ar chontúirtí agus torthaí imbhuailtí tráchta bóthair.

Tionscadail Tarrthálaí Imeacht Sábháilteachta ar Bhóithre, South Court Hotel An Ráithín

Maoir Scoile Sóisearach
Lean Maoir Scoile Sóisearacha bhunscoileanna Ráth Caola & Baile an Londraigh le áiseanna sábháilte trasnaithe a sholáthar dá gcomhdhaltaí i rith 2013. Baineann rath na scéime, atá ag feidhmiú sa Chontae ó 1975, le tiomantas ollmhór na ndaltaí, na dtuismitheoirí, na múinteoirí agus na nGardaí.

Traenáil Sábháilteachta Rothaíochta
Bliain rathúil arís ab ea 2013 don chlár ar Scileanna agus Sábháilteachta Rothaíochta agus bhí 648 dalta ó scoil náisiúnta is fiche sa Chontae rannpháirteach ann i rith 2013. Cuirtear an clár, a sholáthraíonn tuiscint ar theoraic sábháilteachta rothaíochta, cúram rothair agus sábháilteacht phraiticiúil rothaíochta do leanaí, ar siúl sna scoileanna agus é pleanáilte le hoibriú le clárama na scoile.

Maoir Scoile Sóisearach Ráth Caola

Fuair an clár seo fóirdheaontas ó Chomhairle Contae Luimnigh agus fuair sé tacaíocht airgeadais chomh maith ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

An Coiste um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile
Tháinig an Coiste um Shábháilteacht ar Bhóithre, atá comhdhéanta d'ionadaithe ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána, An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Rothaíocht Luimnigh, Ollscoil Luimnigh, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte & Comhairle Contae Luimnigh, le chéile ar thrí ócáid i rith 2013 le plé a dhéanamh ar cheisteanna mar:-

- Iompar Poiblí/Taisteal níos Cliste
- Luasteroainneacha
- Imbhuailtí
- Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Bainistíocht Tráchta agus Éigeandála
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Comharthaíocht
- Plean do Shábháilteacht ar Bhóithre.

Fodhlíthe luasteorann
Ghlac an Chomhairle leis na Fodhlíthe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainn) Chontae Luimnigh i 2013 a raibh síneadh ar an luasteorainn 60kph ag O'Rourkes Cross ar an N20 mar thoradh air agus luasteorainn 60kph a thabhairt isteach ag Cróch ar an N21 i ndiaidh oibreacha maolaithe tráchta ag an láthair sin.

CPS Iompair & Infreastruchtúir
Tháinig Coiste Iompair & Infreastruchtúir na Comhairle le chéile ar cheithre ócáid i 2013, ar a n-áirítear an chéad chomhchruinniú idir bhaill CPS na Cathrach & Contae. I measc na n-ábhar a phléigh an Coiste bhí:

Dul chun cinn ar an gClár Taistil níos Cliste sa Chathair & a Purláin
Dul chun cinn maidir le Bunú Uisce Éireann
Clár Cothabhála an Gheimhridh

Táscairí Seirbhíse Rialtais Áitiúil 2013 - Comhairle Contae Luimnigh

R1: Clár Athchóirithe Bóthar - Táscaire A – Clár Athchóirithe			
Catagóir Bóthair	Clárú Feabhsú (Kms)	Cothabháil Athchóirithe (Kms)	Iomlán na gCatagóir (Kms)
Réigiúnach	17.7	14.8	32.5
Áitiúil	82.8	61	143.8
Iomlán chatagóir na n-oibreacha	100.5	75.8	176.3
Restoration Programme Total (Kms)			**176**

R1: Clár Athchóirithe Bóthar – Táscaire B – Deontais d'Fheabhsúcháin Sonracha	
Fad an Bhóthair a tógadh faoi Dheontas Feabhsúcháin Sonrach 2013 (kms)	2.53 km

Tionscadal Chéanna na Cathrach

Críochnaíodh uasghrádú ar Ché an Easpaig, Cé Uí Uallaigh agus Cé Hairbhí, Sráid Shisil Íochtarach, agus Sráid na Sionainne Íochtarach ar a n-áirítear Trasrian Síogach nua ar Shráid Mhala ag deireadh 2013.

Leanann an obair seo ar uasghrádú a críochnaíodh le déanaí ar shráideanna i Lár Chathair Luimnigh agus i dTrá Uí Cheallacháin agus Trá Mhic Fhlanncha. Soláthraíonn críochnú an tionscadail seo timpeallacht cois uisce ar ardchaighdeán i lár na cathrach chun úsáide an phobail cois abhann agus an gnó atá ann.

Tá sé ar intinn go bhfeidhmeodh an t-uasghrádú mar spreagadh le gnó a mhéadú ar na sráideanna seo agus le tuilleadh gnó agus cuairteoirí a

Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority

Soláthrófar Wifi in aisce sa cheantar agus beidh sé ina cheantar mór i lár na cathrach le himeachtaí a chur ar siúl ann. Bhí na hoibreacha a chosnaigh timpeall €5.0 páirtchistithe ag Deontas ón gciste Infheistíochta i mBonneagar Turasóireachta á riaradh ag Fáilte Éireann leis an bhfuílleach á sholáthar ag Comhairle Cathrach Luimnigh.

Clár Athdhromchlaithe bóthair 2013

I rith 2013 lean an Rannóg Iompair agus Taistil le cothabháil a dhéanamh ar Bhóithre agus Chosáin Chathair Luimnigh. Déanadh méid ollmhór deisiúchán ar bhóithre agus ar chosáin ar fud na Cathrach. Sa tábla thíos tá mionsonraí ar na hoibreacha suntasacha feabhsúcháin ar bhóithre agus ar chosáin a déanadh ar chostas os cionn €1,500,000.

Céide na Coiribe	Bóthar na hInse	Páirc Merval
Sruthán na Fuinseoige	Páirc Fort Mary	Céide Í
An Cuarbhóthar Thuaidh	Bóthar Fhearann Seoin	Gairdíní Belfield
Lána Uí Mhaoilchaisil	Plás Mhoin Cinit	Scoil Carmel An tSráid Nua
Ascaill Uí Aonghasa	Sráid an Chógánaigh	Sráid San Proinsias
Sráid an Dáibhisigh	Sráid Mhungairit	Sráid Ghearóid Uí Ghríofa Bheag
Sráid na Danmhairge	Ardán Pháirc an Mhargaidh	Bóthar an Bháin Mhóir Páirc Uí Chinnéide
Sráid Uí Mhaoldomhnaigh	Bóthar an Chnoic Ghlais	Páirc Granville
Bóthar Mhuileann na Fola	Ascaill na Mainistreach	Gairdíní Bhailtín na Trá
Bailtín Sheoirseach	Seansráid an Mhuilinn Ghaoithe	Ascaill Cholbaird Baile Shinéad
Bóthar Cratloe	Ascaill Summerville	Ascaill na Cúirte Brice
Gairdíní an Bhailtín Theas	Na Goirtíní	Gairdíní Summerville
Plás na hArdeaglaise	Páirc Delmerge	Timpeallán na Páirce Glaise
An Choill Ghlas	Gairdíní an tSáirséalaigh	Páirc Dhál gCais
Garidíní Radharc na Giúise	Páirc Mhic Cosgair	Bailtíní Uí Artagáin

Bealaí Ghlasa

Tosaíodh ar chonradh tógála do Bhealach Glas ar Bhóthar Bhéal Átha na Cora i rith 2013. Tá soláthar sa tionscadal do thógáil lána bus isteach agus céimeanna feabhsaithe sráide ó theorainn na cathrach ag Ballinacurra Creek ar Bhóthar Bhéal Átha na Cora R526 go dtí a acomhal le Bóthar Childers R509 agus uasghrádú eile ar an gcosán, ar shoilsiú poiblí agus ar shoilse tráchta ó acomhal Bhóthar Childers suas chuig Crois an Phúinsigh.

Áireofar freisin in oibreacha an tionscadail athbhreithniú ar ghluaiseacht tráchta ar an gcarrbhealach le lanaí tráchta isteach agus amach a sholáthar, le lána bus isteach agus páirceáil ar an taobh isteach den charrbhealach mar atá léirithe ar líníochtaí na scéime. Le héascú a dhéanamh ar na céimeanna tosaíochta seo do bhusanna, déanfar oibreacha uasghrádaithe ar chosáin, ar shoilse tráchta, trasrianta do choisithe agus stadanna bus ar fhad an bhealaigh.

Is cuid de Bhealach Glas Theas Chathair Luimnigh na hoibreacha seo, agus beidh seo nasctha le hoibreacha an Bhealaigh Ghlas a rinne Comhairle Contae Luimnigh ar Bhóthar Neasáin sa Ráithín.

Oibreacha á ndéanamh ar an mBealach Glas

Scéim Fhainge go Luimneach

Tá tosaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar Sheirbhísí Comhairliúcháin Innealtóireachta a sholáthar do Scéim Feabhsúcháin Bóthair Fhainge go Luimneach. Soláthróidh an scéim bóthar ar ardchaighdeán le Caladh Fhainge a nascadh leis an M7/N18 ag Luimneach. Faoi láthair nascann an Bóthar Náisiúnta den Dara Grád N69 Faing agus Luimneach ar 32km de charrbhealach singil.

Mid West
National Road Design Office

Soláthróidh an scéim rochtain feabhsaithe ar Chaladh Fhainge chomh maith le tacaíocht don mhéadú a cheaptar a thiocfaidh ar a acmhainn agus a úsáid faoi mar atá san imlíne a thugtar i bPolasaí Náisiúnta na gCalafort 2013 an rialtais. Bhí uasghrádú ar bhonneagar an bhóthair chuig Caladh Fhainge ó Luimneach mar phríomh-mholadh i máistirphlean Chuideachta Poirt Fhainge/na Sionainne, is é sin Fís 2041, a foilsíodh níos luaithe i mbliana.

Déanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh bainistíocht ar an scéim tríd an Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiunta an Iarthair Láir. Tosaíodh ar an gcéad mhórchéim den phróiseas le fógraíocht do chomhairleoirí a chuirfeadh an scéim chun cinn trí bhealach a roghnú, a dhearadh agus nósanna imeachta reachtúla. Táthar ag súil leis go gceapfar comhairleoirí níos déanaí i mbliana le roghabhealach roghnaithe i 2014. Rachfar i mbun mhórphróiseas comhairliúcháin leis an bpobal, le húinéirí talún agus le príomhpháirtithe leasmhara eile.

Tá acmhainn sa scéim agus i méadú ar Chaladh Fhainge le tacú le fás inbhuanaithe geilleagrach agus fostaíocht a sholáthar do Luimneach agus do Réigiún an Iarthair Láir.

Creidiúnú Seachtrach

Leanann Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir le caighdeáin an ISO 9001:2008 a choimeád in éineacht le creidiúnú NSAI agus CPD le hInnealtóirí na hÉireann.

SEIRBHÍSÍ UISCE, ÉIGEANDÁLA & COMHSHAOIL

Josephine Cotter-Coughlan
Stiúrthóir Seirbhísí, Seirbhísí Uisce agus Éigeandála

SEIRBHÍSÍ UISCE
- Caomhnú Uisce
- Acmhainn Uisce
- Oibríochtaí Ginearálta Uisce agus Fuíolluisce
- Cáilíocht Uisce
- Deontais um Thoibreacha Príobháideacha
- Aistriú chuig Uisce Éireann
- Conradh do Mhéadrú Uisce
- Fógra maidir le Cur Isteach ar Sholáthar Uisce

SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA
- Cosc Dóiteáin, Rialú Tógála & Rannóg na bhFoirgneamh Contúirteach
- Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Oibríochtaí i gcás Dóiteáin nó Éigeandála
- Bainistíocht ar Mhóréigeandáil
- Cosaint Shibhialta

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL
- An Roinn Comhshaoil
- Bonneagar Dramhaíola
- Rialacháin Dramhaíola – Údarú ar a n-áirítear Deonú agus Iniúchóireacht
- Bainistíocht Bruscair
- Glanadh Sráide i gCathair Luimnigh
- Oifig Réigiúnach an Deiscirt um Bainistíocht Dramhaíola
- Oideachas agus Feasacht
- Seirbhísí Tréidliachta
- Páirceanna agus Gairneoireacht
- Rialúchán Truaillithe agus Bainistíocht Chaighdeáin Uisce
- Úirleachais / Reiligí 2013
- Tuarascáil Chomparáide Fhoilseachán Bainistíochta - 2013

SEIRBHÍSÍ UISCE

Soláthraíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh soláthar uisce óil do thimpeall 61,000 teaghlach sa Chathair agus sa Chontae agus do níos mó ná 8,500 láthair feirmeoireachta, gnó agus tionsclaíoch. Ina theannta sin oibríonn an Chomhairle 54 saoráid fuíolluisce, ag freastal ar na lonnaíochtaí móra sa Chathair agus sa Chontae.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tiomanta d'fhorfheidhmiú na straitéise cúig bliana Seirbhíse Uisce a ndearna an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faomhadh uirthi. Tá soláthar sa straitéis do sholáthar straitéiseach, d'athshlánú agus do chothabháil na gcóras soláthair, dáilte agus caomhnaithe uisce sa Chathair agus sa Chontae.

Rinne Roinn na Seirbhísí Uisce, mar a n-áirítear uisce agus fuíolluisce, bainistíocht ar chlár suntasach caipitil agus ioncaim i 2013. Tá soláthar éifeachtach seirbhísí uisce agus fuíolluisce sa Chathair agus sa Chontae fós mar thosaíocht ag an rannóg seo.

Leanadh leis an infheistíocht sa bhonneagar uisce agus fuíolluisce i 2013 le dul chun cinn suntasach ar scéimeanna éagsúla uisce agus séarachais ar fud na Cathrach agus an Chontae. Ar na mórthionscadail ar tugadh futhu áirítear Tionscadail Aimsithe & Deisiú, Tionscadail Chaomhnaithe Uisce Athshlánaithe Príomhlíonra Uisce, agus oibreacha tógála ar Scéim Séarachais Mhungairit, Scéim Séarachais Chill Mocheallóg agus Scéim Séarachais Thobar Phádraig.

Caomhnú Uisce

Tá caomhnú uisce mar phríomhfhócas ag Comhairle Cathach agus Contae Luimnigh le soláthar sábháilte, slán agus éifeachtach uisce óil a chinntiú ar fud gach scéim uisce poiblí.

Tá laghdú ar leibhéal an uisce nach bhfuil cuntas air mar thosaíocht lárnach ag an Roinn. Chuige sin tá roinnt scéith suntasach aitheanta agus deisithe ag an gComhairle i 2013 ar déanadh méid suntasach uisce a shabháil dá bharr.

Ba chóir do thomhaltóirí dul chuig Rannóg Seirbhísí Uisce ag suíomh gréasáin na Comhairle: //www.lcc.ie le bheith ar an eolas maidir leis na céimeanna is féidir leis an dtomhaltóir a ghlacadh le cabhrú le leibhéal úsáide usice a laghdú.

Acmhainn Uisce

Tá acmhainn Ionad Cóireála Uisce Bhaile Chláir tar éis méadú thar am ó 50 milliún lítear in aghaidh an lae go 87 lítear in aghaidh an lae. D'fhéadfadh an fhorbairt straitéiseach bhreise ar an saoráid uisce seo méadú suntasach a chur ar acmhainn an ionaid sa bhfadtéarma agus cosaint a dhéanamh ar sholáthar uisce óil sa Chathair agus sa Chontae.

Oibríochtaí Ginearálta Uisce agus Fuíolluisce

Tá fórsa oibre faoin aer de 91 fear ag Roinn Sierbhísí Uisce Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a fhreagraíonn do riachtanais laethúla na dtomhaltóirí agus an phobail i gcoitinne. I 2013 d'fhreagair siad do líon suntasach gearán a bhí taifeadta. Ba ghearáin éagsúla iad seo ó shéaraigh a bhí múchta go brú íseal uisce, etc.

Ba é a bhí mar mheán-am le déileáil le gearán ná níos lú ná 1 lá agus i mórán cásanna i gcás éigeandála soláthraíodh freagra láithreach bonn. In éineacht leo seo d'fhreagair criúnna d'iarratais ar nasc nua a dhéanamh leis an bpríomhlíonra uisce, briseadh sa phríomhlíonra agus iarratais ar nasc nua séarachais a dhéanamh.

Cáilíocht Uisce

Tá eolas ar fáil ar cháilíocht uisce óil do sholáthar uisce príobháideach agus poiblí trí chliceáil ar an gcnaipe 'Cáilíocht Uisce Óil' ar leathanach baile shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Luimnigh. Áirítear san eolas seo mionsonraí maidir le :–

- Gach sampla den uisce óil a ndearna Comhairle Contae Luimnigh anailís air;
- Tuarascáil na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar cháileacht an uisce Óil a sholáthraíonn an Chomhairle;
- Mionsonraí na dTuarascálacha Iniúchóra a rinne an GCC ar sholáthairtí indibhidiúla uisce; agus
- Liosta Beartaíochta Ceartaitheach feabhsúchán

ar sholáthairtí uisce ar leith le habhaigh a thabhairt ar cheisteanna ar leith a bhaineann le cáilíocht uisce.

De réir na Rialacháin um Uisce Óil /Uimh. 2) 2007, tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair uisce óil don phobal. Bíonn teagmháil rialta ag Saotharlann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ar é an tÚdarás Maoirseachta é do gach uisce óil a sholáthraíonn an Chomhairle.

In éineacht lena ról monatóireachta ar uisce óil, déanann an Saotharlann monatóireacht freisin ar dhoirteadh ó ionaid chóireála fuíolluisce, ar cháilíocht uisce abhann agus snámha.

Faoi na Rialacháin um Scartadh Dramhuisce (Údarú) 2007 (I.R. Uimh. 684 de 2007) tá ar na húdaráis áitiúla iarratas a chur chuig an GCC le húdarás a fháil do gach scartadh óna n-oibreacha fuíolluisce chuig gach uisce. Tugann an GCC ceadúnas do na hIonaid Chóireála Fuíolluisce. Tá liosta ceirtleán ceadúnaithe ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Luimnigh.

Is féidir féachaint ar an iarratas iomchuí ar cheadúnas, ar cheadúnas scartadh eisithe ag an GCC agus ar an Tuarascáil Bhliantúil Comhshaoil (TBC) ar shuíomh gréasáin an GCC: http://www.epa.ie

Clár Uisce Tuaithe 2013:
Fuair Comhairle Contae Luimnigh leithdháileadh deontais Chlár Uisce Tuaithe de €1,098,630 i 2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus cheadaigh an leithdháileadh infheistíocht i réimsí mar:

- Deontais le hUasghrádú a dhéanamh ar Ghrúpscéimeanna Uisce atá ann
- Tráthcheangal ar Ghrúpscéimeanna Soláthar Uisce
- Feabhsúchán ar Sceímeanna Beaga Uisce Poiblí agus Séarachais

Fóirdheontas i leith chostais oibríochta Ghrúpscéimeanna Uisce:
Soláthraíonn an fóirdheontas oibríochta cúnamh do ghrúpscéimeanna uisce a sholáthraíonn uisce chun úsáide tí. Tá grúpscéimeanna uisce i dteideal fóirdheontais agus réamhíocaíocht fhóirdheontais gach bliain. Fuair 42 Grúpscéim Uisce fóirdheontas i leith a gcostais oibríochtúla i 2013 le €841,400 á íoc ar fad.

Deontais um Thoibreacha Príobháideacha

Íocadh deontais de €132,648 ar fad le 78 duine indibhidiúil faoin gceannteideal seo i 2013. Is í aidhm an deontais cabhrú le daoine príobháideacha uisce óil ar dhea-chaighdeán a sholáthar dá dteach. Is féidir deontas d'uasmhéid €2,031 nó 75% de chostas na n-oibreacha, pé acu is lú, a bhronnadh. Tá foirm iarratais agus sonraí ar fáil ó rannóg na Seirbhísí Uisce ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Luimnigh.

Aistriú chuig Uisce Éireann

Thug foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ualach ollmhór oibre orthu féin i 2013 ag ullmhú don aistriú chuig Uisce Éireann. Chríochnaigh an fhoireann a bhí i gceist ceistneoirí suntasacha aimsithe fírice agus iad i dteagmháil le foireann Uisce Éireann maidir le riocht airgeadais, feidhmíocht bhonneagair, foireann agus riachtanais tuarascála Sheirbhísí Uisce na Comhairle agus rinne siad éascú ar na sonraí riachtanacha a chur le chéile d'fhorbairt Chomhaontú Sierbhíse náisiúnta.

Bhí foireann na Comhairle i dteagmhaíl le foireann an Chláir Uisce Éireann maidir le Measúnacht Tionchair a dhéanamh le héascú a dhéanamh ar fhorbairt Phlean Aistrithe do 2014– 2016.

Conradh do Mhéadrú Uisce

Rinne foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh suirbhéireachtaí ar fud na Cathrach agus an Chontae i 2013 le fairsinge an tsoláthair uisce poiblí agus príobháideach a shocrú. Rinne na suirbhéireachtaí seo éascú ar thosú an Chonradh do Mhéadrú Uisce ag Uisce Éireann.

Fógra maidir le Cur Isteach ar Sholáthar Uisce

Cuirtear eolas agus nuashonraí a bhaineann le mórchur isteach ar an soláthar uisce ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Luimnigh

Scéim Séarachais Chill Mocheallóg – WWTP Nua

Oibreacha Tógála ag Scéim Séarachais Thobar Phádraig

agus ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Luimnigh Déantar Tvuíteáil freisin ar an eolas seo ar fad ó chuntas Twitter Chomhairle Luimnigh, agus is féidir leis an bpobal Comhairle Luimnigh a leanúint ar Twitter @LimerickCouncil.

Táscairí Seirbhíse:

Seo a leanas an Táscaire Seirbhíse do Sheirbhísí Uisce:
Uisce gan tásc (UGT) mar chéatadán den toirt iomlán uisce a soláthraíodh faoina scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach

Comhairle Contae Luimnigh: 29%
Comhairle Cathrach Luimnigh: 49.2%

SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

Cosc Dóiteáin, Rialú Tógála & Rannóg na bhFoirgneamh Contúirteach

Is í aidhm do Chosc ar Dhóiteán, Rialú Foirgníochta & Rannóg na bhFoirgneamh Contúirteach sláinte, sábháilteacht agus leas na ndaoine atá sna foirgnimh sin a chinntiú, trí laghdú ar riosca dóiteáin, bealach ceart éalaithe, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus caomhnú breosla agus fuinnimh, a chinntiú.

D'fhonn sin a bhaint amach, ar dhualgais na rannóige seo áirítear measúnú ar iarratais ar Dheimhnú Sábháilteachta ar Dhóiteán agus ar Dheimhniú um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas, cigireacht ar fhoirgnimh thráchtála agus árasáin, imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus cainteanna a thabhairt ar Shábháilteacht Dóiteáin Phobail.

F3. COSC DÓITEÁIN:	CATHAIR	CONTAE
Líon iomlán na n-iarratas um theastas sábháilteachta dóiteán a fuarthas	56	95
Líon iomlán na n-iarratas ar theastas sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh (ara n-áirítear cáis a ceapadh a bheith neamhbhailí)	48	86
Líon iomlán na n-iarratas a ceapadh a bheith neamhbhailí	2	5

F5. CIGIREACHT AR FHOIRGNEAMH NUA	CATHAIR	CONTAE
Cigireacht ar Fhoirgnimh Nua Foirgnimh a scrúdaíodh iad mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil		14%
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	25	273
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil ar déanadh cigireacht orthu		37

Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

STAITISTICÍ DON CHONTAE 2013	CATHAIR	CONTAE
Líon iomlán na nDeimhniú um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuarthas	35	72
Líon iomlán na nDeimhniú um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas a próiseáladh (ar a n-áirítear cásanna a ceapadh nach raibh bailí)	36	70
Líon iomlán na nDeimhniú um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuarthas	0	3

Oibríochtaí i gcás Dóiteáin nó Éigeandála

D'fhreastal Seirbhís Dóiteáin Chathair Luimnigh ar 1153 teagmhas agus d'fhreastal Seirbhís Dóiteáin Chontae Luimnigh ar 446 teagmhas idir an 1ú Eanáir agus an 31ú Nollaig, 2013.

Coimeádadh Deimhniú ar Chaighdeán Cáilíochta ISO9001:2008 agus agus Deimhniú Sláinte & Sábháilteachta OHSAS 18001:2007 i Seirbhís Dóiteáin Chontae Luimnigh.
Rinne Comhraiceoirí agus Oifigigh Dóiteáin Chathair Luimnigh na hiaroifigí cosctheachta dóiteán ag Stáisiún Dóiteáin Chathair Luimhigh a iompú ina ionad oiliúna agus forbartha.

Leanadh le hoiliúint ar fhorfheidhmiú céimneach ar na Treoirlínte Caighdeánacha Náisiúnta Oibriúcháin (TCOanna), Cúrsa Fo-Oifigeach NDFEM-creidiúnaithe, Gaireas Análaithe (GA), Oiliúint athnuachana, oiliúint earcach, an Chéad Fhreagróir Cairdiach, Teagascóir Faofa Tiomána, an Chéad Fhreagróir Éigeandála, Raidió Ardmhinicíochta Muirí, Modhanna Iontrála, Nósanna Imeachta maidir le hImbhualadh Tráchta Bóthair chomh maith le Cúrsaí agus Seimineáir éagsúla Oiliúna Oifigeach Sóisearach agus Sinsearach.

Sholáthair teagascóirí na Seirbhíse Dóiteáin oiliúint Mhúchtóra Dóiteáin agus Mhaoir Dhóiteáin d'fhoireann ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus do Rannán Luimnigh den Gharda Síochána.

Chuir pearsanra dóiteáin clár Sábháilteachta Dóiteáin na Scoileanna i láthair dhaltaí Rang 4 sna bunscoileanna.
Déanadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Ráiteas Sábháilteachta na Seirbhíse Dóiteáin agus Tarrthála.

Bhí comhraiceoirí dóiteáin ó Chathair Luimnigh rannpháirteach i gcomhstaidéar taighde le hOllscoil Luimnigh ar bhithmheicnic fhuascailte as feithiclí a bhí i dtimpiste.

F1. Slógadh Seirbhíse Dóiteáin	CATHAIR	CONTAE
Meán-am, i noiméid le briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha le tabhairt faoi thine	1noim 32 soic	n/a
Meán-am, i noiméid le briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choinnithe) le tabhairt faoi thine	n/a 11soic	5noim
Meán-am, i noiméid le briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha maidir le gach teagmhas eile éigeandála	1noim 44soic	n/a
Meán-am, i noiméid le briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choinnithe) maidir le gach teagmhas eile éigeandála	n/a	5noim 45soic

F2. Céatadán de Fhreastail ar Láithreacha	CATHAIR	CONTAE
Céatadán na gcásanna ag a raibh an chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	86.52	27.59
Céatadán na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	11.95	55.17
Céatadán na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad	1.536	17.24

% na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	82.19	26.49
% na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad freastal ar an láthair tar éis nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	14.57	53.64
% na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad freastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad	3.239	19.87
Líon iomlán na dteagmhas dóiteáin	**794**	**203**
Céatadán na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad 56		507
Céatadán na gcásanna ag a raibh an chéad freastal ar an láthair i tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad 112		70
Líon na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad freastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad	9	35
Líon iomlán na dteagmha éigeandála eile (.i. gan dóiteán a áireamh)	359	151
Líon na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	203	40
Líon na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad freastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad 81		36
Líon na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad freastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad	8	30

Bainistíocht ar Mhóréigeandáil

- Cruinnithe an Choiste Bainistíochta Móréigeandála a tionóladh i gcaitheamh na bliana.
- D'fhreastal MEM ar chruinnithe Idirghníomhaireachta Réigiúnacha Ghrúpaí Oibre agus Stiúrtha do Réigiún an Iarthair Láir
- Oiliúint ar phearsanra Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh sna nithe seo a leanas:
- Oifigigh Bhainistíochta Fhaisnéise
- Oifigigh Idirchaidrimh leis na Meáin (Seimineár Idirghníomhaireachta)
- Plean Éigeandála Seeachtarach Atlantic Fuels nuashonraithe agus tástáilte de réir Threoir II SEVESO
- Measúnuithe Riosca MEM Chomhcheangal Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.
- Seirbhís Téacsála Sasdian Chomhcheangal Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh.
- Cathaoirleach do Phlean Ollthimpiste Réigiún an Iarthair Láir agus d'Fhoghrúpaí Deontacha Seirbhísí Éigeandála.
- Críochnaíodh Measúnú Bliantúil Náisiúnta ar ullmhacht Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh maidir le Bainsitíocht Mhóréigeandála.

Cosaint Shibhialta

Freagraíonn Cosaint Shibhialta, trí Sheirbhísí an Údaráis Áitiúil agus Éigeandála, d'fhóirithint éigeandála agus tugtar tacaíocht le feidhmiú seribhísí riachtanacha agus beatha an phobail a choimeád chomh maith le hiliomad imeachtaí pobalbhunaithe i gcaitheamh na bliana.

Is é atá in oiliúint bhunaidh d'oibrithe deonacha ná Láimhsiú, an Chéad Fhreagairt Chairdiach, Garchabhair ag an Obair, Cumarsáid, Feasacht Dóiteáin, Druil Choise, Léamh Léarscáileanna, Cuardach & Tarrtháil Bhunúsach, Cúrsaí ar Chosaint Leanaí agus Taithíocht ar Threalamh. Chríochnaigh Ceathrar Earcach is Fiche a gcúrsa tosaigh traenála go sásúil agus fuair teastasú mar Chéadfhreagróirí Cairdiacha agus mar Gharchabhróirí ag an obair.

Ansin déanann oibrithe deonacha speisialú i réimsí éagsúla le Céadfhreagairt Éigeandála, Teicneoir Míochaine, Modhanna Teagaisc, Seirbhís Dóiteáin Chúnta, Oibriú Chaidéil, Ceadúnas Raidió Ardmhinicíochta Muirí agus Liagóir – Teastais Leibhéal 2 & Leibhéal 3, cumarsáid.

Cuirtear oiliúint ar Theagascóirí sa Choláiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré i ngach disciplín agus

chuirtear breisoiliúna ar ár n-oibrithe deonacha i réimsí éagsúla – CISM, modhanna teagaisc, Bainisteoir Cuardaigh, etc.
I rith 2013, thug Cosaint Shibhialta cúnamh i mórán cuardach do dhoaine a bhí ar iarraidh, sholáthair cumhdach leighis i bPáirc Thumhan do chluichí Rugbaí na Mumhan agus FC Luimnigh. I rith na bliana bhí Cosaint Shibhialta rannpháirteach i mórán cuardach ar agus ar bhruacha na Sionainne.

Bhí bliain an-ghníomhach ag Cosaint Shibhialta Chontae Luimnigh. Lean an traenáil ar aghaidh ar fud an Chontae agus bhí pearsanra den Chosaint Shibhialta rannpháirteach i bhFeidhmiúcháin / Cleachtaí Traenála agus rinneadar soláthar ar bhealaí éagsúla ar Chúnamh don Phobal áitiúil.

I measc na nImeachtaí Traenála bhí:

- Rannpháirtíocht i gCleachtadh Náisiúnta – An Teampall Mór
- Traenáil Fliú Éanúil - Mala
- Ex Faing – (Cleachtadh Bád Abhann na Sionainne)
- Campa Traenála Bliantúil Lios Dúin Bhearna
- Deireadh Seachtaine Scileanna Tarrthála – Áth an Choite /An Brú
- Deireadh Seachtaine Uasoiliúna Taismeach Áth an Choite
- Comórtas Otharcharr Áth an Choite.

Suíomhanna Traenála

Reáchtáladh ranganna Garchabhrach Seirbhíse Cúnta Dóiteáin, Tarrthála agus Leasa sna suíomhamma seo a leanas:

- Garchabhair ag an Obair Áth an Choite Cuardach & Tarrtháil, Comms agus AFS
- Garchabhair ag an Obair Eas Géitine, Cuardach & Tarrtháil,
- Cadhcáil Ráth Caola
- AFS an Dún
- Bádóireacht Cill Dá Lua / Faing

Cúrsaí

- Áitiúil - Chríochnaigh baill cúrasaí agus fuair teastasú i nGarchabhair ag an obair, Céadfhreagairt Chairdiach agus Cúrsaí Cumarsáide Raidió, agus Mótarbhád Liebhéal a Dó.
- An Coláiste um Chosaint Shibhialta – D'fhreastal baill ar chúrsaí agus fuair teastasú i CISM, Cúrsa Teagaisc Mhodhanna, Cúrsa Teagascóra Céadfhreagróra Cairdiach, Cúrsa Céadfhreagróra Éigeandála, Ceardlann Teagascóra Raidió, Cúrsa Bainisteora Cuardaigh, Cúrsa Scileanna Cuardaigh agus Teagascóra Scileanna Cuardaigh.

Earcaíocht

- Chríochnaigh Ceathrar Earcach is Fiche a gcúrsa tosaigh traenála go sásúil agus fuair teastasú mar Chéadfhreagróirí Cairdiacha agus mar Gharchabhróirí ag an obair.

Imeachtaí / Feidhmiúcháin Pobail

Rinne an Chosaint Shibhialta cúnamh agus tacaíocht oibriúcháin a sholáthar ag iliomad imeachtaí Áitiúla, Náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an-áirítear:

Cuardaigh Do Dhaoine Ar Iarraidh	Dúshlán Mharatón Domhanda na Scoileanna - OL
Siúlóid 10k Áth An Mhuilinn	Rith mór Run & Fun Luimnigh
Siúlóid 5k Néarón Luadrach An Tseanphailís	Rás Rothaíochta Luiminigh
Operation Transformation Chaladh An Treoigh	Mórshiúl N. Pádraig An Caisleán Nua Thiar
Comórtas Cadhcála Idir-Ollscoile Ol	Lá Teaghlaigh na Seachtaine Rothaíochta OL
Féile Samhraidh Loch Gair	Aonach Fómhair Áth an Mhuilinn
Taispeántas Talmhaíochta, An Cheapach Mhór	Spórt Scoile Náisiúnta Luimnigh - OL
Mionmharatón Ban Luimnigh	Seimineár Réiteoirí - Eas Géitine
Tionscadal Um Leanaí Chernobyl	Trí-atlan An Ghleanna
Rothaíocht Charthanachta Pháidí Ó Sé	Craobhchomórtas Rámhaíochta faoi Dhíon na hÉireann
Rugbaí Cuimhneacháin James Keating-An Brú	Oscailt Chlubtheach Staker Wallace
Rás Carthannachta 10k Bhaile An Gharraí	Féile Shráidbhaile Chnoc Áine
Cuairt Thaise Naomh Don Bosco - Pailís Chaonraí	Taispeantas Seandachta an Dúna
Snámh 2.5k Na Daoile	Rás Clasaiceach Rothaíochta An tAonach
Seó Charranna Seanré Luimnigh	Grúpscéim Uisce Chill na Fíonaí
Grúpa For-Rochtana Iarthar Luimnigh	Cuairt Mhuintir kennedy ar An Brú
Snámh Thuamhan	Sacar Géageasnamhach OL
Lá Teaghlaigh Stryker	Snámh Inbhear na Sionainne
Ceiliúradh Bliana Nua Chathair An Chultúir	Rás an Duine OL

Buaicphointí sa Phobal i 2013 i gCosaint Shibhialta.
Lá Fhéile Pádraig, Imeachtaí Pháirc Thuamhan, FC Luimnigh, Féile na hAbhann, Rith Mór Luimnigh, Maratón an Daingin, Féile Mórtais Luimnigh, cuardach dhaoine a bhí ar iarraidh, siúlóid 10k Áth an Mhuilinn, Féile Samhraidh Loch Goir, Féile Talmhaíochta Na Ceapaí Móire gan ach cuid acu a lua.

Féile na hAbhann

Lá Fhéile Pádraig

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

An Roinn Comhshaoil

Clúdaíonn an Roinn Comhshaoil réimse leathan gníomhaíochta ar a n-áirítear dramhaíl, bruscar, truailliú, seribhísí tréidliachta, páirceanna, áiteanna súgartha agus reiligí.

Is féidir Linn Difríochta a Dhéanamh in Éineacht

Bonneagar Dramhaíola

Feidhmíonn an aonad bonneagair réimse iomlán saoráidí bainistíochta dramhaíla poiblí. Ar chuid de na seirbhísí sa cheantar seo áirítear:

(1) 2 Líonadh Talún le ceadúnas, Gort an Droma (gníomhach) agus An Cosán Fada (dúnta)
(2) Déanann 5 Ionad Conláiste Cathartha ag Líonadh Talún i Mungairit, Cill Mocheallóg, An Caisleán Nua, Íosta Bhóthar na Páirce agus Gort an Droma freastal ar athchúrsáil réimse cuimsitheach ábhar ar a n-áirítear dramhaíl ghlas, adhmad agus nithe níos mó mar earraí bána agus troscán.
(3) Tá 70 Banc 'Fág Anseo' suite i lonnaíochtaí ar fud na Cathrach agus an Chontae do Ghloine agus Cannaí.
(4) Tá monarcha fuinnimh amháin ag Gort an Droma a chuireann 1 MW leictreachais ar fáil.

Feithiclí Deireadh Saoil
Bhí Feithiclí Deireadh Saoil mar thosaíocht i gcónaí don fhoireann forfheidhmithe dramhaíola agus déanadh rialú ar shaoráidí neamhúdaraithe tríd an bpróiseas imthosca nó déanadh iad a dhúnadh. Tharla oibríocht ilghníomhaireachta ina raibh foireann na Cathrach agus an Chontae, An Garda Síochána, lucht Custaim agus Ioncaim rannpháirteach ar 1 láthair neamhdhleathach sa Chathair. Tá ionchúisimh á dtionscnamh maidir leis an láthair seo. Ag deireadh 2013, bhí 13 ceadúnas Ionad Cóireála Faofa Contae agus 1 Cathrach (Clóis Chonamair) i Luimneach.

Gníomhaíochtaí Dramhaíola Neamhúdaraithe
Díríonn an Chomhairle i gcónaí ar ghníomhaíochtaí dramhaíola neamhúdaraithe, ar a n-áirítear fuíollábhar tógála agus scartála agus clóis dhramh-mhiotail. Tugadh faoi mhórghlanadh ina raibh beagnach 2000 bairille de thuaslagóir guaiseach mhonarcha i gceist le cistiú na Roinne sa Chontae le fadhb fhadtéarmach comhshaoil a réiteach.

Rialacháin Dramhaíola - Údarú ar a n-áirítear Deonú agus Iniúchóireacht

Tá líon mór láithreacha dramhaíola i Luimneach atá faoi rialúcháin éagsúla faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola ar a n-áirítear

- 51 Saoráid Dramhaíola (39 Contae agus 12 Cathrach)
  Bhí Ceadúnais/Clárúcháin gníomhach i Luimneach ag deireadh 2013 ag clúdach réimhse gníomhaíochtaí ó ithreacha agus cloche, páipéar, múirín, Stáisiúin Aistrithe go Feithiclí i nDeireadh Saoil.
- 16 (13 Contae agus 3 Cathrach) Ceadúnas/ Clárú Saoráid Dramhaíola nua/faoi athbhreithniú i 2013.

Ina theannta sin tá clár leanúnach monatóireachta / ceadúcháin ann maidir le réimse leathana gníomhaíochtaí thar réimse ginearálta dramhaíola a dhéantar de réir riachtanais rialacháin EPA agus Dramhaíola ar bhonn bliantúil.

Bainistíocht Bruscair

I rith 2013, bhí foireann Bainistíochta Bruscair na Comhairle gníomhach i bhforfheidhmiú fhorálacha na nAchtanna um Thruailliú ó Bhruascar agus na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola in éineacht le fodhlíthe maidir le "Láithriú, Stóráil & Deighilt chun críche agus le linn Dramhaíola Tí agus Tráchtála a Bhailiú". Aithnítear go bhfuil polasaí éifeachtach forfheidhmithe in éineacht le feachtais fheasachta riachtanach le dul chun cinn a dhéanamh leis an méid bruscair a chruthaítear a laghdú.

- 5 Líon na nOifigeach Rialaithe Comhshaoil / Cigirí / Maor Bruscair.
- Fuarthas 3393 gearán maidir le bruscar agus dramhaíl.
- Eisíodh beagnach 700 fíneáil ar an láthair do dhaoine a bhí ciontach i gcionta a bhain le bruscar.
- 130 ionchúiseamh a glacadh faoi Acht um Thruailliú ó Bhruascar 1997 agus na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola.
- Rinneadh oibreacha glanta ag siocracha móra bruscair agus cuireadh suas comharthaí "Spotaí Dubha" agus "Cosc ar Dhumpáil" ar láithreáin agus ar bhealaí ina dtarlaíonn dumpáil neamhdhleathach.
  Ina theannta sin cuireadh aonaid CCTV ag suíomhanna roghnaithe, nuair a bhíonn sin indéanta.
- Tá fadhb suntasach le salachar mhadraí sa Chathair agus sa Chontae agus éileoidh sé cur chuige sonrach le déileáil leis an gceist seo sna blianta atá ag teacht.

Feachtas na nGasóga agus na mBanóglach in Aghaidh Salú ag Madraí

Glanadh Sráide i gCathair Luimnigh:

In éineacht lenár ngnáthchlár scuabtha sráide agus follmhaithe bruscair 365 lá sa bhliain, sholáthair an fhoireann Glanta Sráide seirbhísí tacaíochta do mhórán imeachtaí a bhí ar siúl i rith 2013 ar a n-áirítear Lá Fhéile Pádraig, Rith Mór Luimnigh, Féile na hAbhann agus an Glantachán Náisiúnta Earraigh agus eagraíochtaí éagsúla ar a n-áirítear na Bailte Slachtmhara, Going for Gold, Feabhas Miondíola Éireann agus Grúpaí Pobail.

Soláthraíodh seirbhísí bainte graifítí agus srianadh salachair agus léirigh ár gcéim IBAL go raibh an Chathair "Glan de réir Ghnás na hEorpa".

Áitritheoirí na Gráinsí ag seoladh Ghlantachán Náisiúnta Earraigh 2013

Oifig Réigiúnach an Deiscirt um Bainistíocht Dramhaíola

Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimneach an comhúdarás atá chun tosaigh le húdaráis Áitiúla Thiobraid Árann do Réigiún Nua Dramhaíola an Deiscirt. Foilsíodh fógra tosaithe don Dréachtphlean Nua Bainistíochta Dramhaíola i nDeireadh Fómhair 2013 agus leanadh ar seo le tréimhse dhá mhí de chomhairliúchán leis an bpobal. Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh i gcláir chosctha agus rátaí athchúrsála do theaghlaigh, pobail agus gnó/tionsclaíocht. Foilseofar Dréachtphleananna nua sa tríú ráithe de 2014.

Is comhpháirtí an Réigiún i dTionscadal Eorpach - Réigiúin d'Athchúrsáil (Interreg IVC) atá ag scrúdú tiomsúcháin ar Staitisticí Dramhaíola Bardais agus dea-chleachtas a roinnt maidir le cláir athchúrsála. Tá an tionscadal cistithe faoin CFRE.

IBAL Certificate

Oideachas agus Feasacht

Tá forbairt ar fhócas níos fearr ar an gcomhshaol agus ar chruthú feasachta i measc an phobail agus go háirithe i measc na ndaoine óga maidir le tábhacht timpeallachta glas agus glan ar cheann de phríomhspriocanna ár n-aonad oideachais fheasachta.

Cuireann an t-aonad seo feachtas fairsing ar siúl gach bliain ag obair le scoileanna, grúpaí pobail agus leis an earnáil gnó d'fhonn an teachtaireacht seo a chur chun cinn.

- Tá 159 scoil cláraithe le clár na Scoileanna Glasa ag An Taisce. Tá Bratach Ghlas ag 118 scoil. Bíonn ról an-ghníomhach ag scoileanna le múinteoirí ag freastal ar sheimineáir agus ceardlanna faoi Chlár na Scoileanna Glasa agus an teachtaireacht á scaipeadh ar phobal mór na scoile.
- Cuirtear ceardlanna ar siúl i gcaitheamh na bliana freisin do dhaoine éagsúla agus do ghrúpaí pobail faoin mheirge ginearálta comhshaoil ar tugadh an-tacaíocht dóibh ag ionaid éagsúla sa Chathair agus sa Chontae.
- Cuireann an t-aonad rannpháirtíocht chun cinn freisin i gcomórtas bliantúil na mBailte Slachtmhara agus cuirtear seimineáir ar siúl do ghrúpaí le cabhrú le rannpháirtíocht a mhéadú agus torthaí maithe a bhaint amach. In éineacht leis an gcur chuige seo, déanann an t-aonad bainistíocht ar an gcomórtas bliantúil Luimneach faoi Bhláth don cheantar tuaithe agus ar an gcomórtas Going for Gold do cheantar na Cathrach. D'éirigh ar fheabhas leis an dá chomórtas maidir le spreagadh a thabhairt don dea-obair a bhíonn ar siúl ag líon mór grúpaí pobail maidir le feabhas a chur ar a gceantar féin.
- Ba é Baile Slachtmhar Áth an tSléibhe a bhí mar bhuaiteoir foriomlán ar Luimneach faoi Bhláth.
- Cuireadh feachtas Going for Gold Luimnigh ar siúl i gcomhar le hIontaobhas Carthanachta JP McManus. Ba é buaiteoir foriomlán Chatagóir na mBailte Slachtmhara Going for Gold ná Baile Slachtmhar Áth an Choite, agus d'éirigh le Cathair Luimnigh Theas sa Chatagóir Dúshláin Phobail.
- Bhí os coin 2000 oibrí deonach rannpháirteach i 150 imeachtaí glanta le linn an Ghlantacháin Náisiúnta Earraigh. Tugadh málaí, lámhainní, piocairí bhruscair do scoileanna, cumainn áititheoirí, grúpaí pobail, etc.
  Leanann an Roinn Comhshaoil le tacú le grúpaí maidir le glanadh i gcaitheamh na bliana.
- Rinne Páirc an Phobail óstáil ar an gcéad Bioblitz Uirbeach sa tír i gCathair Luimnigh i mí Lúnasa. Déanadh 454 taifead ar 249 speiceas éagsúil i dtréimhse 24 uair an chloig.
- Rinne an Chathair ceiliúradh ar a 8ú lá breith do Thrádáil Chóir agus bhí sí rannpháirteach sa Choicís Trádála Cóir.

Bailte Slachtmhara Áth an Choite – Buaiteoirí an Chatagóra "Going for Gold" sna Bailte Slachtmhara

Bailte Slachtmhara Áth an tSléibhe – Buaiteoirí Luimneach Faoi Bhláth 2013

Seirbhísí Tréidliachta

Sholáthair an Rannóg Tréidliachta rialuithe tréidliachta i 22 ionad faofa próiseála feola i rith na bliana. Déantar an tseirbhís seo a sholáthar trí chonradh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ar na háitribh maoirsithe áirítear seamlais, áitribh ghearrtha feola úr agus ionaid táirgí feola suite i gCathair agus i gContae Luimnigh.

Rinne cigire tréidliachta scrúdú ar gach ainmhí sna seamlais, a raibh sé i gceist iad a mharú mar bhia do dhaoine, sular maraíodh iad agus ina dhiaidh sin, faoi mar a éilíonn an dlí sábháilteachta bia. Ba iad seo a leanas an líon iomlán ar déanadh cigireacht orthu i 2013: Eallach 2245, Caora 4345, Muca 144, Capaill 3576

Tá freagracht ar an gcigire tréidliachta freisin maidir le maoirseacht ar chaighdeáin leasa na n-ainmhithe sna seamlais. Cuireadh 83 sampla feola chuig saotharlanna oifigiúla rialaithe bia le hanailís a dhéanamh orthu faoi na cláir náisiúnta monatóireachta fhuíll agus mhicribhitheolaíochta. Bhí gach sampla sásúil.

Clúdaíonn ár Seirbhís um Rialú Madraí Cathair agus Contae Luimnigh araon. Rinne ár maoir mhadraí déileáil le 806 madra ar strae nó gan a bheith ag teastáil i rith na bliana. Díobh seo, tógadh ar ais 51 acu agus fuarthas baile nua do 378. Ar an drochuair, ba ghá 376 madra a chur chun báis.

Tugadh rialuithe nua maidir le pórúchán madraí isteach i 2012. Tá ar úinéirí áitribh ina gcoimeádtar 6 madra baineann nó níos mó chun pórúcháin iarratas a dhéanamh leis an údarás áitiúil a n-áitreabh a chlárú. Tá caighdeáin maidir le tógáil, cothabháil, oibriú agus bainistiú áitribh i gceist. Déanadh scrúdú agus clárú ar 5 áitreabh pórúcháin i 2013 de bharr na n-iarratas a fuarthas.

Tagann freagracht as déileáil le capaill ar strae faoi chúram na Seirbhíse Tréidliachta freisin. Gabhadh agus cuireadh i bpóna 352 capall ar strae i 2013 a bhfuair a n-úinéirí 18 acu ar ais. Déanann an Roinn Talmhaíochta páirtchistiú ar an seirbhís seo ach is mór an ualach ar acmhainní an dá údarás gach bliain é.

Páirceanna agus Gairneoireacht:

Rinne Páirceanna agus Gairneoireacht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cothabháil dhíreach ar 12 páirc phoiblí i 2013 agus rinne bainistiú agus cothabháil ar na háiteanna súgartha a bhain leis na páirceanna.

Chlúdaigh an clár gearrtha féir os cionn 700 acra agus bhí rannóga na bPáirceanna agus Gairneoireachta bainteach le crainn a chur, droichid faoi bhláth agus comórtais ghairdíní. Thug rannóga na bPáirceanna agus Gairneoireachta comhairle agus cúnamh d'iliomad cónaitheoir agus grúpa pobail maidir le cur agus cothabháil.

I gcuid de na páirceanna déanadh óstáil ar imeachtaí iontacha siamsaíochta ar a raibh "ceiliúradh ar an 4ú Iúil", an tSeachtain Náisiúnta Áneasa, Seachtain Náisiúnta na Rothar agus Carúil Nollag sa pháirc.

Tá obair Rannóg na bPáirceanna an-fheiceálach ar fud na Cathrach agus an Chontae a bhuíochas do chóiriú séasúrach bhláthanna agus phlandaí le feiceáil ar dhroichid agus i bpríomhlimistéir choisithe na Cathrach. Tugann seo an-radharc do chuairteoirí chun na Cathrach agus dóchas ann go gcuirfidh sé feabhas ar thaithí an turasóra a bhfuil méadú ar an líon a thagann chun an cheantair agus dóibh siúd atá ina gcónaí agus ag obair ann.

Rialúchán Truaillithe agus Bainistíocht Chaighdeáin Uisce

Tá an Rannóg Rialúcháin Truaillithe freagrach as cur i bhfeidhm Reachtaíochta Comhshaoil Rialtais Áitiúil sna réimsí seo a leanas: aer, uisce, torann agus núis. Réimse nua rannpháirtíochta don rannóg seo i 2013 ba ea cigireacht ar Umair Sheipteacha. Bhí dea-scéal ina theannta sin maidir leis An Daoil, i ndiaid deich mbliana oibre le feabhas a chur ar cháilíocht uisce san abhantrach.

Cigireacht Umar Seipteach
D'éiligh an tAcht um Seirbhísí Uisce (Leasú), 2012 clárú agus cigireacht umar seipteach agus córais eile chóireála ar an láthair. Tá timpeall le 25,000 córas dá leithéid i gContae Luimnigh, a bhfuil 90% acu cláraithe. Bhí ar Luimneach ar a laghad 50 cigireacht a dhéanamh ar chórais idir Iúil 2013 agus Iúil 2014.

Cuireadh oiliúint mar chigirí ar cheathrar ball foirne sa Rannóg um Thruailliú a Rialú i 2013 agus cláraíodh leis an EPA iad. Roghnaíodh córais chigireachta de réir an Phlean Náisiúnta Cigireachta a d'fhoilsigh an EPA i mí Feabhra 2013. Tosaíodh ar chigireachtaí i mí Lúnasa 2013 agus bhí 52 cigireacht críochnaithe faoin 31ú Nollaig 2013.

Heidi an Scréachóg Reilige agus a cara ag Urban Bioblitz

Tionscadal An Daoil
Bunaíodh foireann bainistíochta cáilíochta uisce i 2002. Thosaigh an fhoireann ag obair in Abhantrach An Daoil ag an am sin agus táthar ag leanúint le hobair ar an abhainn sin, cé go bhfuil obair na foirne tar éis leathnú le háiteanna eile sa Chontae a áireamh. Léiríonn athbhreithniú ar stádas chothaitheach An Daoil go bhfuil feabhas suntasach ar cháilíocht uisce san abhantrach ó 2002. Léiríonn an graf thíos an treocht maidir le meánleibhéal Fosfair sa Daoil ag Eas Géitine idir 2001 agus 2013. Is é Fosfar an príomhchothaitheach atá freagrach as eotrófú aibhneacha agus tá laghdú ar P riachtanach le cáilíocht uisce a fheabhsú.

Is féidir an feabhas a leagadh den chuid is mó ar roinnt nithe a bhin le hobair na foirne:
- Bruscar éanlaith chlóis a chur ar mhalairt slí ón abhantrach chuig talamh churaíochta i gCorcaigh agus i gCill Dara.
- Infheistíocht suntasach in infreastruchtúr feirme.
- Laghdú ar an úsáid a bhaintear as leasú.
- Na Rialacháin maidir le Dea-Chleachtas Talmhaíochta a Fhorfheidhmiú.

Cé go bhfuil méanmhéid P fós os cionn an léibhéil inmhianta de 0.035mg/l, tá dul chun cinn suntasach déanta agus táthar ag súil leis sna blianta atá le teacht go dtiocfaidh feabhas ar stádas An Daoil chuig Dea-Stádas ó thús deireadh.



Úirleachais / Reiligí 2013

Tá cothabháil bliantúil os coin 160 reilig sa Chontae ag brath go mór ar an obair iontach a dhéantar go háitiúil ag coistí úirleachais a thugann an-aire dá reiligí áitiúla féin.

D'éirigh ar fheabhas arís leis an gComórtas Reilige le duaiseanna ag dul chuig:
- Reilig Dhomhnach Mór
- Reilig Fhiontain, (Dún Bleisce)
- Reilig Eaglais na hÉireann An Brú
- Reilig Bhaile na Cille
- Reilig na hEaglaise
- Reilig Chúil Cheapach

Ba iad na buaiteoirí foriomlána ná:
- Reilig Shéipéal Mhuire Eaglais na hÉireann Eas Géitine.
- Reilig Naomh Íde, Fíonach.

Tharla 400 adhlacadh i reiligí Chnocán San Labhrás agus Chnocán Naomh Oilibhéar i 2013. I rith na bliana cheannaigh Comhairle na Cathrach talamh lena ais le cur le reilig Chnocán San Labhrás rud a sholáthróidh breis spáis a bhfuil an-ghá leis sa cheantar seo.

Tuarascáil Chomparáide Fhoilseachán Bainistíochta – 2013

	01/01/11 - 31/12/11 (Bliantúil)	01/01/12 - 31/12/12 (Sonraí NWCPO – Bliantúil)	01/01/13 - 31/12/13
E.3 Scagadh Dramhaíola A. Céatadán na dteaghlach le seirbhís bailithe dramhaíola agus go soláthraítear bailiúchán nithe athchúrsála scagtha dóibh do dhramhaíl thirim in-athchrúrsáilte.			
Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	99.57 99.49	100% 98%	100% 98%
B. Céatadán na dteaghlach le seirbhís bailithe dramhaíola & go soláthraítear bailiúchán nithe orgánacha scagtha dóibh do dhramhaíl orgánaice.			
Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	48.49 40.92	42% 46%	42% 46%
C. Líon iomlán na dteaghlach a soláthraítear seirbhís bailithe dramhaíola dóibh			
Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	17673 27032	15413 27576	15413 27576
D. Líon iomlán na dteaghlach a soláthraítear seirbhís bailithe scagtha dramhaíola dóibh do dhramhaíl in-athchúrsáilte			
Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	17597 26894	15370 26964	15370 26964
E. Líon iomlán na dteaghlach a soláthraítear seirbhís bailithe scagtha dramhaíola dóibh do dhramhaíl orgánaice			
Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	8570 11062	6429 12709	6429 12709

Tuarascáil Chomparáide Fhoilseachán Bainistíochta – 2013 (ar lean)

	01/01/11 - 31/12/11 (Bliantúil)	01/01/12 - 31/12/12 (Sonraí NWCPO - Bliantúil)	01/01/13 - 31/12/13
E.4 Dramhaíl Tí Curtha Chun Athchúrsála A. Céatadán dramhaíl tí a bhailítear ón gciumhais , a chuirtear chun athchúrsála Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	 29.5 33.46	 39% 37%	 39% 37%
B. Tonnáiste dramhaíola tí a bhailítear ón gciumhais , a chuirtear chun athchúrsála Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	 4735.84 8490	 5958 9917	 5958 9917
C. Tonnáiste de dhramhaíl tí a bailíodh ó cholbha an chosáin Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	 16056.14 25375	 15348 26768	 15348 26768
D. Tonnáiste dramhaíola tí a bhailítear ón gciumhais , a chuirtear chun athchúrsála Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	 4735.84 8490	 5958 9917	 5958 9917
E. Tonnáiste dramhaíola tí a bhailítear ón gciumhais , a chuirtear chuig líonadh talún Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	 11320.3 16885	 9385 16846	 9385 16846

Tuarascáil Chomparáide Fhoilseachán Bainistíochta – 2013

	01/01/11 - 31/12/11 (Bliantúil)	01/01/12 - 31/12/12 (Sonraí NWCPO - Bliantúil)	01/01/13 - 31/12/13
E5: Dramhaíl Tí curtha go Líonadh Taláun A. Céatdán dramhaíola tí a bailíodh a chuirtear go líonadh talún Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	70.5 66.54	61% 63%	61% 63%
B. Tonnáiste dramhaíola tí a bhailítear agus a chuirtear chuig líonadh talún Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	11320.3 16885	9385 16846	9385 16846
C. Tonnáiste de dhramhaíl tí a bailíodh Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	16056.14 25375	15348 26768	15348 26768
D. Tonnáiste dramhaíola tí a chuirtear chuig líonadh talún Comhairle Cathrach Luimnigh Limerick County Council	11320.3 16885	9385 16846	9385 16846

NIKE
12

BAILE & POBAL

Oliver O'Loughlin
Stiúrthóir Seirbhísí,
Baile & Pobal

- Infheistíocht Chaipitiúil
- Clár Feabhsaithe Baile
- Cothabháil Tithíochta
- Cláir Éifeachtúlachta Fuinnimh
- Leithdháileadh
- Cigireacht
- Aonad Forfheidhmithe Tionóntachta
- Scéim um Chóiríocht ar Cíos
- Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean
- Cóiríocht do Thaistealaithe
- Bainistíocht Eastáit/Forfheidhmiú Tionóntachta
- Cóiríocht do Thaistealaithe
- Táscairí Seirbhíse Tithíochta - 2013
- Oifig an Chláir Athghiniúna
- Tionscadail Eile
- Comhpháirtíocht Sábháilteachta
- Pobal
- Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil Luimnigh
- Grúpa Oibre Imeasctha Luimnigh
- Coiste um Chúram Leanaí Chathair Luimnigh
- Seirbhísí Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe

BAILE & POBAL

Is féidir achoimre a thabhairt ar na príomhnithe a baineadh amach faoi na ceannteidil seo a laenas:

Infheistíocht Chaipitiúil

- Dul chun cinn leanúnach bainte amach ar infheistíocht chaipitiúil mar thógáil, sealbhú, Cúnamh Tithíochta Deonaí, DPGs Údaráis Áitiúil, Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh.
- Caiteachas caipitiúil iomlán €35.78m

Clár Feabhsaithe Baile

- Caiteachas de €2.74m ar chúnamh deontais do cheantair Chathair agus Chontae Luimnigh. Is iad na scéimeanna atá i gceist na Deontais Oiriúnaithe Tí, Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta & Cúnamh Tithíochta do Sheandaoine. Tá ag éirí go maith leis na scéimeanna seo agus tá líon suntasach teaghlach tar éis leas a bhaint as na scéimeanna dontais.

Cothabháil Tithíochta

- Caiteachas de €4m ar chothabháil agus feabhsú leanúnach ar stoc tithíochta na Comhairle d'fhonn cóiríocht ar ardchaighdeán agus dea-choimeádta a bhaint amach, agus a bhíonn éifeachtach ó thaobh costais.
- Caiteachas de €280,000 ar chothabháil beartaithe agus cláir seirbhísithe choirí.
- 66 DPG Údaráis Áitiúil críochnaithe ar chostas €250,000.

Cláir Éifeachtúlachta Fuinnimh

- Clár bliantúil le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh stoic thithíochta na Comhairle.
- Tionscadail Ceantar-Bhunaithe SEAI sa Chathair agus sa Chontae.
- Éifeachtúlact Fuinnimh agus Clár Spreagtha Jabanna do thithe a bhfuil daoine ina gcónaí iontu.
- Ba é an caiteachas iomlán ar na cláir seo i 2013 ná €2.2m, le huasghrádú ar 991 teach.

Leithdháileadh

- Sholáthair Comhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh cóiríocht do os coinn 250 teaghlach i 2013. Bhí cineálacha éagsúla cóiríochta i gceist ó chineál beag go cineál do theaghlach.

Cigireacht

- Rinne Comhairle Cathrach Luimnigh 1609 cigireacht réadmhaoine ar a stoc tithíochta.

Aonad Forfheidhmithe Tionóntachta

- Réitíodh os coin 75% de na gearáin a fuair an t-aonad seo i 2013 – Cathair.

Scéim um Chóiríocht ar Cíos

- Aistríodh 132 iarratas chuig Tithíocht Príobháideach agus Deonach faoin Scéin seo i 2013. Tugann seo líon iomlán na ndaoine a fuair tithíocht i gcóiríocht RAS i gCathair & Contae Luimnigh go 1189 ó tasaíodh an scéim i 2006.
- Rinne an t-aonad seo 756 cigireacht réadmhaoine thar ceann Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh agus an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Caiteachas de €3.6m ar Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean go réigiúnach. I 2013 tugadh isteach an córas bogearraí PASS (Cóiríocht Chosáin & Córas Tacaíochta) a dhéanann rianadh agus monatóireacht ar phatrúin agus ghluaiseacht dhaoine gan dídean agus ar an fáil atá ar leapacha éigeandála laistigh de Sheirbhísí an Réigiúin. Tá an t-eolas seo riachtanach maidir le riachtanas tacaíochta ó lá go chéile agus tá sé tar éis cabhrú le héascú pleanála soláthair chóiríochta fadtéarmach laistigh den Chathair agus sa Réigiún níso leithne.

Cóiríocht do Thaistealaithe

- Coimeádann Comhairle Cathrach Luimnigh 8 Láithreán Stad sa Chathair.
- Caiteachas de €368,000 i 2013 ar chothabháil agus athchóiriú leanúnach na láithreán seo.
- Feidhmíonn Seirbhís Leasa Tithíochta maidir le gach láithreán.

Bainistíocht Eastáit / Forfheidhmiú Tionóntachta

Tá dhá phríomhghné ag baint le bainistíocht eastáit: (i) tacaíocht a sholáthar le feabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus spiorad a fhorbairt i measc an phobail in eastáit tithíochta na Comhairle agus (ii) déileáil go héifeachtach le sárú tionóntachta, go háirithe le hiompraíocht fhrithshóisialta.

(i) Soláthar Tacaíochta

- Lean aonad bainistíochta eastáit na Comhairle ag obair go díreach leis an gComhairle maidir le bunú choistí áitritheoirí a spreagadh agus tacú le forfheidhmiú na bpríomhghníomhaíochtaí a aithníonn na grúpaí sin le feabhas a chur ar a n-eastáit. Bhí éagsúlacht ag baint leis an tacaíocht a tugadh ó chúnamh maidir le mionoibreacha bonneagair a sholáthar mar fhálú, ballaí, comharthaíocht etc., agus céimeanna níos boige mar chur le laethanta glanta, imeachtaí do leanaí etc.
- Tionóladh dhá chruinniú rathúla d'Fhóram Ionadaíoch na nÁitritheoirí Eastát i 2013. Is í príomhaidhm an Fhóraim ná ardán a sholáthar mar ar féidir le hionadaithe ó gach cumann áitritheoirí bualadh lena chéile agus le hoifigigh na Comhairle d'fhonn faisnéis agus taithí a chomhroinnt.
- Roghnaíodh eastát Fhiodh an Chaisleáin le hiontráil i gcomórtas Mórtas Áite Náisiúnta Uile-Éireann i gcatagóir na nEastát Tithíochta. Bhain obair ollmhór le hullmhú an eastáit ag an gcoiste agus ag áitritheoirí, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle, roimh chuairt na mbreithiúna ar an 18ú Iúil 2013 agus ba léir go raibh spriorad an phobail tar éis dul i bhfeidhm ar na breithiúna. Bhí toradh ar an spiorad céanna nuair a fógraíodh gur bhuaiteoirí náisiúnta iad ina gcatagóir ag an searmanas bronnta a tionóladh i nDoire i mí na Samhna.
- Soláthraíodh tacaíocht bainistíochta eastáit sna heastáit mhóra uirbeacha go príomha tríd an Oifig Athghiniúna agus/nó trí chomhlachtaí faofa le cúnamh deontais ón gComhairle.

(ii) Forfheidhmiú Tionóntachta

- Fuair Aonad Forfheidhmithe Tionóntachta na Comhairle beagnach ceithre chéag (400) gearán i 2013, le timpeall leath acu seo ag baint le hiompraíocht fhrithshóisialta. Is é polasaí na Comhairle freagairt do na ceisteanna seo go tapaidh agus go láidir agus oibríonn sí go dlúth leis An Garda Síochána nuair is gá.
- Bíonn nádúr fhreagra na Comhairle ar ghearáin maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta éagsúil de réir déine agus scála an iompair a bhíonn i gceist agus ag tógáil ceann d'fhorálacha na Straitéise Iompraíochta Fhrithshóisialta a bhíonn in úsáid.

Cóiríocht do Thaistealaithe

Cónaitheoirí as Caemore Court, Cromadh, le Arthur Murphy, oifigeach idirchaidreamh eastáitk, Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh, ag críochnú oibreacha pábhála ag láthair saothair ealaíne poiblí

Déanadh dul chun cinn leanúnach maidir le cóiríocht agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do Thaistealaithe i 2013. Críochnaíodh an t-ullmhúchán do chomh-dhréachtChlár Cóiríochta do Thaistealaithe do Chathair Luimnigh agus do Chontae Luimnigh don tréimhse 2014-2018 i gcomhairle le baill den phobal Taistil agus príomhpháirtithe leasmhara eile.

Bhí an dréacht-chlár faoi réir phróisis chomhairliúcháin agus féachfaidh an dá Chomhairle ar ghlacadh leis i 2014. Tháinig an dá Choiste Comhairleach Cóiríochta Áitiúil do Thaistealaithe le chéile i rith na bliana le féachaint ar cheisteanna a bhineann le cóiríocht don Phobal Taistil sa Chathair agus sa Chontae.

I mí na Samhna 2013 críochnaíodh comhaireamh bliantúil na dteaghlach Taistil agus measadh go raibh sé chéad caoga ceathair teaghlach Taistil, ar a n-áirítear teaghlaigh trádála Taistil, ina gcónaí i gCathair agus i gContae Luimnigh.

Táscairí Seirbhíse Tithíochta – 2013

H1: FolúntaisTithíochta		
A.	Líon iomlán na dteaghais i stoc an údaráis áitiúil	5197
B.	Líon iomlán na n-áras cónaithe, seachas iad sin faoi réir mhórthionscadail athchóirithe	4963
C.	Ceátadán foriomlán na n-áras cónaithe atá folamh (seachas iad sin atá faoi réir thionscadail athchóirithe)	4.3
D.	Céatadán na dteaghaisí folamha nach bhfuil ar fáil le ligean	62.84
E.	Céatadán na dteaghaisí folamha atá ar fáil le ligean	37.16
	Meánuimhir na n-áras cónaithe i stoc an údaráis áitiúil (stoc cónasctha na Cathrach & an Chontae)	5197
	Líon iomlán na n-áras cónaithe, seachas iad sin faoi réir mhórthionscadail athchóirithe	4963
	Líon iomlán na n-áras cónaithe atá folamh (seachas iad sin faoi réir mhórthionscadail athchóirithe)	213.25
	Meánlíon na dteaghaisí folamha nach bhfuil ar fáil le ligean	134
	Meánlíon na dteaghaisí folamha atá ar fáil le ligean	79.25

H2: Meánaga a thógann sé chun athligean a dhéanamh ar theaghaisí atá ar fáil		
	Meánam (i seachtainí) a thógann sé ón dáta ar a mbíonn áras folamh go dtí an dáta a mbíonn gach deisiúchán riachtanach críochnaithe a cheaptar a bheith riachtanach le hath-ligean a dhéanamh ar an áras cónaithe	21
	Meán-am a thógann sé (i seachtainí) ó chríochnú na n-oibreacha (thuas) go dtí dáta an chéad dochair chíosa.	17

H3: Deisiúchán Tithíochta		
	Líon na ndeisiúchán a críochnaíodh mar chéatadán den líon iarratas bailí ar dheisiúchán a fuarthas	87.96
	Líon na ndeisiúchán a críochnaíodh	6673
	líon iarratas bailí ar dheisiúcháin a fuarthas	7586

H4: Cóiríocht do Thaistealaithe		
	Líon iomlán na dTeaghlaigh den Lucht Siúl a fuair cóiríocht mar cheatadán de na spriocanna a leagadh amach sa Chlár Áitiúil Cóiríochta don Lucht Siúil	38.46
	Líon iomlán na dteaghlach den Lucht Siúil a ndéarnadh cóiríocht orthu	5
	An sprioc do líon iomlán na dteaghlach Taistil atá le cóiríocht a fháil i rith na bliana, mar atá leagadh síos sa chlár cóiríochta don Lucht Siúil áitiúil	13

Táscairí Seirbhíse Tithíochta – 2013 *(ar lean)*

H5: Forfheidhmiú ar chaighdeáin san earnáil cíosa príobháideach		
A.	Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe	11459
B.	Líon na n-aonad cónaithe ar déanadh cigireacht orthu	594
C.	Líon na gcigireachtaí a déanadh	756
D.	Líon na n-áras cónaithe ar déanadh cigireacht orthu mar chéatadán de thionóntachtaí cláraithe (.i. B mar chéatadán de A)	5.18
	Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe	11459
	Líon na n-aonad cónaithe ar déanadh cigireacht orthu	594
	Líon na gcigireachtaí a déanadh	756

H6: Deontais le tithíocht a chur in oiriúint do dhaoine atá faoi mhíchumas		
A.	Meán-am a thógann sé (i seachtainí) le próiseáil a dhéanamh ar iarratais faoi Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta, ar a n-áirítear aon chigireacht a bheadh riachtanach, ón dáta ar a bhfaightear iarratas bailí go dtí an dáta ar a ndéantar cinneadh ar an iarratas	16
B.	Meán-am a thógann sé (i seachtainí) le próiseáil a dhéanamh ar iarratais faoi Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine Faoi Mhíchumas, ar a n-áirítear aon chigireacht a bheadh riachtanach, ón dáta ar a bhfaightear iarratas bailí go dtí an dáta ar a ndéantar cinneadh ar an iarratas	26

H7: Cúrsaí Cleachta Réamhthionóntachta		
A.	Líon iomlán na dtionóntaí nua údaráis áitiúil	122
B.	Céatadán tionóntaí nua údaráis áitiúil ar déanadh cúrsa cleachta réamhthionóntachta a thairiscint dóibh	100
	Líon iomlán na dtionóntaí nua údaráis áitiúil	122
	Líon tionóntaí nua údaráis áitiúil ar déanadh cúrsa cleachta réamhthionóntachta a thairiscint dóibh	122

Oifig an Chláir Athghiniúna

Rinne an tAire Tithíochta & Pleanála, Jan O'Sullivan, T.D. an Dréachtphlean do Chreat Forfheidhmithe Athghiniúna Luimnigh a sheoladh i Meán Fómhair 2013. Leagann an Plean amach conas is féidir an fhís maidir le pobail níos láidre a bhaint amach. Is í an fhís do na ceantair athghiniúna ná pobail sábháilte agus inbhuanaithe a chruthu le deiseanna do dhaoine de gach aois caighdeán maith maireachtála a bheith acu, le teach maith agus mórtas acu as an áit. Beidh comharsanachtaí le dea-sheirbhísí agus tarraingteach nasctha go fisiciúil agus comhtháite go hiomlán le saol sóisialta, geilleagrach agus cutlúrtha Luimnigh. Cruthóidh soláthar an phlean dea-thorthaí maidir le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíocht sa tionscal tógála.

Seo a leanas liosta den phríomhchlá oibre do gach ceantar acu seo i 2013:

An Cnoc Theas
- Tá an scéim 35 aonad ag Colivet Drive beagnach críochnaithe agus soláthraíodh sí tithíocht nua-aimseartha don phobal faoi seach;
- Táthar ag leanúint le hoibreacha ag an Steering Wheel ag Ionad Siopadóireachta Bhaile an Róistigh le hathshuí a dhéanamh ar Oifig Ceantair an Taobha ó Dheas. Táthar ag súil leis go mbeidh rochtain níos fearr ag an bpobal ar an bhfoireann agus ar sheirbhísí sa láthair nua.

Béal Átha na Cora Weston
- Tá dul chun cinn déanta ar an scéim 79 aonad ag Sráid an Tiarna Éadbhard, cóngrach do cheantar athghiniúna Bhéal Átha na Cora Weston, agus tá an próiseas tairisceana críochnaithe agus obair le tosú ar an suíomh go luath i 2014. Cuirfidh athfhorbairt íogair ar imeall stairiúil an suímh seo i lár na cathrach le hathnuachan an cheantair seo i gCathair Luimnigh;
- Tá an scéim 29 aonad ag Cúirt Vize (Céim 2) beagnach críochnaithe agus soláthraíodh sí tithíocht nua-aimseartha don phobal faoi seach;

Maigh Rois
- Críochnaíodh 34 teach mar chuid de Pháirc Chlíona. Bhain an scéim seo duais gradamach Chomhairle na hÉireann do Thithíocht Shóisialta amach;
- Ceapadh Foireann Deartha Comhtháite leis an dara céim d'fhorbairt Pháirc Chlíona, a bhain duais amach, a chur chun cinn agus tá sé le cur isteach mar iarratas pleanála Chuid 8.
- Ceapadh Foireann Deartha Comhtháite le dul chun cinn a dhéanamh ar scéim nua ath-thithíochta ag Páirc Mhic Cosgair le hiarratas pleanála Chuid 8 sceidealta le cur isteach.
- Tá cead pleanála Chuid 8 faighte do bhealach nua isteach agus d'oibreacha tírdhreachtaithe ag Coláiste Pobail Neasáin, Maoilis. Déanfar an obair i 2014.

Páirc Mhuire
- Tá Foireann Deartha Comhtháite ceaptha le dul chun cinn a dhéanamh ar 32 teach nua, mar chuid de scéim tithíochta do sheandaoine ag Googoos Hill (suíomh an 'Úlloird'). Tá iarratas pleanála Chuid 8 le cur isteach don scéim seo i 2014;
- Ceapadh Foireann Deartha Comhtháite le dul chun cinn a dhéanamh ar 8 dteach nua ag Sráid na gCaorach/Sráid Áth Longfoirt. Tá iarratas pleanála Chuid 8 le cur isteach don scéim seo go luath i 2014;

Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faomhadh ar athchóiriú 3 aonad ag Lána an Phríosúin.

Tionscadail Eile

Ionad Ceoldrámaíochta
- Críochnaíodh oibreacha cobhsaithe ar an Ionad Ceoldrámaíochta i 2013.

Polasaí maidir le Leas Sóisialta trí Sholáthar Poiblí
- Ghlac baill tofa Chomhairle Cathrach Luimnigh le doiciméad beartais ar Leas Sóisialta trí Sholáthar Poiblí i mí Iúil 2013.
  Déanann an polasaí daingniú ar leasa sóisialta i gcleachtais soláthair phoiblí mar phríomhchomaoin agus acmhainn ann dea-thionchar a bheith aige trí chinntiú go ndéanfaí na cuspóirí maidir le hathghiniúint fisiciúil a chomhtháthú le hathghiniúint sóisialta agus geilleagrach.

Uasghrádú Teirmeach
- D'éirigh go maith le scéim phíolótach ar siúl le huasghrádú a dhéanamh ar fheidhmíocht teirmeach i 49 teach laistigh de cheantair athghiniúna agus cuirfear an scéim seo i bhfeidhm i 300 teach i 2014.

Cuireadh tograí forbartha chun cinn laistigh de chreat an Phlean Fhorfheidhmithe agus iad athdhírithe tar éis dul i gcomhchaidreamh díreach leis na pobail. Beidh tuarascáil an Bhainisteora

Cathrach & Contae maidir le glacadh le Dréachphlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh á chur faoi bhráid Bhaill na Comhairle i mí Feabhra nuair a chríochnaíonn an próiseas foirmeálta comhairliúcháin phoiblí i 2013.

Leanadh le scartáil straitéiseach i 2013 le 100 teach á scartáil. Bhí an scartáil seo ag teacht leis na cuspóirí straitéiseacha foriomlána. Tá athbhreithniú déanta ar mhéid na scartála sa todhchaí le líon na n-aonad a bhí le scartáil laghdaithe ón méid a bhí beartaithe i dtús báire. Déanfar coinneáil agus athchóiriú nuair is féidir é. Leanadh le tionscadail chaipitil ar scála beag i 2013 d'fhonn feabhas a chur ar an timpeallacht, slándáil a fheabhsú agus nascacht a neartú.

Bhí tionchar ag an gClár Athghiniúna Sóisialta i 2013 ar conas a bhaintear úsáid as cistí príomhshrutha maidir le hionchur pholasaí sóisialta le haghaidh a thabhairt ar eisiamh sóisialta sa Chathair, le fócas ar leith ar na ceantair athghiniúna. Tá sé mar aidhm ag an straitéis freisin feabhas a chur ar chomhordú phacáiste iomlán an chistithe Stáit le hionchur polasaí i gceantair athghiniúna. Is cuid den chur chuige "rialtais iomlán" atá anseo.

Éileoidh an Plean Athghiniúna Eacnamaíoch rochtain ar fhoisnsí maoinithe poiblí, príobháideach & daonchairdiúil agus d'fhéadfadh go mbainfí triail as foinsí nua maoinithe le tacú le forbairt fiontar.

Comhpháirtíocht Sábháilteachta

Foireann agus Criú Choláiste Pobail Neasáin

Tar éis an rath a bhí ar 'Shábháilteacht Sráide' le 3 bliana anuas, thug Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Chathair Luimnigh Teo. cuireadh do dhaltaí Idirbhliana, Grúpaí Óige agus grúpaí ár seandaoine ó Chathair agus ó Chontae Luimnigh teacht le chéile le taithí a fháil ar na radharcanna réalaíocha éagsúla i dtimpeallacht sábháilte.

D'éirigh an-mhaith le 'Sráid Sábháilteachta', an chéad ionad idirghníomhach a tógadh d'aon toisc in Éirinn, i mblianta roimhe seo. Mar sin féin, níor ceapadh go mbeadh an ionad idirghníomhach áisiúil don úsáideoir do spriocphobal na bliana seo mar sin bhí ár ndráma ar stáitse agus dírithe ar an gcomhchaidreamh idir óg agus sean.

Ón gCéadaoin 16ú agus Déardaoin 17ú Deireadh Fómhair 2013 d'fhéach daltaí Idirbhliana agus ár ngrúpaí seandaoine ón gCathair agus ón gContae ar chomhchaidreamh an dá ghrúpa, ar an gcumarsáid a bhí acu lena chéile agus ár n-acmhainn le foghlaim óna chéile. Bunaithe ar chomhthaithí de chaillteanas (fear céile Teresa agus cara David) bhí talamh slán aimsithe acu eatarthu agus na tuiscintí céanna acu in ainneoin á n-éagsúlacht aoise. Ag gearradh isteach ar an scéal seo bhí radharcanna gearra agus monalóga a bhain leis na carachtair maidir le ceisteanna a bhain leo beirt: Míthuiscint, Cailliúint, Uaigneas agus Sábháilteacht.

Spreagadh an lucht féachana le féachaint ar athruithe nó ar ionchur le torthaí níos fearr a bhaint amach.

Bhí an dráma ar siúl ag 69 Sráid Uí Chonaill (a raibh The Belltable roimhe seo air) agus é éascaithe ag daltaí Idirbhliana ó Choláiste Pobail Neasáin.

B'é a bhí mar aidhm dóibh siúd a d'fheastal ar 'Shráid Sábháilteachta' ná:

- níos mó feasachta a bheith acu ar thionchar aonraithe agus uaignis
- a bheith feasach ar thorthaí ár roghanna agus ár ngníomhaíochtaí
- spreagadh a fháil le ról dearfach, gníomhach a ghlacadh maidir le béim a chur ar cheisteanna a bhaineann le daoine atá ina gcónaí ina n-aonar inár bpobal
- a bheith feasach ar na seirbhísí a thugann comhairle agus tacaíocht do sheandaoine agus do dhaoine óga
- Ba í Ann Blake a rinne an léiriú a scríobh, a stiúradh agus a chur i láithair i gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Chathair Luimnigh Teo.

Pobal

Fóram Pobail agus Deonach Chontae agus Chathair Luimnigh
I rith 2013, rinne Fóram Pobail agus Deonach Chontae Luimnigh forbairt ar phlean straitéiseach i ndiaidh sraith de chomhairliúcháin bunaithe ar cheantair leis na pobail áitiúla i 2012. Cuirfidh an Straitéis cláir oibre an Fhóraim ar an eolas go ceann 3 bliana.

Lean Fóram Pobail Chathair Luimnigh ag tacú le rannpháirtíocht ionadaithe na mballghrúpaí ar rialtas áitiúil agus struchtúir eile forbartha áitiúil i rith 2013. Déanadh obair shuntasach freisin ar chomhdhlúthú a dhéanamh ar bhallraíocht an Fhóraim i rith na bliana.

Leanann na Fóraim le guth a thabhairt don earnáil Phobail agus Dheonach ar roinnt coistí údaráis áitiúil i Luimneach.

Mórtas Áite
Lean Cathair agus Contae luimnigh lena dtraidisiún maidir le rath a bheith ar an gComórtas Mórtais Áite i 2013.

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ainmniú ar Fhóram Áitritheoirí Mhaigh Rois, Faing agus Comhairle Pobail Ceantair, Eastát Tithíochta Radharc an Chaisleáin, An Caisleán Nua, Seirbhísí Ógra Luimnigh le hionadaíocht a thabhairt do Luimneach i gComórtas Mórtais Áite IPB 2013.

Tugadh breithmheas i mí Iúil agus fógraíodh na duaiseanna ag sermanas i The Venue, Doire ar an Satharn an 16ú Samhain, 2013. Fuair Cumann Áitritheoirí Radharc an Chaisleáin an chéad duais i gCatagóir 9, Catagóir na nEastát Tithíochta. Bhí Luimneach sa dara áit in dhá Chomórtas – Fóram Áitritheoirí Mhaigh Rois i gCatagóir 2, Daonra níos mó ná 1,000 duine agus Seirbhísí Ógra Luimnigh i gCatagóir 5, catagóir Ábhair Amháin d'Fhiontar agus Tionscadail Ógra.

Cár Aoisbháúil Luimnigh
Rinne Comhairle Cathrach Luimnigh agus Comhairle Contae Luimnigh faomhadh ar rannpháirtíocht Chomhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh i gClár na gCathracha agus na gContaetha Aoisbháúla. Ghlac an dá Chomhairle leis na prionsabail atá i bhForógra Bhaile Átha Cliath ar Chathracha agus Pobail Aoisbháúla ag searmanas sínithe uile-Eorpach a tionóladh i mBaile Átha Cliath i Meitheamh 2013.

Seoladh Clár Aoisbháúil Luimnigh go hoifigiúil ag imeacht sa Woodlands House Hotel, Áth Dara ar an 10ú Nollaig, 2013. Is í bunaidhm an Chláir go mbeadh Cathair agus Contae Luimnigh ina n-áiteanna maithe le dul in aois iontu. Rinne comhaontas deonach de chomhlachtaí earnála stáit agus eagraíochtaí pobail a sholáthraíonn seirbhísí do Sheandaoine maoirseacht ar an gClár. Tá guth an tSeanduine lárnach don Chlár.

I 2013 is ea a déanadh forbairt ar 2 Phlean do Bhailte Aoisbháúla - An Cheapach Mhór i gContae Luimnigh agus limistéar staidéir ar an taobh ó thuaidh de Chathair Luimnigh. Déanadh na Pleananna do Bhailte Aoisbháúla a fhorbairt i ndiaidh chomhairliúcháin fhairsing le Seandaoine sna limistéir staidéir, agus i gcomhar leis an stát agus le comhlachtaí earnála pobail/deonacha a bhíonn ag feidhmiú sna limistéir seo.

Comhairle na nÓg Chathair agus Chontae Luimnigh
Thionól Comhairle na nÓg i gContae Luimnigh a CGB in Áras Contae, Tuar an Daill ar an 4ú Deireadh Fómhair, 2013. D'fhreastal 66 toscaire ar an CGB.

Rinne na toscairí plé ar bhulaíocht agus cibearbhulaíocht.

Toghadh Comhairle Óige de 30 toscaire ag CGB Chomhairle na nÓg le bheith rannpháirteach i gclár imeachtaí feabhsaithe don tréimhse 2013-2015.

Tháinig an Chomhairle Óige le chéile 10 n-uaire i 2013, agus d'oibrigh sí ar pholasaí a chur ar an eolas agus ar an gcuraclam scoile ar cheist ghaolmhaireachtaí agus gnéasoideachas sna meánscoileanna (RSE). Rinne baill na Comhairle roinnt aighneachtaí ar an ábhar chuig an mBainisteoir Réigiúnach do RSE agus chuig múinteoirí RSE.

Bhain Comhairle na nÓg a cuspóirí amach maidir le feasacht a árdú ar bhulaíocht, agus an gá atá le feidhmiú i dteannta a chéile mar phobal le cosc a chur le bulaíocht agus feasacht a ardú maidir leis an tacaíocht agus na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine óga a ndéantar bulaíocht orthu.

Tugann Comhairle na nÓg Chathair Luimnigh deis do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i bhforbairt seirbhísí agus polasaithe áitiúla. Tá freagracht ar Bhord Forbartha Chathair Luimnigh le tacaíocht ó phríomh-chomhpháirtí Seirbhís Ógra Luimnigh as clár Chomhairle na nÓg a sholáthar mar chuid d'fhorfheidhmiú Straitéis Náisiúnta na Leanaí ag leibhéal áitiúil.

Ba iad seo a leanas na príomhchuspóirí do 2013:
- Rannpháirtíocht i nDáil na nÓg – Cruinniú Ginearálta Bliantúil Pharlaimint
- Náisiúnta Ógra Bliantúil Chomhairle na nÓg
- Seoladh Treoirlínte maidir le hEolas ar Mheabhairshláinte
- "Dea-Mheabhairshláinte a Chur Chun Cinn i gCathair Luimnigh. Treoir ag daoine óga do dhaoine óga".

Tosaíodh ar réamhobair le Coistí Stiúrtha Chomhairle na nÓg Chathair agus Chontae Luimnigh ar fhís a fhorbairt ar conas a fheidhmeoidh Comhairle na nÓg nua ar fud Luimnigh.

Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil Luimnigh

Bhí Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil Luimnigh ar siúl idir an 18ú agus an 24ú Márta 2013. Bhí breis agus 130 gníomhaíocht foghlama ar siúl le linn na féile ar a n-áirítear ealaíona agus ceardaíocht, culture, garraíodóireacht, caitheamh aimsire, sláinde agus folláine, agus TF. Ba é buaicphointe na féile ná an imeacht a cuireadh ar siúl i bPáirc Thuamhan mar a raibh os coin 25 gníomhaíocht éagsúil ar fáil.

Grúpa Oibre Imeasctha Luimnigh

Lean Grúpa Oibre Imeasctha Luimnigh lena chuid oibre maidir le Luimneach a bheith cairdiúil mar Chathair agus mar Chontae d'imircigh trí Phlean Imeasctha nua a sheoladh don tréimhse 2013 go dtí 2016. Déantar iarracht sa Phlean seo feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála na n-imirceach i Luimneach trí 6 phríomh-cheannteideal: Teanga, Oideachas agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil, Faisnéis, Comhairle agus Seirbhísí Tacaíochta Díreach; Rochtain ar Sheirbhísí Poiblí, Feasacht Idirchultúrtha; Saoránacht Ghníomhach agus Tacú le Pobail; agus Fostaíocht.

Tharla réamhchainteanna le Comhairle na hEorpa maidir le Luimneach a bheith ina Cathair Idirchultúrtha i 2014.

Coiste um Chúram Leanaí Chathair Luimnigh

Tá freagracht ar Choiste um Chúram Leanaí Chathair Luimnigh as an bPlean Forfheidhmithe Áitiúil do 2013 a sholáthar agus tá sé páirteach freisin i bpróiseas nasctha le Coiste um Chúram Leanaí Chontae Luimnigh le spriocdháta den 1ú Eanáir 2014.

Bhí cúig chuspóie sa Phlean Forfheidhmithe Áitiúil 2013 do Chomhairle Contae Chathair Luimnigh:
- Forbairt a dhéanamh ar thacaíocht chuimsitheach, ar bhonneagar agus ar sheirbhísí cúraim leanaí nuair atá leas iomlánaíoch leanaí agus teaghlaigh bunúsach
- Feabhas a chur ar cháilíocht oideachais agus cúraim luath-óige agus ar sholáthar aoise scoile Comhdhlúthú a dhéanamh ar infheistíocht san earnáil d'fhonn tacú le forbairt leanúnach ar bhonneagar seasmhach, comhthaíte agus inbhuanaithe.
- Forbairt a dhéanamh trí fhorbairt leanúnach gairmiúil ar acmhainn na hearnála ECCE feabhas agus forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí ar ardchaighdeán do leanaí agus a dteaghlaigh
- Comhoibriú, cumarsáid agus comhairliúchán

éifeachtach agus trédhearcach a chinntiú, agus an úsáid is mó a bhaint as acmhainní ag gach páirtí leasmhar i gcúram agus oideachas luath-óige.

Chuaigh LCCC i gcomhairle le seirbhísí cúraim leanaí agus páirtithe leasmhara áitiúil maidir leis na gníomhaíochtaí ábhartha a fhorbairt, ar a raibh cláir oiliúna (dírithe ar cháilíocht agus tacaíocht do ghnó), meantóireacht, clinicí, deiseanna líonraithe, soláthar faisnéise, agus tacú le rochtain ar scéimeanna maoinithe Feighlí Páiste, seirbhísí Lae iomlán, Seirbhísí Cúraim Leanaí Aoise Scoile, naíonraí, Grúpaí Tuismitheora agus Leanbh agus Tuismitheoirí.

Faoi láthair tá 49 seirbhís Cúraim Leanaí ag feidhmiú i gCathair Luimnigh, le 47 rannpháirteach sa Scéim Naíonra Bliana in Aisce, 19 ar an Scéim CCS (Scéim Fhóirdheontais Phobail), 20 ar an CETS (Scéim Oideachais agus Oiliúna Cúraim Leanaí), agus 8 ar DSP An Clár Fóirdheontais Tar Éis Scoile. Is féidir sonraí ar na seirbhísí rannpháirteacha a fháil ag www.limerickcitychildcare.ie nó trí thagmháil a dhéanamh leis an oifig.

I 2013, déanadh maoiniú a fhaomhadh do 10 Seirbhís Cúraim Leanaí i gCathair Luimnigh faoin scéim Deontais Caipitil, agus déanadh faomhadh ar 7 ngrúpa Tuismitheora agus Leanbh faoin scéim Deontais Tuismitheora agus Leanbh.

Tá Coiste um Chúram Leanaí Chathair Luimnigh agus Coiste um Chúram Leanaí Chontae Luimnigh nasctha mar Choiste um Chúram Leanaí Luimnigh ón 1ú Eanáir 2014.

Seirbhísí Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe

Rinne Grúpaí Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe Chathair agus Chontae Luimnigh óstáil ar dhá imeacht ar an 21ú Bealtaine, 2013 le marcáil a dhéanamh ar Sheachtain Mhórtais na dTaistealaithe.

Tionóladh an chéad imeacht "Travellers Doing it For Themselves" i Scoil Ghnó Kemmy, Ollscoil Luimnigh agus é dírithe ar bhéim a chur ar bhuanna, ar chumas agus ar a raibh bainte amach ag baill den Phobal Taistil i gCathair agus i gContae Luimnigh agus é dírithe ar lucht déanta polasaí, ar sholáthróirí seirbhíse, ar ionadaithe pobail, ar bhaill den phobal agus ar Thaistealaithe ach go háirithe.

Tionóladh an dara imeacht "Fun in the Factory" sa Factory, Spás Ógra an Taobh ó Dheas, An Ghallmhóin, le os cionn 100 ball den Phobal Taistil ó láithreacha i gCathair Luimnigh agus a purláin ag freastal air.

In éineacht le gníomhaíochtaí a thabhairt i gcrích faoin bPlean Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe reatha, tosaíodh ar Phróiseas Caidrimh le Taistealaithe ar bhonn piolótach ag dhá láithreán; ceann ar an taobh ó thuaidh agus ceann ar an taobh ó dheas. Is í aidhm an phróisis phíolótach seo caidreamh a dhéanamh le Taistealaith ar roinnt ceisteanna ag díriú ar ghníomhaíochtaí sonracha sa Phlean Idirghníomhaireacha agus caidreamh a bheith leo maidir leis an bPlean Idirghníomhaireachta nua atá le hullmhú i 2014.

Tharla cainteanna idir Chathaoirligh Ghrúpaí Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe Chathair agus Chontae Luimnigh araon i rith na bliana mar ar aontaíodh Grúpa nua Idirghníomhareachta do Thaistealaithe ar fud Luimnigh a bhunú i 2014.

Táscairí Seirbhíse an Fhóraim Pobail & Deontach Cathrach

Grúpaí Cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach	
Líon na nGrúpaí Cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach:	135

Comhairle na nOg: **CP1: Rannpháirtíocht i scéim na Comhairle Óige áitiúil/ Comhairle na nÓg (Cathair)**	
Céatadán de scoileanna áitiúla agus grúpaí óige rannpháirteach sa scéim áitiúil ag Comhairle Óige/Comhairle na nÓg	25%
Líon iomlán na scoileanna áitiúla agus na ngrúpaí óige	44
Líon na scoileanna áitiúla agus grúpaí óige rannpháirteach sa scéim áitiúil ag Comhairle Óige/Comhairle na nÓg	11

CP1: Rannpháirtíocht i scéim na Comhairle Óige áitiúil/ Comhairle na nÓg (Contae)	
Céatadán de scoileanna áitiúla agus grúpaí óige rannpháirteach sa scéim áitiúil ag Comhairle Óige/Comhairle na nÓg	37.5%
Líon iomlán na scoileanna áitiúla agus na ngrúpaí óige	40
Líon na scoileanna áitiúla agus grúpaí óige rannpháirteach sa scéim áitiúil ag Comhairle Óige/Comhairle na nÓg	15

SPÓRT & CULTÚR

Kieran Lehane
Stiúrthóir Seirbhísí, Spórt & Cultúr

- Contae agus Cathair Luimnigh Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil
- Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Eas Géitine Teo
- Lá na hAfraice
- Searmanas Cuimhneacháin Náisiúnta
- Buaicphointí na Seirbhíse Leabharlainne 2013
- Seirbhís na nEalaíon
- Cartlann Luimnigh
- Dánlann Chathair Luimnigh
- Scéim Ranníocaíochta 2012 - 2013
- Tóstal Éireann

SPÓRT & CULTÚR

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chontae agus Chathair Luimnigh

I 2013, lean Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chontae Luimnigh (LSP) agus Comhpháirtíocht Spóirt Chathair Luimnigh leis na príomhchuspóirí a bhaint amach maidir le faisnéis, oideachas agus forfheidhmiú na gclár ar fud Luimnigh.

Sholáthair an LSP oideachas agus oiliúint do 1094 oiliúnóir/riarthóir agus múinteoir sna clubanna éagsúla spóirt agus scoileanna ar fud an Chontae. Is cuid den "Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach" (CPD) na cláir/cúrsaí seo do na rannpháirtithe. Déanann siad deimhin de go mbíonn sábháilteacht, dea-chleachtas agus rialachas éifeachtach ar fáil dár n-oiliúnóirí agus do rannpháirtithe ag leibhéal na cosmhuintire. Chríochnaigh 1040 oiliúnóir an cúrsa Cóid Eitice "feasacht bhunúsach" go dtí seo le 34 eile ag críochnú an Chúrsa Oifigigh Leanaí.

Ar na cúrsaí oideachais agus traenála a soláthraíodh áirítear Ceannaireacht Ghníomhach, Garchabhair Spóirt agus Seimineáir ar Rialachas Chlub le os coin 140 oiliúnóir/riarthóir ag freastal ar chlár an tsraithe seimineár.

Tá teagmháil díreach ag Comhpháirtíochtí Spóirt Chontae agus Chathair Luimnigh, trí sprioc-chláir, le 20,046 rannpháirtí ó phríomh-spriocghrúpaí; daoine óga faoi mhíbhuntáiste, seandaoine, taistealaithe, daoine óga, cailíní sna déaga agus máithreacha. Ar na cláir áirítear cailíní agus máithreacha gníomhacha, tar le chéile agus traenáil, peil do chailíní, féilte spóirt d'aosaigh, imeachtaí oll-rannpháirtíochta (rith/siúlóidí/bogshodar/rothaíocht), cláir ghníomhaíochta fisiciúil ar chríochnú scoile, Link2BActive, cailíní lasmuigh, fittlesticks agus fitwalk.

I gcomhpháirtíocht le Fleming Medical rinne LSP seoladh ar Dhúis Feidhmíochta Spóirt míosúil i 2013 a ceapadh le honóir a thabhairt don fheidhmíocht spóirt áitiúil is fearr gach mí, ag tosú i mí Feabhra agus ag dul ar aghaidh go dtí deireadh na Samhna.

Fuair gach buaiteoir míosúil dearbhán €500 i dtreo chostas Cardiac Science Powerheart G5 nua AED (Uath-Dhífhibrileoir Seachtrach) agus trealamh garchabhrach spóirt arbh fhiú €60 é. Ba iad na buaiteoirí foriomlána ná na dearthháireacha Harty ó Chlub Dornálaíochta Ráth Caola agus fuair siad AED (a sholáthair Fleming Medical) ar fiú €2400 é agus tráthnóna oiliúna AED do ochtar arbh fhiú €600 é.

Rinne CLLSP forbairt ar chláir freisin dírithe ar spriocghrúpaí áirithe is iad sin Cláir Peile 4 na gCailíní & Camógaíochta Mo Mháthar agus Mé Féin i Móin an Lín, Baile an Gharraí agus Cill Íde leis an aidhm rannpháirtíocht chailíní agus a máthaireacha i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú (80 rannpháirtí) agus cláir Bootcamp sa Bhánóg, Ráth Caola, Caladh an Treoigh agus Baile Uí Bhricín (66 rannpháirtí). Déanadh forbairt ar chláir a thacaíonn le Sláinte na dTaistealaithe in Eas Géitine, an Caisleán Nua, Mainistir na Féile, Ráth Caola agus Cill Mocheallóg agus leanfaidh an LSP ag obair leis na grúpaí seo i 2014.

Tá forbairt déanta ar ghrúpaí d'Aosaigh a chuireann gníomhaíocht fhisiciúil chun cinn i 42 pobal ar fud an Chontae agus sholáthair an LSP Cláir Ghníomhaíochta Fhisiciúla don Aosú Gníomhach do os cionn 560 aosach i rith na bliana. Áiríodh orthu seo Féilte na nAosach, Cur i Láthair ar Shláinte Pobail & Eolas ar Fholáine agus Cláir Siúlóide Aclaí/Gníomhaíochta Fisiciúil. Tá líon na PALanna oilte i gContae Luimnigh méadaithe anois go 125.

Áirítear ar na Príomhghníomhaíochtaí:

- Dúshlán Maratóin Dhomhanda
- Clár rothaíochta Women on Wheels le 24 tosaitheoir rothaíochta, ar chríochnaigh 12 acu 35k agus ar chríochnaigh 18 acu an Tour de Burren
- Operation Transformation agus Let's Go Walking Limerick 2013 le os cionn 1,100 rannpháirtí
- FitWalk & FittleSticks (Grúpaí Aosach)
- Bothán na bhFear Gníomhach agus Fir ar an mBealach i Mainistir na Féile agus Ráth Caola
- Grúpaí Meet and Train & Feet on the Street
- Clár Peile do Chailíní
- Camógaíocht "Mum & Me"
- Bliain Nua, Tús Nua
- Splash & Dash – clár Bunscoile in Eas Géitine agus OL
- Féile Spóirt na Sean-Aosach
- Cláir Chríochnaithe Scoile bunaithe ar shláinte agus ghníomhaíocht fhisiciúil
- Céim sa Chathair
- Seimineáir ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)
- Sláinte & Folláine Pobail

- Máthar gach Spórt – Rugbaí Leaitse
- Cláir Meabhairshláinte Dearfach
- Láithreoireachtaí ar na Leasa a Bhaineann le hIthe go Sláintiúil agus Gníomhaíocht Fhisiciúil
- Clár na nAingeal Gníomhach
- Clár "Way to go Kids" (clár le tabhairt faoi otracht)
- Clár VIP
- Gníomhaíochtaí agus cláir chomhordaithe maidir le gníomhaíochtaí Sheachtain na Rothar, Seachtain Áineasa, Seachtain Réthaistil, Lá Domhanda an Chroí, Lá na gCosán Náisiúnta, Seachtain Domhanda Diaibéitis, agus an Lá Náisiúnta Súgartha
- Clár Lúthchleasa Halla Spóirt le 8 bunscoil agus 150 leanbh
- Sraith Dúshlán Rothaíochta Get BACk 2013 le 210 rannpháirtí
- Club Comhpháirtíochta Spóirt Chathair Luimnigh
  Clár na nDeontas Pobail - €30,000 leithdháilte ar Chlubanna Spóirt
- Ranníocaíocht le Duaiseanna Spóirt 2013.

Ceann de na príomhnithe ar éirigh leis an LSP a dhéanamh ná oibriú i gcomhpháirtíocht le roinnt gníomhaireachtaí i dtreo is go bhféadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chláir agus ar thionscadail agus iad a bheith níos inbhuanaithe. Tá seo an-soiléir i gcás na dtionscadal a forbraíodh le Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh, Acmhainní Iarthar Luimnigh Teoranta, CGOid, Ollscoil Luimnigh, An Garda Síochána, FSS, Foróige, Seirbhís d'Ógra Luimnigh, Forbairt Bhealach Abhra Teo., Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach an Iarthair Láir agus an Coiste Contae um Chúram Leanaí.

I 2013 chuir an LSP tionscnamh Rith Mór Luimnigh "Kids Run for Fun" ar siúl mar ar ghlac os coin 1460 d'aois 4-12 páirt in imeacht siúlóide/bogshodair 1k, imeacht cathaoir rotha 1k agus imeacht reatha 2 mhíle. Sholáthair an LSP clár oiliúna réamh-imeachta 4 seachtainí le 20 scoil i Luimneach. Ar an lá bhí 18 pearsa spóirt áitiúil ó lúthchleasaíocht, cispheil, sacar, peil agus iománaíocht ag feidhmiú mar reathaithe socraithe luais le linn an imeachta. Tá an LSP ag tnú le Kids Run for Fun an GLR i 2014.

Tá oifigeach forbartha tiomnaithe (SIDO) againn i gcomhpháirtíocht le LSP na Cathrach, is í sin Rosemary Ryan – iar-iomaitheoir Oilimpeach a dhéanann forbairt agus cur chun cinn ar chláir do dhaoine atá faoi mhíchumas. Tá iliomad clár ar siúl ar fud an Chontae agus tá líon na rannpháirtithe ag fás gach ráithe. Tá súil ag an LSP an deis a sholáthar do chlubanna agus grúpaí pobail le deontais oideachais agus trealaimh i rith na bliana agus táthar ag súil leis go leanfar leis an gclár seo nuair atá deireadh le mórán foinsí eile maoinithe.

Ón 1ú Eanáir 2014 beidh Comhpháirtíocht Spóirt Chathair agus Chontae Luimnigh nasctha mar "Chomhpháirtíocht Spóirt Luimnigh". Beidh an Chomhpháirtíocht Spóirt nua bunaithe i Láthair Spóirt OL agus beidh ár suíomh gréasáin nua ag feidhmiú gan mhoill. Idir an dá linn féach ar www.cllsp.ie nó www.limerickcitysports.ie le heolas a fháil ar imeachtaí/cúrsaí!

Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Eas Géitine Teo

Lean Ionad Fóillíochta Eas Géitine le réimse leathan deiseanna fóilíochta agus áineasa a thairiscint do cheantar Iarthar Luimnigh i 2013.
In éineacht le roghanna úsáide ballraíochta agus íoc-mar-a-úsáidtear, soláthraíonn an Ionad ceachtanna do 46 scoil ar fud Chontae Luimnigh. Freastlaíonn an Ionad ar lucht snámha de gach aois agus cumas agus bíonn sé oscailte trí mhaidin sa tseachtain anaois ag 7:30am. Tá ceachtanna poiblí ar fáil freisin 5 lá sa tseachtain. Bíonn Club Snámha Eas Géitine ag traenáil ag an Ionad 7 lá na seachtaine, agus déanadh óstáil ar 4 chomórtas snámha i 2013, chomh maith le 2 chomórtas snámha sna Cluichí Pobail. Cuireadh roinnt campaí seachtaine ar siúl le linn saoire na Cásca agus an tSamhraidh.

Deánann an Ionad 26 rang aclaíochta a thairiscint sa tseachtain, ar a n-áirítear aeróbaic uisce, Fitbike, Tromán Cluasach, Peak Physique agus ranganna le meáchan a chailliúint.

I gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh, tionóladh imeacht rannpháirtíochta "Splash and Dash" le leanaí bunscoile a spreagadh chun gleacaíochta i 2013.

Lá na hAfraice

Rinne Comhairle Cathrach Luimnigh in éineacht le Grúpa Oibre Imeasctha Chathair/Chontae Luimnigh óstáil ar cheiliúradh Lae na hAfraice ar iarratas ó Chúnamh Éireann ón 23ú – 25ú Bealtaine, 2'13.

Ar na himeachtaí bhí:
- Drumaí agus Scéalaíocht ón Afraic ag

Leabharlann Cathrach Luimnigh
- Comórtas Póstaer Fairtrade na mBunscoileanna
- Ceardlann ealaíona ag Dánlann Chathair Luimnigh
- Ceolchoirm Comhchuibhithe na hAfraice agus na hÉireann in Ard-Eaglais Mhuire
- Siompóisiam ar Thrádáil agus ar Fhorbairt "An Gaol Idir Éire agus an Afraic"
- Féile Spóirt Luimnigh ag Coláiste an Chorráin
- Ceolchoirm am lóin in Iarsmalann Hunt
- Lá Spóirt Teaghlaigh ag Halla na Cathrach

Searmanas Cuimhneacháin Náisiúnta

Rinne Luimneach óstáil ar Shearmanas Cuimhneacháin i mí Iúil 2013 in onóir na nÉireannach sin, idir fhir agus mhná, a fuair bás i gcogaí san am atá caite nó agus iad ag freastal leis na Náisiúin Aontaithe. Ba í seo an tríú bliain a tionóladh an Searmanas seo i Luimneach. Chuir ionadaithe ón Eaglais Chaitliceach, Eaglais na hÉireann, an Eaglais Phreispitéireach agus an Eaglais Mheitidisteach, ón bPobal Giúdach agus ón bpobal Ioslámach cuimhneach ilchreidimh ar siúl ar fhreastal Méara Luimnigh agus Cathaoirleach Chontae Luimnigh air.

Buaicphointí na Seirbhíse Leabharlainne 2013

In éineacht leis an ngnáthchlár imeachtaí le ceiliúradh a dhéanamh ar Fhéile na Bealtaine, Seachtain na Gaeilge, Seachtain Leabharlanna Éireann agus Oíche Chultúir, tionóladh réimse imeachtaí spreagúla i 2013, ar a raibh:

- Oíche na Rómáine, ceiliúradh rathúil ar Chultúr na Rómáine a ndearna Ambasadóir na Rómáine chun na hÉireann, Iulian Buga, freastal air i Leabharlann an Granary.
- I mí Feabhra, rinne Leabharlann Chill Mocheallóg óstáil ar shearmanas bronnta Duais Cháilíochta Uisce ISO a bhronn an tAire Comhshaoil, Phil Hogan, T.D., ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.
- Rinne Leabharlann Chrois Theach na Foraire éascú ar Ghrúpa Dramaíochta Ban a chuir léiriú iontach ar siúl sa Leabharlann mar chuid de Ilsiamsa Teaghlaigh an Taobha ó Thuaidh. D'éirigh an-mhaith leis seo agus rinne an pobal áitiúil an-fhreastal air.
- Seoladh Éigse Michael Hartntett ar fhéile a bhfuil cáil idirnáisiúnta uithi í ag Leabharlann an Chaisleáin Nua leis an aitheasc oscailte á thabhairt ag Noel Curran, Ard-stiúrthóir RTÉ.

New Blue Sue, We Or Me aithris ag Leabharlann an Granary

Méara Luimnigh, Gerry McLoughlin, ag déanamh bronnadh speisialta ar Iulian Buga, Ambasadóir na Rómaine chun na hÉireann ag Oíche na Rómáine i Leabharlann an Granary.

- Rinne Leabharlann Cheoil an Granary óstáil ar roinnt imeachtaí, ar a beo-léiruithe ag New Blue Sue, We Or Me ó Chicago, Cór Soiscéalach Luimnigh don Oíche Chultúir agus ceardlann drumadóireachta do Lá na hAfraice.
- Cuireadh léiriú speisialta drámaíochta ar siúl i Leabharlann an Chaisleáin Nua le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan i mí na Márta.
- Thug Michael Smith, údar Ice Man agus An Unsung Hero faoin taiscéalaí Antartach Tom Chean, cuairt ar Leabharlann na Cathrach agus labhair sé le lucht éisteachta idir óg agus aosta.
- Tionóladh ceardlann ghinealais i Leabharlann Áth Dara mar chuid de Dheireadh Seachtaine Fáilte Áth Dara i mbliain an Tóstail.

Imeachtaí Leanaí 2013

- Tá clár litearthachta Leabharlann Chrois Theach na Foraire 'Léigh le Chéile, Foghlaim le Chéile, Léitheoireacht Teaghlaigh' ina imeacht bhliantúil do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí agus cuireadh go mór i mbliana leis le seisiúin rialta scéalaíochta leis an údar áitiúil Róisín Meaney.
- Déanadh ceiliúradh ar Fhéile Leabhar na Leanaí ar fud na Cathrach agus an Chontae le clár d'imeachtaí éagsúla ar a raibh cuairt ó údair iomráiteacha mar Darren Shan, Michael Smith, Sarah Webb agus Gabriel Fitzmaurice, ceardlanna eolaíochta le Michael Moylan, scéalaíocht agus seisiúin ealaíona agus ceardaíochta.

Darren Shan leis an lucht éisteachta sa Granary

Dráma Puipéad Dowtcha ag Leabharlann Chrois Theach na Foraire

- Bhí roinnt ceardlanna beoga agus taitneamhach ag Drum Dance Ireland sa Granary do Lá na hAfraice.
- Cuireadh taispeántais ealaíona leanaí ar siúl i Leabharlanna An Chaisleáin Nua agus Mhainistir na Féile agus baineadh taitneamh as drámaí phuipéad i gCrois Theach na Foraire agus Áth Dara.
- D'éirigh thar barr le Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh i mbrainsí na Cathrach agus an Chontae le os cionn 1,000 ag glacadh páirte.
- D'éirigh thar barr le Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh i mbrainsí na Cathrach agus an Chontae le os cionn 1,000 ag glacadh páirte.
- Leanadh le seisiúin rialta scéalaíochta tuismitheora agus leanbh ag Leabharlanna Chrois Theach na Foraire agus Chill Mocheallóg agus an-tóir ag ár léitheoirí óga orthu.
- Rinne ár léitheoirí óga an Nollaig a cheiliúradh i ngach brainse leabharlainne le buaicphointí mar am scéalaíochta, ceardlann mhaisithe crann agus fiú cuairt ó Bhean San Sioclás ar leanaí Áth Dara.

Staidéir Luimnigh, An Granary & Teach Lios an Fháltaigh

Leanadh le sonrú ábhar áitiúil i gcaitheamh 2013. Cuireadh The Limerick Socialist, Our Catholic Life agus Hatch 33 lenár mbailiúchán irisí digitithe ar líne agus leanadh le Tionscadal Nuachtáin The Limerick Leader i gcomhar leis an Leabharlann Náisiúnta agus eagrán tuaithe na deireadh seachtaine den

An tEalaíontóir Gerry Fenniman lena theaghlach ag seoladh a thaispeántas ag Leabharlann An Chaisleáin Nua

nuachtán seo ó na 1980dí agus na 1990dí á gcur ar mhicreascannán agus curtha le stoc na Cathrach agus an Chontae ó 1960 go dtí 2013. Ar cheann de bhuaicphointí na bliana bhí léiriú staithe cárta poist 'Then and Now' mar chuid de thionscadal Leabharlainne don Tóstal. Roghnaíodh grianghrafanna de sé bhaile i gContae Luimnigh agus sé áit i gCathair Luimnigh do na cártaí poist a úsáideadh le cuireadh a thabhairt do dhaoine teacht go hÉirinn.

Ba í 2013 an ceathrú bliain déag den sraith Léachtaí Staire ag Leabharlann Granary. Tionóladh sé léacht i rith na bliana.

Taispeántais 2013:

- Bhí an chéad Taispeántas Grúpa Ealaíona le cuireadh oscailte dar teideal Cruinniú ar siúl i Leabharlann Chill Mocheallóg i rith an tsamhraidh. Léirigh 19 ealaíontóir áitiúil a saothar a raibh ardchaighdeán ag baint leis ó Ceirmeacht go Grianghrafadóireacht, Dealbhóirecht Chloiche, Adhmadóireacht agus Péintéireacht.
- Chuir Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann roinnt ealaíona agus ceardaíochta ar taispeáint ag Leabharlann Chrois Theach na Foraire i mí Aibreán.
- Tionóladh taispeántas de shaothar an dealbhóra adhmaid a bhfuil cáil idirnáisiúnta air Ian Norbury ag Leabharlann Mhainistir na Féile sa Mhárta.
- Rinne Leabharlann An Chaisleáin Nua óstáil ar thaispeántas de shaothar an ealaíontóra Gerry Fenniman a léirigh mórán míe uathúil agus álainn.

Taispeántais 2013:

- Léitheoirí Cláraithe: 33,879
- Míreanna eisithe: 754,898
- Cuairteanna Taifeadta: 708,372

- Uaireanta úsáide Idirlinn/Wi-Fi: 93,80
- Taispeántais: 18
- Imeachtaí & Gníomhaíochtaí: 650

Tess O'Mahony ag rince le rithim Chór Soisceálach Luimnigh i Leabharlann na Cathrach.

Seirbhís na nEalaíon

Ba bhliain ghnóthach í 2013 do Sheirbhís na nEalaíon i gComhairlí Cathrach agus Contae Luimnig, le hullmhúchán d'ainmniú Luimnigh mar Chathair Náisiúnta an Chultúir i 2014, seoladh Árasáin na nEalaíontóirí, 1-2 Cearnóg Eoin, scéim spáis chónaithe fóirdheontais d'ealaíontóirí agus Teagmháil Ealaíona Luimnigh, comhoibriú idir an Oifig Ealaíon, an Chomhairle Ealaíon agus Amharclann Lime Tree le soláthar leanúnach a chinntiú do na healaíona, d'ealaíontóirí agus don lucht féachana i Luimneach tar éis d'Ionad Ealaíon an Belltable dúnadh. I Meán Fómhair 2013, toisc go ndeachaigh Joan McKernan, Oifigeach Ealaíon, Comhairle Contae Luimnigh ar scor, déanadh seirbhís na hOifige Ealaíon a nascadh agus a aistriú chuig Halla na Cathrach.

Tugann Oifig Ealaíon Luimnigh tacaíocht do sholáthar na n-ealaíon i ngach foirm ealaíona. Déanadh tacaíocht a roinnt de réir na réimsí seo a leanas:

1. Eolas agus Comhairle

- Tacaíocht agus comhairle do dhaoine sa phobal ealaíona agus dóibh siúd ar spéis leo teagmháil a bheith acu leis na healaíona chomh maith le fiosrúcháin ó dhaoine indibhidiúla agus ón bpobal.

2. Tacú le, agus forbairt a dhéanamh ar An Infreastruchtúr Ealaíon don Chathair agus don Chontae

- Moltaí mhaoiniú ioncaim d'eagraíochtaí ealaíona bunaithe.
- Moltaí maidir le Deontais faon Acht Ealaíon.
- Clár na nEalaíontóirí i Scoileanna.
- Éascú ar infreastruchtúr cultúrtha a fhorbairt trí chomhpháirtíocht.
- Bainistíocht ar Stiúideo Ealaíontóirí Luimnigh, Árasáin na nEalaíontóirí, 1-2 Cearnóg Eoin agus 69 Sráid Uí Chonaill.
- Ballraíocht ar choistí na mbord bainistíochta roinnt imeachtaí, eagraíochtaí agus institiúidí.

3. Tacaíocht don Ealaíontóir Indibhidiúil

- Do chónaitheachtaí, sparántachtaí taistil agus idirghabháil sonrach a bhaineann leis na healaíona.

4. Leagan amach na gClár d'Fhéilte

Imeachtaí bliantúla mar an Oíche Chultúir, Deireadh Seachtaine Kate O'Brien, eva Idirnáisiúnta, Cuisle Féile Idirnáisiúnta Filíochta Chathair Luimnigh, Éigse Michael Hartnett agus Teach Oscailte Luimnigh. Déanadh an Oíche Chultúir agus an Teach Oscailte a sholáthar den chéad uair ó Oifig Ealaíon amháin, ag soláthar leagan amach na gclár, riarachán agus acmhainní i bpáirt agus ag fáil aiseolais dhearfach ón lucht féachana sa Chathair agus sa Chontae.

Féilte eile nach ndearna an Oifig Ealaíon a eagrú go díreach ach a fuair maoiniú agus tacaíocht eile: Féile Scannán Fresh, Féile Make A Move, Féile Ealaíona Eiliminteach agus Cultúir, Féile Snagcheoil Luimnigh, Fleadh by the Feale, Fleadh Cheoil na Mumnan, Féile na Máighe, Deireadh Seachaine Seán Ó Faoláin agus Féile Scéalacíochta Loch Goir.

5. Leagan amach na gClár Ealaíon
Ealaíona Ógra (Amharclann Ógra Chontae Luimnigh, Cór Ógra Chontae Luimnigh agus Clár Comhtháite Drámaíochta Ógra), na hEalaíona i Sláinte le Rince Imeasctha, An Clár Ceoil (Sraith Ceolchoirmeacha Chaisleán Uí Chonaill, Tionscnamh Ghuth agus Amhránaíochta an Phobail, Cór Pobail Dhromanna agus Deireadh Seachtaine Amhránaíochta Gerry McMahon Chlub Amhránaíochta Iarthair Luimnigh), an Clár Litríochta agus an cluasach bliantúil filíochta The Stony Thursday Bood, curtha in eagar i mbliana ag Paddy Bushe agus seolta ag Cuisle.

6. Ealaíon ó fhorbairt
- Tacaíocht d'fhéilte mar chuid den fhéilire bliantúil cultúrtha.
- Tacaíocht d'eagraíochtaí rannpháirteach i gcineálacha ealaíne mar amharclannaíocht, rince, na hamharcealaíona, ceol, litríocht, ailtireacht, ealaíon an phobail.

7. Ealaín agus Oideachas
Déantar iarracht le gach imeacht a eagraíonn an Oifig Ealaíon gné oideachais a sholáthar a cheadódh do lucht féachana óg a bheith iomlán rannpháirteach sa chlár imeachtaí bliana, m.sh. Comórtas Fhile Óg na Bliana ag Cuisle.

8. Cúram na bhFoirgneamh Ealaíon faoi chúram na hOifige Ealaíon
I 2013 tháinig cúram roinnt foirgneamh faoi chúram na hOifige Ealaíon, le cúram iomlán de:

Rince Luimnigh, 1-2 Cearnóg Eoin, an chéad urlár agus íoslach agus Spás Daghdha.	Acmhainn do Rince Luimnigh agus don réigiún, oifigí agus spás stiúideo chomh maith le hionad scartha léirithe ar a dtugtar Spás Daghadh
Árasáin na nEalaíontóirí, 1-2 Cearnóg Eoink, urláir 1-2.	6 árasán cónaithe, 2 árasán gearrthéarmacha de chineál stiúideo.
Siúideonna Ealaíontóirí, An Cheapach Mhór	4 stiúideo nua d'ealaíontóirí
Stiúideonna Ealaíontóirí Sráid Shéamais	8 stiúideo d'ealaíontóirí.
69 Sráid Uí Chonaill (an Belltable roimhe seo)	Amharclann agus oifigí chun úsáide eagraíochtaí ealaíon.

Teagmháil Ealaíon Luimnigh
Déanadh Teagmháil Ealaíon Luimnigh a fhorbairt mar chomhoibriú idir an Oifig Ealaíon i gComhairle Cathrach & Contae Luimnigh agus Amharclann Lime Tree le cois dúnadh Ionad Ealaíon an Belltable. Déanadh athoscailt ar thaobh na hamharclainne de 69 Sráid Uí Chonaill i Meán Fómhair 2013 tríd an gClár Teagmhála Ealaíon Luimnigh, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon, Amharclann Lime Tree agus Oifig Ealaíon Luimnigh. Ba fhorbairt tábhachtach a bhí sa chomhoibriú maidir le soláthar ealaíona don lucht féachana agus do na healaíontóirí. Tiomsaíonn an clár atá ar siúl ó lár Mheán Fómhair 2013 go Márta 2014 amharclannaíocht, scannánaíocht, na hamharcealaíona, ealaín sonach, rince agus litríocht.

Na Meáin Shóisialta 2013
Thosaigh Nuachtlitir na hOifige Ealaíon i mí Iúil 2013 ar ríomhiris seachtainiúil é a sholáthraíonn eolas ar imeachtaí ealaíona agus cultúrtha a bhíonn ar siúl agus ar dheiseanna maoinithe a shroicheann os cionn 900 duine. Úsáideann an Oifig Ealaíon réimse de na meáin shóisialta le himeachtaí a chur chun cinn, le Facebook (583 leantóir) agus Twitter (2422 leantóir). Le hais na ríomhirise, na fógraíochta agus na meáin shóisialta, tá sé beartaithe tógáil ar na leasa a bhaineann le comh-chur chun cinn i 2014.

An Soprán, Claudia Boyle á tionlacan ag Mairead Hurley ar an bpianó, ag canadh ag oscailt dheireadh seachtaine Kate O'Brien weekend ag Daghdha, Cearnóg Eoin

Cartlann Luimnigh

Fuair Cartlann Chathair Luimnigh cartlann Ospidéal Iósaif i Márta 2013. Bunaíodh an tOspidéal in 1828 mar Theach na nGealt Luimnigh agus d'fhreastal na mílte de mhuintir Luimnigh air thar na blianta. Déanadh comhaontú dlíthiúil leis an FSS á chinntiú go mbeadh taifid ar fáil do thaighde dhílis stairiúil agus cosaint á dhéanamh ar phríobháideachas dhaoine.

I mí Lúnasa 2013 sheol Cartlann Chathair Luimnigh bunachar sonraí inchuardaithe i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál maidir leis an gclár adhlactha do reilig Chnocán San Labhrás. Ceadaíonn seo rochtain éasca ar bheagnach 70,000 duine atá adhlactha sa tseanreilig.

Ar Chlé: Déanann Méara Luimnigh Kathleen Leddin seoladh oifigiúil ar bhunachar sonraí inchuardaithe ar líne ar an 70,000 duine atá curtha i Reilig Chnocán San Labhrás. Ag an imeacht seo tá ó chlé: Emma Gilleece, Cathair Dháibhín, Limericks Life agus Elizabeth O'Connor, Baile an Róistigh

Thíos: Arc Iósaif: Scrúdaíonn an t-iar-alaltra síciatrach Gerry White ceann de leabhair bharda Ospidéal San Iósaif An Dr. Maura Cronin, Coláiste Mhuire gan Smál; John Hayes agus Flan Haskett, Seirbhísí Reilige; agus Jacqui Hayes, Cartlannaí Cathrach i reilig Chnocán San Labhrás

Dánlann Chathair Luimnigh

Lean Dánlann Chathair Luimnigh le freastal láidir i gcaitheamh 2013, le timpeall 70,000 cuairteoir. I gcaitheamh 2013, rinne LCGA nasc le comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann le Belfast Esposed agus CCA Derry Londonderry, chomh maith leis an Dánlann Grianghrafadóireachta, Dánlanna agus Stiúideonna Bharra an Teampaill, agus Tionscadail / Stiúideonna Pallas, le taispeántais a bhain le saothar, ag comóradh 100 bliain ar Fhrithdhúnadh 1913. I bpeictiúr níos leithne, i 2014 leanfaidh sé le forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí agus ag léiriú a fheabhas atá ealaín Luimnigh do shaoránaigh agus do chuairteoirí. Rinne na nuachtáin tuairisciú maith ar na taispeántais, le cáil á bhaint amach ag LCGA mar phríomhsholáthróir réigiúnach maidir le Cultúr Comhaimseartha san Iardheisceart.

Tosaíodh an bhliain le dealbh dhuine de na healaíontóirí is iomráití in Éirinn, Michael Warren, ag cur tús le tairiscint LCGA do bhliain Luimnigh mar Chathair an Chultúir. Tá an saothar seo sa taispeántas dar teideal THOSE WHO GO / THOSE WHO STAY, mar thoradh ar 2 bhliain oibre ag Warren agus iomrá ar an imeacht maidir le dealbhóireacht agus a cleachtóirí comhaimseartha.

I 2014, leanfaidh LCGA lena comhpháirtíocht le EVA International Biennale of Art le clár substaintiúil Rochtana a bhaineann leis an taispeántas á chur ar bun ag Bassam El Baroni.

Leanfar le comhpháirtíochtaí eile le cnuasaitheach Softday, le tacaíocht ó Luimneach mar Chathair an Chultúir agus oifig athghiniúna Chomhairle Cathrach Luimnigh, i dtionscadal le Beachaireacht Uirbeach a thabhairt ar ais chun na Cathrach, dar teideal A Buzz around Limerick. Tionscadal eile is ea teilgean phortráidí ar scála mór de shaoránaigh Luimnigh i láthair lasmuigh i Landlocked le Christina Gangos. Ar na tionscadail eile áireofar oibriú le healaíontóirí Sráide Uirbeach agus leanúint leis an gcaidreamh le daltaí agus le bun agus meánscoileanna, chomh maith leis an gcomhoibriú leis an tríú leibhéal.

Níos déanaí sa bhliain, cuireann Dennis McNulty saothar nua i láthair, faoi choimeád Mary Conlon. Tá sé ar intinn saothar ó Oirthear na hEorpa a bheith i dtaispeántas, ag díriú ar an bPolainn, chomh maith le comóradh céad bliain an Chéad Chogadh Domhanda a cheiliúradh trí fhéachaint ar cad is brí le Cogadh sa tuiscint chomhaimseartha, in ómós



REREDOS, 2013 , le Michael Warren. Sycamore, cedar of Lebanon, cruach 270 x 300 x 180 cm i nDánlann Chathair Luimnigh

dóibh siúd a fuair bás i gCogadh Mór na hEorpa, an Cogadh le deireadh a chur le gach Cogadh.

Déanfaidh LCGA ceiliúradh ar Ealaíontóirí Luimnigh ag deireadh na bliana, le saothar nua ó chuid de na healaíontóirí is cumasaí, ar a n-áirítear John Shinnors agus Andrew Kearney. Beidh 2014 ina bliain tairsí do sholáthróirí cultúir Luimnigh agus ba chóir gur bhliain í ina mbíonn teagmháil dlúth ag an bpobal le gach a mbíonn á thairiscint ag a gCathair, ar fud na nEalaíon. Comhlíonfaidh LCGA a páirt anseo le fuinneamh agus go spreagúil.

BARBED TREFOIL, 2013, le Michael Warren Macrocarpa, cruach 3 x (276x200x100cm) i nDánlann Chathair Luimnigh

Contribution Scheme 2013

	2013
University Concert Hall Ltd.	18,000
Músaem Eitlíochta & Muirí na Fainge	15,000
Iarsmalann Hunt	2,500
Ceolfhoireann Aragail na hÉireann	5,000
Iontaobhas Oidhreachta Áth Dara	10,000
Friarsgate Theatre	3,000
Ionad Oidhreachta Iontaobhais Chathartha Eas Géitine	5,000
Comhaltas Ceoltóirí Éireann	2,000
Cluichí an Phobail	2,000
Cuardach agus Tarrtháil Mhuirí Luimnigh	5,000
S.P.C.A Luimnigh	1,000
Leas Ainmhithe Luimnigh	1,000
Linn Hidriteiripe Naomh Gaibriéil	2,000
Raidió Pobail Iarthair Luimnigh	2,000
Raidió Pobail Oirthear Luimnigh	2,000
Páirc Bhaile Mhainistir na Féile	2,000
Cumann Forbartha Loch Goir	3,000
Cuardaigh & Tarrtháil Mhainistir na Féile	5,000
Ionad Ealaíon Belltable	5,000
Ceolchumann Luimnigh	1,000
Seirbhís Ógra Luimnigh	1,500
Éigeandáil um Éigniú an Iarthair Láir	2,000
Iomlán	**95,000**

Bhronn Méara Luimnigh, an Clr. Kathleen Leddin, Teastas Oidhreachta Éireannaigh ar Jimmy Carr, Fuirseoir Sasanach agus Pearsantacht Teilifíse

Tóstal Éireann

D'éirigh go han-mhaith le "Bliain an Tóstail" i Luimneach i 2013, le beagnach 200 Imeachtaí Tostail ar siúl i mbeagnach gach baile agus sráidbhaile sa Chontae, ag tabhairt na mílte cuairteoirí go Luimneach le bheith in éineacht linn ag ceiliúradh ár nGaolachas. Bhí imeachtaí éagsúla ar siúl, ó Theacht le Chéile na gClann go himeachtaí spóirt, Féilte Bia agus Ceolchoirmeacha. In éineacht leis na hImeachtaí Pobail Áitiúla a bhí ar siúl, d'ainmnigh an Chomhairle Cathrach agus Contae trí mhórimeachtaí a ndearna IPB insurance tacaíocht airgeadais a sholáthar dóibh.

Ba iad na himeachtaí seo ná Féile Luais na hÉireann, Rugbaí Leaiste Iontaobhas Cathartha agus Comórtas Idirnáisiúnta Deartha agus Faisin Luimnigh, a ainmníodh do "Dhuaiseanna Feabhais i Rialtais Áitiúil". Bhí Clár Nationwide RTÉ mar chuid den imeacht seo freisin agus tugadh fócas an-dearfach ar Luimneach.

Le linn bhliana an Tóstail, bhronn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Teastas Oidhreachta Éireannaigh ar Jimmy Carr, Fuirseoir Sasanach agus Pearsantacht Teilifíse, toisc gur as Luimneach dá thuismitheoirí. Bhronn Méara Luimnigh, an Clr Kathleen Leddin an dámhachtain ar Jimmy Carr i gCeoláras Ollscoil Luimnigh ar an 23ú Samhain 2013.



FORBAIRT & PLEANÁIL GHEILLEAGRACH

Tom Enright
Stiúrthóir Seirbhísí,
Forbairt & Pleanáil Gheilleagrach

COMHAIRLE CONTAE LUIMNIGH

- Forbairt & Pleanáil Gheilleagrach
- Bainistíocht Forbartha
- Forfheidhmiú
- Rannaíocaíochtaí Forbartha
- Pleanáil Chun Tosaigh
- Tionscadal an Chiste Forbartha Leithdháileadh do 2013
- Tuarascáil ar Phríomhthháscairí Feidhmíochta Pleanála Chontae Luimnigh - 2013

COMHAIRLE CATHRACH LUIMNIGH

- Pleanáil
- An Coiste Forbartha Beartais Eacnamaíoch agus Pleanála don Todhchaí
- Príomhthháscairí Feidhmíochta Pleanála Chontae Luimnigh – 2013

COMHAIRLE CONTAE LUIMNIGH
FORBAIRT & PLEANÁIL GHEILLEAGRACH

Economic Development & Planning

Lean an Stiúrthóireacht le freastal ar a riachtanais reachtúla maidir le hiarratais phleanála, ceisteanna forfheidhmithe pleanála agus athbhreithnithe agus ullmhú na bPleananna Ceantair Áitiúil chomh maith le ról réamhghníomhach maidir le spreagadh agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt fiontraíochta agus deiseanna fostaíochta ar fud an Chontae.

Bainistíocht Forbartha

Rinne Rannóg na Bainistíochta Forbartha próiseáil ar os coinn 700 iarratas pleanála i 2013.

I rith 2013, cuireadh feabhas ar rochtain an phobail ar sheirbhísí pleanála trí mhéadú a dhéanamh ar uaireanta oscailte cuntair don phobal.

Fanann an mean-am feithimh do chruinniú pleanála le plé a dhéanamh ar iarratais phleanála a fhéadfaí a dhéanamh ag sé lá oibre.

Príomhstaitisticí:

- Fuair Comhairle Contae Luimnigh 777 iarratas pleanála in 2013;
- Measadh 27 iarratas a bheith neamhbhailí ag tosach an phróisis phleanála in 2013 agus measadh 50 eile aa bheith neamhbhailí ina dhiaidh sin toisc nár ghéill an suímh fógra do nariachtanais rialála;
- Rinneadh cinntí maidir le 654 iarratas in 2013: 634 cinneadh cead pleanála a dheonadh agus 31 cinneadh ar dhiúltú, ionann le ráta deonta 95.3% agus ráta diúltaithe 4.7%;
- Cinneadh 153 iarratas pleanála ar thithe aonair agus 18 iarratas ar fhorbairt thithíochta in 2013;
- Den 153 cinneadh a rinneadh maidir le tithe indibhidiúla, bhí 92% ina gcinneadh ar chead pleanála a dheonadh;
- Cuireadh Ráiteas Tionchair Timpeallachta isteach le sé iarratas;
- Den 39 cinneadh a rinne an Chomhairle agus a tugadh faoi bhráid an Bhord Pleanála agus ar a ndearna siad cinneadh in 2013, sheas an Bord le 29 ionann le ráta dearfa de 74% ar chinntí na Comhairle;
- Tionóladh 328 cruinniú pleanála le hiarratasóirí ionchasacha arc head pleanála i 2013. Ba é an meánaga feithimh ar a leithéid de chruinniú ar sé lá oibre;
- Fuarthas 103 iarratas le síneadh a chur le fad chead pleanála i 2013.

Forfheidhmiú

De réir riachtanais reachtúla Acht Pleanála agus Forbartha 2000-2013 chuir Comhairle Contae Luimnigh tús le gníomh forfheidhmiúcháin d'fhon a chinntiú go gcomhlíonfaí cead pleanála agus go gcuirfí cosc ar fhorbairt neamhúdaraithe. Leagann an tábla thíos amach an ghníomhaíocht fhorfheidhmithe a glacadh i rith 2013.

Gearáin a Fuarthas	353
Gearáin nár Glacadh leo	21
Gearáin a Réitíodh	265
Litreacha Rabhaidh Eisithe	203
Fógraí Forfheidhmithe Eisithe	134
Ionchúisimh	53

Rannaíocaíochtaí Forbartha

Foilsíodh Treoirlínte Nua le cabhrú leis na hÚdaráis Phleanála maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar a Scéim Ranníocaíochta Forbartha i mí Eanáir 2013. Ceapadh an treoir seo le cabhrú leis na húdaráis phleanála cothromaíocht a bhaint amach, tríd a scéimeanna ranníocaíochta forbartha, idir chostas na seirbhísí a sholáthraítear agus an gá le tacú le gníomhaíocht gheilleagrach. Dá bhrí sin, caithfidh cur chun cinn ar phatrúin fhorbartha inbhuanaithe, infheistíocht i mbonneagar caipitil a fháil agus gniomhaíocht gheilleagrach a spreagadh a bheith mar phríomhaidhm ag scéimeanna ranníocaíochta forbartha sa todhchaí.

Thosaigh Comhairle Contae Luimnigh ar athbhreithniú a dhéanamh ar a scéim ranníocaíochta forbartha i 2012. Ullmhaíodh Dréacht-Scéim Ranníocaíochta Forbartha 2014-2016 ansin agus foilsíodh í de réir an nóis imeachta reachtúil maidir le Scéim Ranníocaíochta a ullmhú faoi mar atá leagtha síos in Alt 48(6) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2013.

Fuarthas aighneachtaí maidir léi seo agus ghlac Comhairle Contae Luimnigh leis an Scéim Ranníocaíochta Forbartha 2014-2016 nua ag cruinniú a tionóladh ar an 16ú Nollaig 2013. Tá soláthar sa scéim seo do laghdú suntasach ar leibhéal na ranníocaíochtaí forbartha thar réimse leathan forbairtí. Cuireadh feabhas ollmhór ar bhailiú agus dul sa tóir ar ranníocaíochtaí forbartha gan íoc leis an gCóras Ranníocaíochta Pleanála & Forbartha (RPF) a cuireadh ann i 2011. Mar sin féin, le laghdú suntasach ar ghníomhaíocht thógála, tá laghdú suntasach i gcónaí ar ioncam sa réimse seo faoi mar a bhí i 2012 agus tá tionchar aige seo dá réir ar líon na dtionscadal atá cistithe ón gCiste Forbartha. Is dúshlán leanúnach é a chinntiú go mbíonn cistiú ar fáil le haghaidh a thabhairt ar thionscadail chaipitil a chur chun cinn agus le tabhairt faoi easnaimh ar an mbonneagar sa Chontae.

Airgead a fuarthas in 2013 de réir Scéime Ranníocaíochta Forbartha	**€1,150,354.67**
Airgead amuigh maidir le hiarratais a tosaíodh i 2013 de réir na Scéime Ranníocaíochta Forbartha	**€1,516,907.98**

Pleanáil Chun Tosaigh

Tá freagracht ar an Rannóg Pleanála Chun Tosaigh as taighde, ullmhú agus cur ar fáil na ndoiciméad beartais pholasaí agus as pleanáil d'fhorbairt inbhuanaithe tithíochta, bonneagair, forbairt gheilleagrach agus chomhshaoil sa Chontae.

Pleananna Ceantair Áitiúil:
I ndiaidh tréimhse comhairliúcháin fhairsing leis an bpobal ullmhaíodh Plean Ceantair Áitiúil Chaisleán Uí Chonaill agus glacadh leis i nDeireadh Fómhair 2013. Is aidhm don Phlean Ceantair Áitiúil creat a bhunú d'fhorbairt pleanáilte, comhordaithe agus inbhuanaithe do shráidbhaile Chaisleán Uí Chonaill, ar a n-áirítear caomhnú agus feabhsú a timpeallachta nádúrtha agus tógtha sna sé bliana atá romhainn agus ina dhiaidh sin.

Tosaíodh ar athbhreithniú ar Phleanna Ceantair Áitiúil Mhainistir na Féile agus An Caisleán Nua sa ráithe deireanach de 2013 le foilsiú "First Issues" do bhailte agus do cheardlanna comhairliúcháin leis an bpobal araon i nDeireadh Fómhair 2013.

Pleananna Pobail
Ullmhaíodh dréacht-Ráiteas um Dhearadh Sráidbhaile i gcomhar leis an bpobal áitiúil do Dhrom Collachair, ina raibh cur síos ar shaintréithe ar leith na comharsanachta, agus soláthraíonn sé treoir dheartha a mbeadh tionchar aici ar fhorbairt sa todhchaí agus a chuirfeadh feabhas ar cháilíochtaí fisiciúla an cheantair. Soláthraíodh comhairle agus treoir maidir le pleanáil freisin do ghrúpaí pobail in ullmhúchán na bPleananna Pobail, ar a n-áirítear Plean Pobail Chnoc Loinge, a d'ullmhaigh Cumann Forbartha Chnoc Loinge.

Caomhantas
Leanann an Chomhairle le seirbhís chomhairleach phleanála a sholáthar do dhuine ar bith ar mhian leo oibreacha a dhéanamh ar fhoirgnimh shuntasacha ó thaobh ailtireachta agus struchtúir atá faoi chosaint sa Chontae. Eisíodh 40 fógra Alt 57 ag tabhairt imlíne ar an gcineál oibreacha a mbeadh nó nach mbeadh tionchar ábhartha acu ar shaintréithe na struchtúr atá faoi chosaint nó ar aon eilimint de na struchtúir.

Faoi Chiste na Struchtúr i mBaol An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta fuarthas €22,400 do dhá thionscadal, .i. Séipéal Chathair Chinn Lis, Sráid na Beairice agus Teach Tabhairne Fennessy le Díon Tuí, Eas Géitine.

Oidhreacht
Déanann an Oifigeach Oidhreachta cosaint agus caomhnú leanúnach a chinntiú maidir le hoidhreacht Luimnigh trí thuairiscí scagthástála a ullmhú do Mheasúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta agus Measúnachtaí Oiriúnacha do thionscadail éagsúla infreastruchtúir.

Forbairt ar Leithdháilte Chiste Forbartha 2013

Tionscadal	Leithdháileadh cistiúcháin (€)
Eastáit Neamhchríochnaithe	120,000
Fáil Talún – Páirc na bPurlán Theas	65,000
Ionad Fiontar Pobail Chromadh	30,000
Ionad Oidhreachta Loch Goir	20,000
Ionad Fiontraíochta Pobail Chill Mocheallóg	25,000
Ionad Fiontar Pobail Cheann Tóchair	30,000
Músaem Eitlíochta & Muirí na Fainge	30,000
Oibreacha Taitneamhachta Loch Goir	50,000
WWTP Bhaile an Fhaoitigh	60,000
Athnuachan Sráidbhaile Mhungairit	170,000
Fáil Réadmhaoine Mhainistir na Féile	110,000
Cistiúchán Ceantair	150,000
Carrchlós Chathair Chinn Lis	15,000
Bóthar Rochtana ar Thailte Pobail in Áth Dara	50,000
Bonneagar Sheirbhísí Uisce	150,000
Costais Phleanála Chun Cinn	150,000
	1,105,000

Tuarascáil ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta Pleanála Chontae Luimnigh – 2013

Tréimhse Ama	Ean – Noll 2013
Forbairtí Nua Tithíochta	
Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	18
Líon na gcinntí laistigh de 8 seachtaine	4
Líon na gcinntí a raibh gá le breis eolais a fháil ina dtaobh.	14
Líon na gcinntí mar ar aontaigh an t-iarratasóir ar shíneadh ama, faoi Alt 34(9).	0
Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar raibh tuilleadh faisnéise á lorg	78
Líon na ndeontas	15
Líon ar diúltaíodh dóibh	3
Líon na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	0
Líon na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh	0
Tithe Aonair	
Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	153
Líon na gcinntí laistigh de 8 seachtaine	39
Líon na gcinntí a raibh gá le breis eolais a fháil ina dtaobh.	110
Líon na gcinntí mar ar aontaigh an t-iarratasóir ar shíneadh ama, faoi Alt 34(9).	4
Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg	77
Líon na ndeontas	141
Líon ar diúltaíodh dóibh	12
Líon na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	3
Líon na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh	4
Eile: Nach bhfuil gá le MTC	
Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	488
Líon na gcinntí laistigh de 8 seachtaine	205
Líon na gcinntí a raibh gá le breis eolais a fháil ina dtaobh.	277
Líon na gcinntí mar ar aontaigh an t-iarratasóir ar shíneadh ama, faoi Alt 34(9).	6
Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg	77
Líon na ndeontas	473
Líon ar diúltaíodh dóibh	15
Líon na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	22
Líon na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh	4
Eile: Gá le MTC	
Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	6
Líon na gcinntí laistigh de 8 seachtaine	1
Líon na gcinntí a raibh gá le breis eolais a fháil ina dtaobh.	5
Líon na gcinntí mar ar aontaigh an t-iarratasóir ar shíneadh ama, faoi Alt 34(9).	0
Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg	101
Líon na ndeontas	5
Líon ar diúltaíodh dóibh	1
Líon na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	4
Líon na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh	2

Tuarascáil ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta Pleanála Chontae Luimnigh – 2013 *(ar lean)*

Tréimhse Ama	Ean - Noll 2013
Uaireanta Oscailte don Phobal	
Meánuaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	32.5
Comhairliúcháin	
Líon na gcruinnithe comhairliúcháin réamhphleanála a tionóladh	328
Meánfhad ama (i laethanta) ó iarrtar comhairliúchán le pleanálaí údaráis áitiúil go cruinniú foirmeálta do chomhairliúchán réamhphleanála	6
Forfheidhmiú Pleanála	
Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán fúthu a ndearnadh imscrúdú orthu	353
Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán futhu a caitheadh amach	1
Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán futhu a réitíodh trí idirbheartaíocht	265
Líon na n-imeachtas forfheidhmithe a glacadh trí litreacha rabhaidh	203
Líon na n-imeachta forfheidhmithe a glacadh trí fhógraí forfheidhmithe	134
Líon na n-ionchúiseamh	53
Eastáit a thógáil ar láimh	
A: Líon na n-eastát cóntaithe a bhfuil a gcead pleanála dulta in éag a raibh iarratas foirmeálta i scríbhinn ar iad a thógáil ar láimh (ó áitritheoirí nó forbróirí) idir lámha ag tús na bliana.	69
B: Líon na n-eastát a tógadh ar láimh sa bhliain atá i gceist	20
C: Líon na n-ionad cónaithe maidir le B thuas	1182
D: % na n-eastát i gcolún A nach bhfuil críochnaithe chun sástachta an údaráis phleanála de réir an cheada pleanála	29
E: Líon na n-eastát i gcolún D ar glacadh gníomhaíocht fhorfheidhmithe ina dtaobh sa bhliain atá i gceist / nó ar glaodh isteach ar bhanna	19
F: Líon na n-eastát i gcolún D a ndearna an t-údarás oibreacha orthu d'fhonn an eastát a thabhairt go caighdeán cuí le tabhairt ar láimh	2

COMHAIRLE CATHRACH LUIMNIGH
FORBAIRT & PLEANÁIL GHEILLEAGRACH

Pleanáil

Acmhainn eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Cathrach a bhaint amach trí bhonneagar a sholáthar agus cur chun cinn a dhéanamh ar mhiondíol, turasóireacht agus ar fhorbairt ghinearálta tráchtála agus tionsclaíoch. A chinntiú go mbíonn ionchur acu sin go léir a bhfuil spéis acu i bhforbairt pleanála agus geilleagrach na Cathrach i gceapadh na bpolasaithe pleanála.

Áirítear ar phríomhsheirbhísí na rannóige seo:

- Rialú agus bainistiú thograí forbartha d'fhonn pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe na Cathrach a chinntiú
- Comhairle agus Treoir a sholáthar ar a n-áirítear cruinnithe réamhphleanála in aisce
- Rialú Forbartha
- Déanamh de réir Phlean Forbartha na Cathrach Forfheidhmiú na gclár Rialtais maidir le forbairtí díolmhaithe ó chain
- An Timpeallacht Nádúrtha a Chaomhnú
- Oidhreacht Ailtireachta agus Uirbeach na Cathrach a chosaint agus a fheabhsú
- Feidhmiú na limistéar agus na gceadúnas corrthrádála
- Comhordú ar cheadúnú d'Imeachtaí agus d'Fhéilte

Ar na hoibreacha a déanadh i rith na bliana bhí:

- Athbhreithniú agus glacadh le Scéim Ranníocaíochta Forbartha nua
- Rannpháirtíocht i Máistirphlean Athghiniúna Luimnigh
- Forbairt agus brandáil ar chorrthrádáil 'Lucth Trádála Sráide Luimnigh' agus 'Ar an Satharn ar Shráid an Chrúisigh'
- Seoladh Chreatphlean Comhtháite na Sionainne (CPCS)
- Comhordú ar cheadúnú dhá mhórimeachtaí – ceolchoirm Bruce Springsteen agus Cathair an Chultúir
- Ceiliúradh faoin aer Oíche Chinn Bhliana
- Teagmháil le coistí na bhféilte maidir le Lá Fhéile Pádraig, Riverfest, Elemental, Make a Move etc.
- Riaradh Chiste na Struchtúr i mBaol
- Deontas d'Iontaobhas Cathartha Luimnigh
- Fuarthas Cuid IX d'fhonn an tSeirbhís Chúirteanna a aistriú chug Sráid Mulgrave
- Foilsiú ar Threoir maidir le 'Imeachtaí a Phleanáil'
- Dul chun cinn ar fhorfheidhmiú Taisteal níos Cliste

Cead Pleanála sunatsach a tugadh i 2013 ar a raibh:

- 10 athrú úsáide i lár na cathrach
- Bunscoil nua ar Bhóthar Bhaile an Róistigh
- Rochtain nua ar Scoil Neasáin
- Oibreacha Gáis
- Ionad Ógra LYS, Baile Uí Neachtain
- Cead pleanála do cheolchoirmeacha i bPáirc na nGael

Cuid VIII
Oifig Nua Athghiniúna don Taobh ó Dheas
Cur le Reilig Chnocán San Labhrás
Ranníocaíochtaí Forbartha
Bailíodh €645,000 i Ranníocaíochtaí Forbartha i 2013

An Coiste Forbartha Beartais Eacnamaíoch agus Pleanála don Todhchaí

Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i 2013.

Tharla láithreoireachtaí agus plé ar réimse ceisteanna ar a raibh:

- Plean Eacnamaíochta agus Spásúlachta Luimnigh - Luimneach 2030
- Scéim Ranníocaíochta Forbartha
- Comhstraitéis Spóirt agus Aclaíochta Áineasa Luimnigh agus An Chláir.
- Old Royal Cinema
- Creatphlean Straitéiseach Comhtháite d'Inbhear na Sionainne 2013 - 2020
- Forbairt ar an suíomh ar tugadh The Opera Centre roimhe seo air
- Imeachtaí Agus Féilte
- Láithreáin Dhearóla

Príomhtháscairí Feidhmíochta Pleanála Chontae Luimnigh – 2013

P1 Iarratais Phleanála – Cinnteoireacht – TITHE AONAIR		
A	Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	1
B	Líon na gcinntí in A ar déanadh cinneadh orthu laistigh de 8 seachtaine	0
C	Líon na gcinntí in A a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh	1
D	Líon na gcinntí in A ar aontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000-2013	0
E	Méan-am (i laethanta) a thóg sé chun cinneadh a dhéanamh ar chás mar a iarradh breis eolais	62
F	Céatadán na n-iarratas a deonadh	100%
G	Céatadán na n-iarratas a diúltaíodh	0
H	Céatadán na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	0
I	Céatadán na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh	0

Forbairtí Nua Tithíochta		
A	Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	0
B	Líon na gcinntí in A ar déanadh cinneadh orthu laistigh de 8 seachtaine	0
C	Líon na gcinntí in A a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh	0
D	Líon na gcinntí in A ar aontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000-2013	0
E	Méan-am (i laethanta) a thóg sé chun cinneadh a dhéanamh ar chás mar a iarradh breis eolais	0
F	Céatadán na n-iarratas a deonadh	0
G	Céatadán na n-iarratas a diúltaíodh	0
H	Céatadán na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	0
I	Céatadán na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh	0

Eile: Nach raibh Measúnacht Tionchair Timpeallachta ag teastáil dóibh		
A	Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	151
B	Líon na gcinntí in A ar déanadh cinneadh orthu laistigh de 8 seachtaine	79
C	Líon na gcinntí in A a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh	69
D	Líon na gcinntí in A ar aontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000-2013	0
E	Méan-am (i laethanta) a thóg sé chun cinneadh a dhéanamh ar chás mar a iarradh breis eolais	67.8
F	Céatadán na n-iarratas a deonadh	93.3
G	Céatadán na n-iarratas a diúltaíodh	6.6
H	Céatadán na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	66.6
I	Céatadán na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh	33.3

Príomhtháscairí Feidhmíochta Pleanála Chontae Luimnigh – 2013 *(ar lean)*

Eile: A raibh Measúnacht Tionchair Timpeallachta ag teastáil dóibh		
A	Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	1
B	Líon na gcinntí in A ar déanadh cinneadh orthu laistigh de 8 seachtaine	0
C	Líon na gcinntí in A a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh	1
D	Líon na gcinntí in A ar aontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi alt 34(9) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000-2013	0
E	Méan-am (i laethanta) a thóg sé chun cinneadh a dhéanamh ar chás mar a iarradh breis eolais	77
F	Céatadán na n-iarratas a deonadh	100
G	Céatadán na n-iarratas a diúltaíodh	0
H	Céatadán na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	0
I	Céatadán na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh	0

P2 Forfheidhmiú Pleanála		
A	Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán fúthu a ndearnadh imscrúdú orthu	99
B	Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán futhu a caitheadh amach	20
C	Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán futhu a réitíodh trí idirbheartaíocht	8
D	Líon na n-imeachtas forfheidhmithe a glacadh trí litreacha rabhaidh	71
E	Líon na n-imeachta forfheidhmithe a glacadh trí fhógraí forfheidhmithe	24
F	Líon na n-ionchúiseamh	4

P3 Pleanáil ar Uaireanta Oscailte don Phobal		
A	Meánuaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	35

P4 Comhairliúcháin Réamh-Phleanála		
A	Líon na gcruinnithe comhairliúcháin réamhphleanála a tionóladh	134
B	Meánfhad ama (i laethanta) ó iarrtar comhairliúchán le pleanálaí údaráis áitiúil go cruinniú foirmeálta do chomhairliúchán réamhphleanála	7

Príomhtháscairí Feidhmíochta Pleanála Chontae Luimnigh - 2013 *(ar lean)*

P6 Eastáit a Thógáil i gCúram		
A	Líon na n-eastát cóntaithe a bhfuil a gcead pleanála dulta in éag, a raibh iarratas foirmeálta i scríbhinn ar iad a thógáil ar láimh (ó áitritheoirí nó forbróirí) idir lámha ag tús na bliana	50*
B	Líon na n-eastát a tógadh i gcúram sa bhliain atá i gceist	0
C	Líon na n-áras cónaithe maidir le B	0
D	Céatadán na n-eastát i gcolún A nach bhfuil críochnaithe chun sástachta an údaráis phleanála de réir an cheada pleanála	0
E	Líon na n-eastát i gcolún D ar glacadh gníomhaíocht fhorfheidhmithe ina dtaobh sa bhliain atá i gceist agus/nó ar glaodh isteach ar bhanna	5
F	Líon na n-eastát i D a ndearna an t-údarás oibreacha orthu d'fhonn an eastát a thabhairt go caighdeán cuí le tógáil i gcúram	0

* Ghlac an Rannóg Pleanála ceannas i Meitheamh 2013 agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar gach comhad a aistríodh, seo iad ár gcinntí.

AIRGEADAS & ICT

Tom Gilligan
Ceannasaí Airgeadais Gníomhach & ICT

COMHAIRLE CONTAE LUIMNIGH
- Athbhreithniú Ioncaim agus Caiteachais
- Clár Comhardaithe
- Ioncam & Caiteachas Ráiteas Cuntais

COMHAIRLE CATHRACH LUIMNIGH
- Athbhreithniú Ioncaim agus Caiteachais
- Clár Comhardaithe
- Ioncam & Caiteachas Ráiteas Cuntais

Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide (TFC)

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS – COMHAIRLE CONTAE LUIMNIGH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2013

Athbhreithniú Ioncaim agus Caiteachais

Athbhreithniú ar Chaiteachas Ioncaim
Ba é an caiteachas ioncaim don bhliain ná €99,790,355 roimh aistriú. B'ionann Aistriú chuig Cúltacaí agus €7,085,827 rud a thugann figiúr iomlán caiteachais de €106,876,182 do 2013. Ba é an ioncam fíor do 2013 ná €107,454,822 mar a raibh barrachas ioncaim de €578,640 do 2013. Nuair a chuirtear seo leis an easnamh oscailte de €-549,283 fágann sin barrachas carntha de €29,357 ar an 31 Nollaig 2013.

Tá párolla i gcónaí ar cheann de na costais is suntasaí le costas iomlán an phárolla i 2013 ag €36,812,027 (gan Pinsin CGOid a áireamh). I 2012 b'ionann costais phárolla (gan pinsin CCOid a áireamh) agus 37% den chaiteachas iomlán agus d'fhan an céatadán seo ag 37% den chaiteachas iomlán i 2013. Léiríonn seo an gá atá le tiomantas leanúnach athailíniú a dhéanamh ar chaiteachas pá agus neamhphá sa Chomhairle Contae. Tháinig laghdú ar chostas an phárolla i 2013 ó leibhéal 2012 de bharr gur tugadh céimeanna isteach a rinne rialú ar chostais phárolla ar a n-áirítear gan athnuachan a dhéanamh ar chonarthaí sealadacha agus gan folúntais a líonadh i 2013. Tá Pinsin & Aiscí níos isle i 2013 i gcomparáid le 2012 de bharr na gcostas a bhaineann leis an scéim luath-scoir ag deireadh mhí Feabhra 2012. Leanfar le costais phá agus fhoirne a scrúdú i rith 2014 d'fhonn foinsí breise sábhála a aithint nuair is féidir é.

Tugtar achoimre ar chaiteachas de réir na bpríomhréimsí caiteachais mar a leanas:

	2013 % Caiteachais		2012 % of Caiteachais	
	€	%	€	%
Párolla	36,812,027	34.4%	38,107,672	35.1%
Costais oibríochtúla	50,939,929	47.7%	52,532,797	48.5%
Costais riaracháin	3,393,799	3.2%	2,953,623	2.7%
Costais bhunaithe	225,834	0.2%	243,539	0.2%
Costais airgeadais	7,089,129	6.6%	7,702,636	7.1%
Ilghnéitheach	1,329,638	1.2%	2,718,928	2.5%
Aistriú chuig Cúltacaí	7,085,827	6.7%	4,164,020	3.8%
Caiteachas Iomlán	**106,876,182**	**100.0%**	**108,423,215**	**100.0%**

Athbhreithniú ar Ioncam
B'ionann ioncam don bhliain agus €107,454,822. B'ionann seo agus laghdú €804,038 ar an ioncam iomlán i 2012 (€108,258,860). Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na príomhfhoinsí ioncaim:

		2013		2012
	€	%	€	%
Deontais & Fóirdheontais	23,954,112	22%	25,820,218	24%
Ranníocaíochtaí ó údaráis áitiúla eile	318,493	0%	279,713	0%
Earraí & Seirbhísí	34,748,716	32%	34,421,902	32%
	59,021,321	**54%**	**42,504,572**	**56%**
Ciste Rialtais Áitiúil	17,668,930	17%	17,229,946	16%
Rátaí	29,070,112	27%	28,807,773	26%
Déaduchtú a bhaineann le pinsin	1,694,459	2%	1,699,308	2%
	107,454,822	**100%**	**108,258,860**	**100%**

In ainneoin laghdú foriomlán ar ioncam, rinne Comhairle Contae Luimnigh gach iarracht tionchar an laghdaithe sin ar sholáthar seirbhísí do 2013 a laghdú. Bíonn an Chomhairle de shíor ag déanamh monatóireachta ar a sruthanna ioncaim agus á chinntiú go mbíonn bailiú airgid mar thosaíocht i gcónaí.

Athbhreithniú ar Chlár Comhardaithe
Léiríonn an Clár Comhardaithe a cuireadh i láthair go raibh Costas Sóchmhainní Seasta de €3,057,478,531 ag Comhairle Contae Luimnigh i 2013. Baineann formhór an fhigiúir seo le Bóithre agus Bonneagar de €2,098,870,969 agus líonraí Uisce / Séarachais de €551,704,452. Ba é Glanluach na Sóchmhainní i ndiaidh dímheasa ná €2,782,605,16.

Ba é iomlán an chaiteachais chaipitil do 2013, ag áireamh aistriú, ná €23,839,779. Ba é an figiúr comparáideach do 2012 ná €31,086,015, ar ionann é agus laghdú caiteachais de 23%. Ba é an ioncam caipitil, ag áireamh aistriú do 2013 ná €26,113,521, i gcomparáid le €36,456,709 do 2012, ar laghdú 28% é.

Bhí céatadáin den bhailiúchán d'fhiacha eile, ar a n-áirítear Rátaí Tráchtála agus Uisce, faoi bhrú leanúnach i rith 2013. Ba iad na riaráistí a bhí gan íoc maidir le rátaí tráchtála ar an 31ú Nollaig, 2013 ná €5,399,823. Is ionann an figiúr seo agus 82% den bhailiúchán don bhliain, ar ionann é agus 2012.

Achoimre
Cúltaca Ioncaim Ghinearálta ar an 31ú Nollaig, 2013 ná €29,357. Ba é an comhardú ar an gCuntas Caipitil ar an 31ú Nollaig, 2013 ná €22,404,131. Tá ról riachtanach ag na seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Contae Luimnigh maidir le tacú le gnólachtaí ar fud Luimnigh. Leanfar le bainistiú a dhéanamh ar ár n-airgeadas lena chinntiú go soláthraítear seirbhísí ar ardchaighdeán agus go dtugtar luach ar airgead do shaoránaigh Luimnigh. Leanfar le monatóireacht ar chaiteachas airgeadais agus déanfar an coigeartú a bhíonn ríochtanach nuair a éilítear sin.

CLÁR COMHARDAITHE AR AN 31ú NOLLAIG 2013

Tugann an cuntas seo achoimre ar riocht airgeadais Chomhairle Cathrach Luimnigh ag deireadh na bliana, léirithe de réir luach a sóchmhainní lúide dliteanais agus leibhéal na n-iarmhéideanna agus na gcúlchistí atá ar fáil di.

	2013 €	2012 €
Sócmhainní Seasta		
Feidhmeach	382,975,526	385,119,776
Infreastruchtúrtha	2,376,477,945	2,383,392,101
Pobal	552,748	552,748
Neamh-fheidhmeach	12,302,624	12,302,624
	2,772,308,843	2,781,367,249
Obair idir Lámha agus Réamhchostais	41,188,237	33,687,431
Féichiúnaí Fadtéarmacha	25,144,904	26,252,185
Sóchmhainní Reatha		
Stoc	240,675	296,852
Féichiúnaí Trádála agus Réamhíocaíochtaí	14,217,039	11,742,337
Infheistíochta Bainc	16,186,020	17,958,311
Airgead sa Bhanc	3,184,859	1,136,520
Airgead faoi Bhealach	5,075	5,075
Cuntas Uirbeach	-	-
	33,833,668	31,139,095
Dliteanas Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)		
Rótharrach Bainc	-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	15,353,697	16,528,712
Cuntas Uirbeach	-	-
Léasanna Airgeadais	-	-
	15,353,697	16,528,712
Sóchmhainní Reatha Glan / (Dliteanais)	**18,479,971**	14,610,383
Creidiúnaithe (Suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)		
Iasachtaí Iníoctha	56,161,861	59,432,285
Léasanna Airgeadais	-	-
Éarlaisí Inaisíoctha	1,454,225	1,508,311
Eile	99,713	433,184
	57,715,799	61,373,780
Glansóchmhainní	**2,799,406,156**	2,794,543,468
Léirithe ag		
Cuntas Caipitlithe	2,772,308,843	2,781,367,249
Ioncam WIP	39,369,856	35,194,647
Sain-chúlchiste Ioncaim	384,904	384,904
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim	29,361	(549,283)
Comharduithe Eile	(12,686,810)	(21,854,052)
Cúlchiste Iomlán	**2,799,406,154**	2,794,543,465

RÁITEAS UM CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2013

Tugann an Ráiteas um Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas uile a bhaineann le hioncam le chéile. Léiríonn sé barrachas / (easnamh) don bhliain.

Caiteachas de réir Ranna

	Ollchaiteachas 2013 €	Ioncam 2013 €	Glanchaiteachas 2013 €	Glanchaiteachas 2012 €
Tithíocht agus Tógáil	10,247,424	10,788,682	(541,258)	(571,711)
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	22,674,814	15,004,282	7,670,532	8,221,321
Seirbhísí Uisce	20,749,314	11,144,178	9,605,136	11,074,672
Bainistíocht Forbartha	5,279,687	1,002,644	4,277,043	4,486,407
Seirbhísí Comhshaoil	22,292,681	13,342,925	8,949,757	9,765,637
Áineas agus Taitneamhacht	4,531,436	268,577	4,262,859	4,619,449
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	4,555,432	3,766,196	789,236	676,440
Ilseirbhísí	9,459,563	3,703,837	5,755,726	5,465,147
	-	-	-	-
Caiteachas/Ioncam Iomlán	**99,790,351**	**59,021,321**		
Costas glan na Ranna atá le cistiú ó Rátaí agus ó Chiste an Rialtais Áitiúil			**40,769,030**	43,737,362
Rátaí			29,070,112	28,807,773
Ciste Rialtais Áitiúil –Deontas Ilfhóinteach			17,668,930	17,229,946
Déaduchtú a bhaineann le pinsin			1,694,459	1,699,308
			-	-
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh Aistrithe			**7,664,471**	**3,999,665**
Aistrithe ó/(go) Chúlchiste			(7,085,827)	(4,164,020)
Ollbharrachas / (Easnamh) don bhliain			**578,644**	**(164,356)**
Cúlchiste Ginearálta ar an 1ú Eanáir 2013			(549,283)	(384,927)
Cúlchiste Ginearálta ar an 31ú Nollaig 2013			**29,361**	**(549,283)**

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS – COMHAIRLE CATHRACH LUIMNIGH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2013

Athbhreithniú Ioncaim agus Caiteachais

Athbhreithniú ar Chaiteachas Ioncaim
Ba é an caiteachas ioncaim don bhliain ná €75,870,998 roimh aistriú. B'ionann Aistriú chuig Cúltacaí agus €6,134,930 rud a thugann figiúr iomlán caiteachais de €82,005,928 do 2013. Ba é an ioncam fíor do €82,024,018 ná 2013 mar a raibh barrachas ioncaim de do €18,090. Nuair a chuirtear seo leis an mbarrachas oscailte de €526,300 fágann sin barrachas carntha de €544,390 ar an 31 Nollaig 2013.

Tá párolla i gcónaí ar cheann de na costais is suntasaí le costas iomlán an párolla i 2013 ag €29,708,735 (gan Pinsin CGOid a áireamh). I 2012 b'ionann costais párolla (gan pinsin CCOid a áireamh) agus 38% den chaiteachas iomlán agus d'fhan an céatadán seo ag 36% den chaiteachas iomlán i 2013. Léiríonn seo an gá atá le tiomantas leanúnach athailíniú a dhéanamh ar chaiteachas pá agus neamhphá sa Chomhairle Cathrach. Tháinig laghdú ar chostas an párolla i 2013 ó leibhéal 2012 de bharr gur tugadh céimeanna isteach a rinne rialú ar chostais párolla ar a n-áirítear gan athnuachan a dhéanamh ar chonarthaí sealadacha agus gan folúntais a líonadh i 2013. Tá Pinsin & Aiscí níos isle i 2013 i gcomparáid le 2012 de bharr na gcostas a bhaineann leis an scéim luath-scoir ag deireadh mhí Feabhra 2012. Leanfar le costais phá agus fhoirne a scrúdú i rith 2014 d'fhonn foinsí breise sábhála a aithint nuair is féidir é.

Tugtar achoimre ar chaiteachas de réir na bpríomhréimsí caiteachais mar a leanas:

	2013 % Caiteachais		2012 % Caiteachais	
	€	%	€	%
Párolla	29,708,735	36.2%	31,176,419	38.0
Costais oibríochtúla	29,356,959	35.8%	27,068,162	33.0%
Costais riaracháin	5,675,516	6.9%	5,391,627	6.6%
Costais bhunaithe	2,407,212	2.9%	2,861,803	3.5%
Costais airgeadais	7,377,927	9.0%	7,526,687	9.2%
Ilghnéitheach	1,344,650	1.6%	1,026,495	1.3%
Aistriú chuig Cúltacaí	6,134,930	7.5%	7,010,752	8.5%
Caiteachas Iomlán	**82,005,928**	**100.0%**	**82,061,946**	**100.0%**

Athbhreithniú ar Ioncam
B'ionann ioncam don bhliain agus €82,024,018. B'ionann seo agus laghdú €66,770 ar an ioncam iomlán i 2012 (€82,090,775). Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na príomhfhoinsí ioncaim:

	Aguisín	2013		2012
	€	%	€	%
Deontais & Fóirdheontais	12,822,396	16%	13,038,133	16%
Ranníocaíochtaí ó údaráis áitiúla eile	10,937,124	13%	10,720,218	12%
Earraí & Seirbhísí	19,642,412	24%	18,746,221	23%
	43,401,932	**53%**	**42,504,572**	**52%**
Ciste Rialtais Áitiúil	8,264,861	10%	7,758,879	9%
Rátaí				
	29,020,604	35%	30,468,252	37%
Déaduchtú a bhaineann le pinsin	1,336,621	2%	1,359,072	2%
	82,024,018	**100%**	**82,090,775**	**100%**

Rinne roinnt réimsí ioncaim níos fearr sa bhuisead i 2013 rud a d'fhág barrachas thar an mbuiséad san ioncam. Ach go háirithe chuir íocaíocht ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha agus ioncam a bhain le tithíocht le dea-thoradh le hais an bhuiséid. Ba mhaith liom iarracht suntasach na foirne sna ranna seo a mholadh maidir le hioncam breise a thabhairt isteach. Chuirfí an leas a bhaineann le méadú eile ar ioncam mar Chóiríocht do Dhaoine gan Dídean ar ceal le méadú den chineáel céanna ar chaiteachs.

Athbhreithniú ar Chlár Comhardaithe
Léiríonn an Clár Comhardaithe a cuireadh i láthair go raibh Sóchmahinní Seasta de €1,032,560,157 ag Comhairle Cathrach Luimnigh agus Obair idir Lámha de €18,163,710 ar an 31ú Nollaig 2013.

Ba é an caiteachas caipitil do 2013 ná €51.6m. Ba é an figiúr comparáideach do 2012 ná €46.5m, ar ionann é agus méadú caiteachais de €5.1m. B'ionann ioncam caipitil agus €58.2m i 2013, ar mhéadú de €8.5m é ar fhigiúr 2012 de €49.7m. B'ionann deontais agus 85% den ioncam imlán caipitil i 2013.

Bhí céatadáin den bhailiúchán d'fhiacha eile, ar a n-áirítear Rátaí Tráchtála agus Uisce, faoi bhrú leanúnach i rith 2013 go háirithe de bharr an lagtrá eacnamaíoch agus an leibhéal folúntais i gCathair Luimnigh.

Achoimre
Is é an Barrachas Ioncaim do 2013 ná €18,090. Mar thoradh tháinig méadú ar an mbarrachas carntha ioncaim ag deireadh 2013 go dtí €544,390 i gcomparáid le €526,300 ag deireadh 2013. Tá barrachas carnach a choimeád don ochtú bliain as a chéile an-dearfach maidir le hiarrachtaí na mball tofa aghaidh a thabhairt ar staid airgeadais stairiúil Chomhairle Cathrach Luimnigh, agus ina léiriú freisin ar iarrachtaí leanúnach fhoirne na Comhairle luach níos fearr ar airgead a bhaint amach agus éifeachtúlacht a mhéadú le linn na géarchéime eacnamaíochta seo.

CLÁR COMHARDAITHE AR AN 31Ú NOLLAIG 2013

Tugann an cuntas seo achoimre ar riocht airgeadais Chomhairle Cathrach Luimnigh ag deireadh na bliana, léirithe de réir luach a sóchmhainní lúide dliteanais agus leibhéal na n-iarmhéideanna agus na gcúlchistí atá ar fáil di.

	2013 €	2012 €
Sócmhainní Seasta		
Feidhmeach	352,573,415	345,615,375
Infreastruchtúrtha	654,931,912	649,335,542
Pobal	6,203,911	6,138,038
Neamh-fheidhmeach	18,850,919	18,850,919
	1,032,560,157	1,019,939,875
Obair idir Lámha agus Réamhchostaiss	18,163,710	21,217,275
Sóchmhainní Reatha	13,810,743	14,743,189
Current Assets		
Stoc	163,577	199,157
Féichiúnaí Trádála agus Réamhíocaíochtaí	13,436,870	16,669,450
Infheistíochta Bainc	35,164,476	17,283,731
Airgead sa Bhanc	636,779	6,996,552
Airgead faoi Bhealach	-	-
Cuntas Uirbeach	-	-
	49,401,702	41,148,890
Dliteanas Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)		
Rótharrach Bainc	-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	17,358,013	15,492,151
Cuntas Uirbeach	-	-
Léasanna Airgeadais	-	-
	17,358,013	15,492,151
Sóchmhainní Reatha Glan / (Dliteanais)	**32,043,689**	25,656,738
Creidiúnaithe (Suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)		
Iasachtaí Iníoctha	19,267,416	21,372,734
Léasanna Airgeadais	-	-
Éarlaisí Inaisíoctha	475,166	512,225
Eile	138,874	264,581
	19,881,456	22,149,540
Glansóchmhainní	**1,076,696,843**	1,059,407,537
Léirithe ag		
Cuntas Caipitlithe	1,032,560,157	1,019,939,875
Ioncam WIP	18,111,151	19,168,472
Sain-chúlchiste Ioncaim	-	-
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim	544,390	526,300
Comharduithe Eile	25,481,145	19,772,890
Cúlchiste Iomlán	**1,076,696,843**	**1,059,407,537**

RÁITEAS UM CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2013

Tugann an Ráiteas um Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas uile a bhaineann le hioncam le chéile. Léiríonn sé barrachas / (easnamh) don bhliain.

Caiteachas de réir Ranna

	Ollchaiteachas 2013 €	Ioncam 2013 €	Glanchaiteachas 2013 €	Glanchaiteachas 2012 €
Tithíocht agus Tógáil	15,021,291	15,731,998	(710,707)	(843,616)
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	11,025,395	4,803,547	6,221,848	4,180,439
Seirbhísí Uisce	12,330,259	10,056,093	2,274,165	3,480,133
Bainistíocht Forbartha	4,890,348	1,541,513	3,348,836	3,103,738
Seirbhísí Comhshaoil	17,601,761	7,101,248	10,500,513	11,456,632
Áineas agus Taitneamhacht	5,064,442	408,466	4,655,977	4,735,044
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	1,411,992	1,041,004	370,988	539,089
Ilseirbhísí	8,525,510	2,718,063	5,807,446	5,895,163
	-	-	-	-
Caiteachas/Ioncam Iomlán	**75,870,998**	**43,401,932**		
Costas glan na Ranna atá le cistiú ó			**32,469,066**	32,546,622
Rátaí agus ó Chiste an Rialtais Áitiúil				
Rates			29,020,604	30,468,252
Ciste Rialtais Áitiúil –Deontas Ilfhóinteach			8,264,861	7,758,879
Déaduchtú a bhaineann le pinsin			1,336,621	1,359,072
			-	-
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh Aistrithe			**6,153,020**	7,039,581
Aistrithe ó/(go) Chúlchiste			(6,134,930)	(7,010,752)
Ollbharrachas / (Easnamh) don bhliain			**18,090**	28,829
Cúlchiste Ginearálta ar an 1ú Eanáir 2013			526,300	497,471
Cúlchiste Ginearálta ar an 31ú Nollaig 2013			**544,390**	526,300

TEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE & CUMARSÁIDE (TFC)

Nascadh Rannóga na gCóras Faisnéise i gComhairle Cathrach Luimnigh & Comhairle Contae Luimnigh ó mhí Eanáir 2013, le tacú leis an bpróiseas nasctha ar an dá údarás go húdarás nua amháin, agus iad ag tacú i gcónaí le rannóga a gcuspóirí a bhaint amach.

Leanamar le cothabháil & uasghrádú a dhéanamh ar na córais úsáideora deiridh atá ann, le monatóireacht ar shábháilteacht, le comhdhlúthú freastalaí, le cothabháil & uasghrádú ar shuíomhanna Greásáin, agus le deasc chabhrach don úsáideoir a sholáthar i gcaitheamh 2013.

Ar na réimsí nua gníomhaíochta bhí:

Bainistíocht Aistrithe

Is é a bhí i gceist anseo athlonnú foirne idir Ché na gCeannaithe agus Tuar an Daill, agus athlonnú laistigh den dá fhoirgneamh. Tosaíodh ar an bpróiseas aistrithe san Aibreán, agus aistríodh os coin 250 den fhoireann.

Rinne an fhoireann TFC an obair seo a leanas mar u llmhúchán don aistriu:-

- Cuireadh nascadh Sonraí isteach idir oifigí Ché na gCeannaithe agus Thuar an Daill.
- Nascadh na córais teileafóin le glaonna inmheanacha a cheadú idir na hoifigí, agus le héascú a dhéanamh ar uimhreacha a fógraíodh go poiblí a chur ar aghaidh idir na foirgnimh.
- Forbairt ar Inlíon i bPáirt le héascú a dhéanamh ar rochtain ar chórais.
- Nasc a chruthú idir an dá líonra (Caidreamh Muiníne) le rochtain a cheadú do lucht úsáide gach líonra ar chórais, ar chlóirí etc. ar an líonra eile.

Córas Nua Poist

Tosaíodh ar an obair ar an gcóras nua poist i mí Iúil, i ndiaidh Chás Gnó/Anailís Costais is Tairbhe a ullmhú, MS Exchange 2013 mar rogha tosaíochta. Beidh seoladh r-phoist @limerick.ie ag gach Ball Foirne nuair a bheidh sé críochnaithe.

Tógadh na freastalaithe, agus cuireadh córas lochtlamhálach/ard-inúsáideachta ann agus déanadh é a thástáil. Tosaíodh ar an lucht úsáide a aistriú i rith mhí na Samhna, le os cionn 750 úsáideoir le haistriú. Leanfaidh an tionscadal aistrithe go dtí Bealtaine, 2014.
Nascadh na gCóras

Tosaíodh ar nascadh na gcóras ag an gComhairle a bheartú go luath i 2013. Bhí ullmhú ar chatalóg na gcóras a bhí in úsáid ag an dá Údarás i gceist leis seo, ag ailíniú leaganacha nuair a bhí an córas céanna ann, ag roghnú an chórais ab fhearr nuair a bhí córais éagsúla ann, ag ceapadh Ceannaire Tionscadail agus Foirne tionscadail. Tá gá le pleanáil chúramach toisc go mbíonn mórán de na córais ag brath ar a chéile, m.sh. Agresso, Core, PDC, iPlan, iDocs etc.

Beidh 102 tionscadal éagsúil i gceist le nascadh na gcúras, rud a éileoidh mionphleananna a ullmhú. Tá sé molta go ndéanfaí nascadh na gcóras a roinnt i dtrí chéim mar atá leagtha amach:-

- Céim I – Córais riachtanacha, le bheith nasctha don 1ú Meitheamh 2014.
- Céim II – córais a bhfuil An-Tábhacht leo, le bheith nascadh faoi dheireadh 2014.
- Céim III – Na córais a bhíonn fágtha, le bheith nasctha go luath i 2015.

Cathair an Chultúir

Tosaíodh ar thionscadal Chathair an Chultúir do TFC i rith na Bealtaine le feistiú na n-oifigí i gCearnóg an Pheirigh. Bhí an tionscadal seo éagsúil le tionscadail fheistithe eile a rinne TFC, toisc gur struchtúr faoi chosaint a bhí sa bhfoirgneamh, agus bhíomar teoranta maidir le cá háit agus conas a fhéaffaí trealamh a shuiteáil. Mar sin féin bhí an fhoirgneamh ullamh le háitiú i mí Iúil.

Rinne TFC forbairt freisin ar shuíomh grásáin do Chathair an Chultúir a déanadh ag úsáid bhogearraí Foinse Oscailte 'Drupal', agus é á óstáil ag freastalaithe na Comhairle.

Limerick.ie

Lean an rannóg TFC le tacaíocht a sholáthar agus le hacmhainní a fhorbairt do thionscadal limerick.ie le ráta 100% inúsáidteachta a chinntiú. Tosaíodh an fhorbairt le leagan nua d'Fhoinse Oscailte den suíomh ag úsáid bhogearraí 'Drupal'. Cuirfidh seo feabhas ar ghnéithe ar an suíomh, agus éascóidh sé forbairt fheidhmiúcháin taistil.

Líonra Nua Amháin

Ullmhaíodh dearadh do líonra nua amháin i rith 2013, le mionphleananna d'aistriú gach córais agus gach úsáideoir chuig an líonra nua. Tá mórán de na córais ag brath ar fhíordheimhniú ainm úsáideora & pasfhocal líonra, agus ní bhíonn córais oiriúnach mura bhfeidhmíonn seo i gceart. Tosófar ar aistriú chuig líonra nua i Meitheamh 2014.

Suíomh Gréasáin Nua Amháin

Tosaíodh ar Shuíomh Gréasáin nua nasctha a dhearadh do Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh i rith 2013. Tá an dearadh bunaithe ar chatalóg seirbhíse na Comhairle, agus beidh an suíomh cairdiúil agus saor ó bhéarlagair. Gheobhaidh úsáideoirí eolas go tapaidh agus go héasca ar líne ar na seirbhísí uile a bhíonn ar fáil dóibh. Beidh an suíomh beo ón 1ú Meitheamh 2014.

Córas Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí (CBC)

Tá tosaithe ar Chóras Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí nua le Foinse Oscailte a dhearadh. Déanfar seo a úsáid ar dtús maidir le Seirbhísí Custaiméara agus cuirfear i bhfeidhm é ar fud na comhairle i ndiaidh phíolóta a n-éiríonn leis.

FORBAIRT CEANTAIR

- Ceantar Áth Dara & Caisleán Uí Chonaill
- Ceantar Chill Moicheallóg
- Ceantar An Chaisleáin Nua
- Ceantar Ráth Caola

FORBAIRT CEANTAIR

Toghcheantair Áth Dara agus Chaisleán Uí Chonaill

Soláthraíonn Oifigí Áth Dara agus Chaisleán Uí Chonaill réimse leathan seirbhísí do bhruachbhailte Chathair Luimnigh, chomh maith leis na ceantair tuaithe i dToghcheantair Chaisleán Uí Chonaill agus Áth Dara. Tá dúshláin ar leith ag baint le héagsúlacht riachtanais na gceantar seo, agus i 2013, in ainneoin laghdú ar acmhainní airgeadais agus foirne, d'éirigh go maith le hoifigí Áth an Choite agus Chromadh freastal ar na dúshláin seo.

Chuiagh roinnt den fhoireann ar scor i rith 2013 ó oigigí ceantair Chromadh agus Áth an Choite, ar a raibh Jimmy Collins, Liam Joyce agus Michael McNamara. Chuaigh John Quillinan, Maoirseoir na mBóithre ar scor i ndiaidh daichead bliain seirbhíse.

"No more drinking from a flask,
And sorting meal allowance.
Health and happiness to you
The one and only - Mister Q"

Véarsa as dán le Joe Healey ar dhul ar scor do John Quillinan

Seirbhísí um Bóithre
Chuimsigh na seirbhísí um bóithre i rith na bliana cúram a dhéanamh de fheabhsúchán agus athshlánú dromchla bóthair, soláthar agus athshlánú chosáin, oibreacha draenála, trasrianta coisithe, etc.

Adare
1. Athshlánú agus Feabhsúchán na mBóithre Áitiúla, (samplaí, feabhsuithe cosáin, draenáil, saoirseacht, agus oibreacha dromchla bóthair) €865,569
2. Cóiriú Dromchla ar Bhóithre Áitiúla, €205,619;
3. Deontas Feabhsúcháin Sonrach do Bhóthar Chromadh/An Brú €363,000;
4. Athshlánú agus Feabhsúchán ar Bhóithre Réigiúnacha, €82,945;
5. Cóiriú Dromchla ar Bhóithre Réigiúnacha, €62,670.

Caisleán Uí Chonaill
1. Leithdháileadh Cothabhála Athchóirithe (Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad); €368,220
   Tá áireamh sa deontas seo do chóiriú Dromchla ar bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha. Léiríonn an leithdháileadh deontais seo laghdú €65,000 (15%) ar leibhéal 2012.
2. Leithdháileadh Cothabhála Athchóirithe (Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad); €1,079,200
3. Deontas d'Feabhsúchán Sonrach:
   Scéim Sábháilteachta ar Chostas Íseal - LP1160/1161 - An Fearnán, Maigh Rua
   Cuireadh leithdhaíleadh de €50,000 ar fáil le feabhas a chur ar shábháilteacht do choisithe ar an mbealach LP1161. Tharla bás bheirt choisí ag amanna éagsúla ar an mbealach seo laistigh den chrios 50kmph le 5 bliana anuas.
4. Deontas Breise – Meitheamh 2013
   Tabhair faoi deara go bhfuair Bóithre Chaisleán Uí Chonaill leithdháileadh deontais eile de €400,000 ón N.R.A. i rith Meitheamh 2013 d'oibreacha breise Cothabhála Athchóirithe agus Feabhsúcháin. Úsáideadh an leithdháileadh seo d'oibreacha faoi mar atá thuas agus áiríodh cosáin a thógáil, comharthaíocht agus ceisteanna eile sábháilteachta.

Coistí Thoghcheantar Áth Dara & Chaisleán Uí Chonaill
Tháinig Coiste Thoghcheantar Áth Dara le chéile 11 uaire i 2013. Chríochnaigh 2013 go brónach do Choiste Thoghcheantar Áth Dara, le bás an Clr. Richard Butler (RIP) a raibh an-mheas air. Ar Dheis Dé go raibh a anam.

I rith 2012 ghlac an Clr. Walsh le ról an Chathaoirleacht ón gClr. Fitzgerald.

Bhí 10 gcruinniú ag Coiste Thoghcheantar Chaisleán Uí Chonaill i 2013. Thug an Cathaoirleach atá ag dul as oifig, An Comhairleoir Eddie Wade, slabhra na hoifige don Chomhairleoir Michael Sheahan, i mí Meán Fómhair. Ar na nithe a bhí ar an gclár oibre bhí Diúscairt Talún, feabhsúchán reilige, deontais tithíochta, etc.

Seirbhísí Tithíochta agus Uisce

- Tithíocht Údaráis Áitiúil ar Cíos - déanadh infheistíodh ar timpeall €151,000, i gcothabháil agus in uasghrádú ár dtithe cíosa agus déanadh infheistíocht ar €100,000 i ndiesiúcháin réamhligin. I 2013 leanamar lenár n-infheistíocht in uasghrádú ar éifeachtúlacht fuinnimh ár stoc tithíochta. Chuimsigh na hoibreacha meascán de théamh lárnach, insliú ballaí agus áiléar, cur isteach fuinneoga déghloinithe, eisiatóirí seoidire agus bolgán fuinnimh íseal costais.
- Ceannachaín Nua – ceannaíodh 2 theach i gCeantar Chaisleán Uí Chonaill i 2013, le ligean do dhaoine a raibh gá acu le tithíocht Ceannaíodh 1 i dTuar an Daill agus déanadh oiriúnú air le freastal ar riachtanais dhuine atá faoi mhíchumas.
- Scéimeanna Deontais Tithíochta - do thithe in úinéireacht phríobháideach, tá 3 scéim ar fáil, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Cangaosta, Deontas Oiriúnachta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Deontas um Áiseanna Soghluaiseachta. Íocadh 37 deontas ar fad i 2013, a raibh timpeall €264,000 i gceist ar fad iontu. Faoi mar a bhíonn i gcónaí, is mó go mór an éileamh ná na hacmhainní atá ar fáil
- Naisc leis an Soláthar Uisce: fuarthas 22 iarratas i 2013 agus déanadh 5 nasc nua séarachais freisin.
- Cothabháil Ginearálta ar 11 soláthar uisce ar chostas €1.43m.
- Cothabháil Ginearálta ar 10 Scéim Cóireála Fuíollusice i gceantar Chaisleán Uí Chonaill ar chostas €1.2m.
- Deontais Tobair Phríobháideach – i gcomhar le Rannán na Seirbhísí Uisce próiseáladh agus faomhadh 10 iarratas. Tá na deontais seo dírithe ar fheabhas a chur ar sholáthairtí phríobháideacha uisce nach féidir le scéim phoiblí ná ghrúpa freastal orthu.
- Ar na hoibreacha feabhsúcháin sa cheantar bhí príomhphíobán aníos breise le Soláthar Uisce Úlla le ham teagmhála clóirín a mhéadú, oibreacha uasghrádaithe éifeachtúlachta fuinnimh i gCathair Chinn Lis, mion-uasghrádú próiseas i WWTP An Cheapach Mhór, WWTP an Dún, Oibreacha Feabhsúcháin Sláinte agus Sábháilteachta ag ionaid chóireála éagsúla.

I 2013 rinne Comhairle Contae Chiarraí an dara céim de na hoibreacha ar Shéipéal Chathair Chinn Lis, bhí cabhair deontais ann do na hoibreacha seo ó Chiste na Struchtúr i mBaol. Dhírigh na hoibreacha ar shaingeal meánaoiseach ar bhallaí thoir agus theas an tséipéil níos déanaí – féach na pictiúir thuas de na hoibreacha roimhe agus ina dhiaidh.

Toghcheantar Chill Mocheallóg

Coiste Ceantair Chill Mocheallóg
I rith 2013 reáchtáil Coiste Ceantair Chill Mocheallóg aon chruinniú déag.

Ag an gcruinniú den 17 Iúil ghabh an Clr. David Moloney an Chathaoirleacht go ceann bliana. Ghlac an coiste le toscaireachtaí ó Chumann na mBailte Slachtmhara Choill Bheithne, Fondúireacht Iósaif, Ráth Luirc agus Cill Mocheallóg ag a chruinnuithe i mí Eanáir, Samhain agus Nollaig faoi seach.

Cuireadh fáiltiú ar siúl roimh an gcruinniú i mí Feabhra mar aitheantas ar a raibh bainte amach ag Cnoc Áine a fuair ceann de na duaiseanna is fearr i gcomórtas Mórtais Áite IPB 2012. Bhronn baill an choiste scrolla cuimhneacháin ar Chomhairle Pobail Chill Áine in onóir dá raibh bainte amach ag an ngrúpa in iomaíocht ghéar ó ar fud na tíre le bua foriomlá a bhaint amach sa Chatagóir Daonra 3.

An Clr. William O'Donnell, Cathaoirleach Choiste Ceantair Chill Mocheallóg ag bronnadh scrolla chomórtha ar Mary O'Grady ó ghrúpa Mórtais Áite Chnoc Áine ag fáiltiú a tionóladh ag Áras Mhainchín Seoighe ar an 21ú Feabhra 2013.

Bóithre
Faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail nua a seoladh i 2013 críochnaíodh sé scéim i gCeantar Bhóithre Chill Mocheallóg le buiséad iomlán de €104,350.

Déanadh iad seo ar bhóithre áitiúla den tríú grád agus oibreacha draenála, claiseanna coincréiteacha agus atógáil bhóithre a bhí i gceist leis na hoibreacha.

Bhí leithdháileadh de €30,000 freisin ón gCiste Forbartha d'oibreacha cóiríochta ag reilig Ghreanach (balla cloiche ag an gcarrchlós nua - €15,000), agus cosáin nua ag An gCearnóg, Gallbhaile agus i dtreo an tsiúláin ag Darby's Bed ar bhóthar Thiobraid Árann (€15,000).

Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe
Leanadh le hobair le linn 2013 ar roinnt eastát neamhchríochnaithe a thabhairt chuig caighdeán a éascódh a dtógáil i gcúram ag an gComhairle.

Tógadh na heastáit seo a leanas i gcúram i gceantar Chill Mocheallóg le bliain anuas:

An Breacbhán, An Brú, The Waterfall, An Brú, Tread na Rí, Cill Fhíonáin, Cois an tSrutháin, Cill Fhíonáin.

Eastát Neamhchríchnaithe Cois an tSrutháin Feabhra 2013

Cois an tSrutháin i ndiaidh oibreacha faoi Chlár na nEastát Neamhchríochnaithe

Tithíocht
Déanadh oibreacha feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh ar 120 aonad tithíochta sóisialta i dToghcheantar Chill Mocheallóg i rith 2013. Fuair Comhairle Contae Luimnigh maoiniú SEAI i gcomhar le Southill Cooperative Ltd. le hobair éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh ar thithe in

Eastát an Ghleanna, Cill Mocheallóg, Ardán Oilibhéir Pluincéid, Baile An Londraigh, agus Plás an Bhainc, An tOspidéal.

Déanadh oibreacha feabhsúcháin fuinnimh ar 35 aonad sóisialta agus 6 theach príobháideach, ar a raibh insliú áiléir agus insliú chuasbhalla agus an t-aerú a bhaineann leis de réir na rialachán reatha Tógála, bolgáin CLF a chur isteach agus teastasú BER.

Cuireadh coire nua agus córais Téimh Lárnaigh isteach in Ardán Oilibhéir Pluincéid, Baile An Londraigh, agus i bPlás an Bhainc, An tOspidéal.

Ina theannta sin, rinne Kingspan Energy oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh ar 58 aonad i gcomhar le Comhairle Contae Luimnigh.

Déanadh Insliú Áiléir agus Chuasbhalla faoin scéim seo i dtithe atá suite sa Bhrú, An tOspidéal, Cill Fhíonáin, Gallbhaile, Cnoc Loinge, Brú Rí agus Béal Átha Grean.

Rinne Comhairle Contae Luimnigh obair den chineál chéanna ar 27 teach eile i gCill tSíle, Cill Mocheallóg, Baile Uí Argáin, Coill Bheithne agus Gleann Oisín.

Úirleacais
I 2013 sholáthair an Chomhairle cúnamh airgeadais do Choiste Úirleachais Bhaile an Chaisleáin le cabhrú le reilig nua a fhorbairt le hais na reilige atá ann.

Seirbhísí Uisce
I mí na Nollag 2013, cuireadh séarachas ó Chill Mocheallóg ar mhalairt slí chuig Ionad nua Cóireála Fuíolluisce a Dhearadh, a Thógáil agus a Oibriú. Ba iad Coffey Water Group a thóg an ionad nua ar chonradh a raibh luach €2.4 milliún air. Cuirfidh an t-ionad nua eisilteach ar an gcaighdeán is airde ar fáil agus is ionann é agus feabhas suntasach timpeallachta don Lúbach. Déanfar an seanionad, a bhí ag feidhmiú faoin choinníollacha deacra le blianta fad, a leagadh go luath i 2014.

Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil soláthar ar chistiú le hathsholáthar a dhéanamh ar phíobán luaidhe sa Bhrú agus san Ospidéal. Déanadh na hoibreacha ag úsáid saothair dhíreach.

Ar an 13ú Samhain 2013 thaisteal Cathaoirleach na Comhairle John Sheahan, Stiúrthóir Seirbhísí Josephine Cotter Coughlan, Oibritheoir Ionad Cóireála Uisce Chill Mocheallóg Richard O'Neill agus oifigigh na Comhairle ó Oifig Chill Mocheallóg chuig Óstán an Burlington, Baile Átha Cliath le duais Feabhais i Rialtas Áitiúil 2013 Chomhlachas na hÉireann a fháil, a tionóladh i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Fuair Luimneach an ceann is fearr san iomaíocht le 33 ceantar údaráis áitiúil eile maidir leis an duais "Tionscnamh Straitéiseach Uisce na bliana" d'Ionad Cóireála Uisce Chill Mocheallóg.

Cuireadh an tionscadal ar ghearrliosta le hais Chomhpháirtíocht Scéime Uisce Ghleann na hÉirne.(An Cabhán) agus Príomhscéim Draenála Sheangánach Bré (Dún Laoghaire Ráth an Dúin).

Bhí ionad Chill Mocheallóg tar éis caighdeán gradamach cáilíochta a bhaint amach cheana féin maidir le soláthar uisce óil ISO 254512:2007, agus freastlaíonn sé ar 2500 custaiméir i ndeisceart agus oirthear Luimnigh.

Déanann Phil Hogan T.D., Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil bronnadh ar Richard O'Neill, Comhairle Contae Luimnigh, ag Duaiseanna Feabhais i Rialtais Áitiúil Chomhlachas na hÉireann. Áirithe freisin tá Mark Fearon, Tipperary Crystal, an Clr. John Sheahan, Cathaoirleach, agus Iar Talbot, Príomhfheidhmeannach, Comhlachas na hÉireann.

Baile Múrtha Chill Mocheallóg
Thug Comhairle Contae Luimnigh tacaíocht do Lá Fhéile Bhaile Múrtha Chill Mocheallóg, a bhí ar siúl ar an Satharn 17ú Lúnasa.

An Caisleán Nua

Soláthraíonn Oifig Ceantair An Chaisleáin Nua, Áras William Smith O'Brien, raon leathan de sheirbhísí ar fud Iarthar Luimnigh, ar a n-áirítear Cothabháil Bóithre, Tithíocht, Reiligí, Seirbhísí Uisce, Clinicí Pleanála, Mótarcháin, chomh maith le hoibriú Chlós Innealra agus Iosta Biotúmain na Comhairle.

Bóithre
Rinneadh maoiniú ar an gcaiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin i gCeantar Bhóithre An Chaisleáin Nua in 2013 trí Dheontais Rialtais, agus acmhainní na Comhairle féin.

Ar na cláir caiteachais ar bhóithre bhí:

- Mórfhorleagan dromchla bóthair ar an N21 ag An Bhearna, An Caisleán Nua
- Scéimeanna um neartú bóithre agus cóireáil dromchla ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla
- Forleagan ar bhóithre ag Drom Collachair
- Uasghrádú ar chosáin ag Cnoc Uí Choileáin, Mainistir na Féile agus An Caisleán Nua-
- Cistí forbartha ag An Caisleán Nua agus Áth an tSléibhe Uasghrádú ar dhroichead áitiúil: Baile an Átha

Mórchonair an Deiscirt, Mainistir na Féile
Uasghrádú ar an líne Iarnróid atá i Mainistir na Féile go siúlán do choisithe. Is é a bhí sna hoibreacha ná trí dhroichead siúláin agus 3km de shiúlán, ag síneadh i dtreo Choill Mhaonaigh ón Railway Bar Mainistir na Féile, go teorainn chontae Chiarraí. Déanfaidh an tAire Varadkar an chuid seo den chonair a oscailt go hoifigiúil ar an Satharn, 23ú Feabhra 2013.

Taisteal Níos Cliste sa Chaisleán Nua
Críochnaíodh Straitéis Taistil Níos Cliste Siúlóide & Rothaíochta don Chaisleán Nua.

Leagtar straitéis amach sa tuarascáil seo le siúlóid agus rothaíocht a spreagadh mar rogha taistil agus feasacht an phobail a ardú ar na leasa a bhaineann leo.

Molann sé go soláthrófaí bealaí níos sábháilte rothaíochta agus siúlóide, lánaí rothaíochta, saoráidí do choisithe etc. Cuireadh an tuarascáil seo ar aghaidh chuig An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le cistiú a fháil.

An Diméin, An Caisleán Nua Thiar
Tá níos mó measa ná riamh ar an taitneamhacht phoiblí seo, agus baineann na sluaite leas as na háiseanna, Tá líon mór daoine ag freastal ar an gclós súgartha freisin ag an mbealach isteach chuig an Diméin.

Tithíocht
Scéim Deontas Tithíochta
Faomhadh ocht n-iarratas déag faoi na Deontais Oiriúnaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2013 ar chostas €159,607.54. Faomhadh trí iarratas is tríocha faoi na Deontais um Áiseanna Soghluaiseachta Tithíochta in 2013 ar chostas €128,108.18. Faomhadh daichead a cúig iarratas faoi na Deontais um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Cangaosta in 2013 ar chostas €262,882.14.

Rinne Airtricity insliú freisin ar timpeall 100 teach de chuid na Comhairle i 2013 Déanadh insliú freisin ar líon beag tithe faoin scéim éifeachtúlachta fuinnmh le fuinneóga agus doirse nua á gcur i gcuid de na tithe.

Tá an criú Cothabhála Tithíochta do Thoghcheantar An Chaisleáin Nua bunaithe in Oifig an Cheantair freisin.

Seirbhísí Uisce
Feidhmíonn agus cothaíonn Oifig Ceantair An Chaisleáin Nua líon mór scéimeanna uisce agus séarachais ar fud Iarthar Luimnigh. Orthu seo tá fearais nua-aoiseacha cóireála uisce sa Chaisleán Nua Thiar agus i Mainistir na Féile, atá ar an dá bhaile is mó sa Chontae, agus eatarthu táirgíonn siad thart ar 1.5 milliú galún uisce in aghaidh an lae.

Iosta Biotúman & Clós Innealra Bhaile an Gharráin
Tá ról lárnach i gcónaí ag Iosta Biotúmain Bhaile an Gharráin agus ag an gclós Innealra atá bunaithe sa Chaisleán Nua i gClár na nOibreacha Bóthair. Déantar gach biotúmain a úsáidtear sa Chontae a dháileadh tríd an iosta lárnach ag Baile an Gharráin agus déanann an Clós Innealra cothabháil ar fhlít fheithiclí na Comhairle.

Mótarcháin
Thóg an Rannán Mótarchánach sa Chaisleán Nua beagnach €6.4 milliún isteach i 2013 le 33,835 idirbheart á ndéanamh i rith na bliana. Rinne an oifig próiseáil ar 2,200 dearbhú reachtúil eile nach raibh feithicil ar an mbóthar.

Toghcheantar Ráth Caola

Soláthraíonn Oifig Ceantair Ráth Caola, Áras Seán Finn réimse leathan seirbhís innealtóireachta agus riaracháin do Thoghcheantar Ráth Caola ar a n-áirítear Feabhsú & Cothabháil Bhóithre, Seirbhísí Tithíochta & Custaiméara, Reiligí, Áiteanna Súgartha Pobail, Seirbhísí Uisce & Fuíolluisce.

Bóithre
Déanadh oibreacha substaintiúla feabhsúcháin i rith na bliana ar bhóithre Cheantar Ráth Caola ar a raibh:-

- Mór-fhorleagan dromchla bóthair ag Carraig Chiarraí & Baile an Gharraí
- Neartú Bóithre agus Cóireáil Dromchla ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla
- Deisiú Droichead ag Motharnach & Baile Uí Sháithil
- Uasghrádú na gcosán sa Ghleann

Cuan an Ghleanna
Fuarthas maoiniú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí i rith 2013 le hoibreacha athchóirithe dromchla a dhéanamh ag Cuan an Ghleanna.

BROWNIE FLASH

AGUISÍNÍ

Aguisín 1
Comhdhálacha & Seimineáir ar freastlaíodh orthu

APPENDIX 1

Comhdhálacha Chomhairle Contae Luimnigh ar Freastlaíodh Orthu 2013

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh.
11ú go dtí an 12ú Eanáir	Reachtaíocht um Dhliteanas Sibhialta agus an tionchar a bhíonn aici ar Údaráis Áitiúla	Wesport Plaza Hotel, Cathair na Mart, Co Mhaigh Eo	02
11ú go dtí 13ú Eanáir	Seiminéar Buiséid 2013	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	03
17ú go dtaí 19ú Eanáir	Turasóireacht in Uair an Mheathlaithe	Falls hotel, Inis Díomáin, Co. an Chláir	02
18ú go dtí 20ú Eanáir	Teorannacha Toghcheantar Áitiúil	Silver Tassie Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	06
25ú go dtí 27ú Eanáir	Réiteach ar Fhiachas – An Reachtaíocht nua ar Dhóchmhainneacht Phearsanta	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí	01
8ú & 9ú Feabhra	An Bille um Stádas Comhionann (Leasú) 2012	Manor West Hotel, Trá Lí, Co. Chiarraí	02
8ú go dtí 10ú Feabhra	Seimineár Turasóireachta Difríocht á Dhéanamh	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	05
15ú & 16ú Feabhra	Seimineár Earraigh AMAI	Bandon House Hotel, ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman	01
15ú & 16ú Feabhra	Cosaint an Duine Aonair vs Saiorse Tuairimíochta	Carlton Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	04
22ú go dtí 24ú Feabhra	24ú Scoil Gheimhridh Cholm Cille	Gartán, Mín an Lábáin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall	01
28ú Feabhra go dtí 1ú Márta	Comhdháil Bhliantúil Údarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair "Téarnamh Geilleagrach – Dul chun cinn sna Réigiúin"	Horse & Jockey Hotel, Durlas, Co Thiobraid Árann	01
1ú & 2ú Márta	Plean Gníomhaíochta do Jabanna	Kingsvalley Hotel, Ingsvalley Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	02
7ú & 8ú Márta	Comhdháil Bhliantúil Chumann Chomhairlí Contae & Cathrach "Wonderful Waterford"	Tower Hotel, Port Láirge	02
8ú & 9ú Márta	Ceapadh Beartais Pobail agus An Comhairleoir	Great Northern Hotel, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall	04
8ú & 9ú Márta	Rialtas Áitiúil ag Tacú le hObair Dheonach	Manor West Hotel, Bóthar Chill Airne, Trá Lí, Co. Chiarraí	02
8ú go dtí 10ú Márta	Údaráis Áitiúla mar Thiománaithe ar Fhorbairt Áitiúil	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	05
15ú & 16ú Márta	An Ceart chun Príobháideachta An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003	Westport Plaza Hotel, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	01
15ú go dtí 17ú Márta	Pobal & Forbairt Áitiúil Cistiú Leader agus An Comhairleoir	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	02

Comhdhálacha Chomhairle Contae Luimnigh ar Freastlaíodh Orthu 2013 *(ar lean)*

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh.
22ú & 23ú Márta	Tionscnaimh Fhostaíochta agus Tacaíocht do Dhaoine Dífhostaithe	The Kingsvalley Hotel, Páirc Mhuirlinne, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	02
22ú go dtí 24ú Márta	20ú Leasú – An bhfuil a bhfuil beartaithe deireadh a chur le hÚdaráis Áitiúla agus iad a nascadh míbhunreachtúil?	Silver Tassie Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	02
29ú & 30ú Márta	Seimineár ar Theidlíocht Chánach	Four Seasons Hotel, Carlinn, Co Lú	02
5ú & 7ú Aibreán	Seimineár Earraigh LAMA 2013" Údaráis Áitiúla in Éirinn; Dúshláin Nua – Deiseanna Nua	Ashdown Park Hotel, Guaire, Co Loch Garman	03
12ú & 13ú Aibreán	Todhchaí Rialtais Áitiúil in Éirinn	The Kingsvalley Hotel, Páirc Mhuirlinne, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	05
12ú go dtí 14ú Aibreán	Tosú & Fás Chomhlachais Tráchtála i Do Phobal	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	01
18ú go dtí 20ú Aibreán	11ú Comhdháil Náisiúnta Turasóireachta Cheatharlach "An Tóstal – Tábhacht le Turasóireacht Diaspóra"	The Lord Bagenal Hotel, Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach	01
19ú & 20ú Aibreán	Rialtas Áitiúil & An Tomhaltóir	Great Northern Hotel, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall	01
19ú go dtí 21ú Aibreán	Cáin Mhaoine Áitiúil: Lóistíocht, Impleachtaí agus Torthaí don Tomhaltóir Éireannach	Mullingar Park Hotel, Co. na hIarmhí	01
26ú go dtí 28ú Aibreán	Fuinneamh In-Athnuaite & Bainistíocht Fuinnimh d'Údaráis Áitiúla	Maldron Hotel, Gaillimh	01
3ú & 4ú Bealtaine	Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	04
3ú go dtí 5ú Bealtaine	Comhaireamh Síos chuig Toghcháin Áitiúla 2014	Mount Errigal Hotle, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall	04
10ú & 11ú Bealtaine	Measúnú Riosca i gCás Tuilte	Westport Plaza Hotel, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	01
10ú & 11ú Bealtaine	Turasóireacht Áitiúil & An Comhairleoir	The Talbot Hotel, Loch Garman	01
17ú go dtí 19ú Bealtaine	Conas Rochtain a Fháil ar Chistiú do Chláir Phobail a Bheadh Ábhartha don Chomhairleoir	Maldron Hotel, Port Laoise, Co Laoise	01
24ú & 25ú Bealtaine	An Comhbheartas Talmhaíochta i ndiaidh 2013	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	01
24ú go dtí 26ú Bealtaine	Seimineár Turasóireachta Iarthar Chorcaí	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Iarthar Chorcaí	01

Comhdhálacha Chomhairle Contae Luimnigh ar Freastlaíodh Orthu 2013 *(ar lean)*

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh.
30ú & 31ú Bealtaine	Comhdháil Náisiúnta SAM (Sport Cúnta le Meabhairshláinte) ar Spórt agus Meabhairshláinte	Jacksons Hotel, Bealach Féich, Co Dhún na nGall	01
31ú Bealtaine go dtí 1ú Meitheamh	Scéim Tacaíochta Tí Altranais	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath Gaillimh	03
7ú Meitheamh	Seimineár Earraigh Údaráis Áitiúla Éireann Neamhniúicléach	Halla Contae Fhine Gall, An tSráid Mhór, Sord, Co Fhine Gall	01
7ú & 8ú Meitheamh	Caighdeáin do Thithe ar Cíos	Westport Plaza Hotel, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	02
7ú go dtí 9ú Meitheamh	Reachtaíocht Eorpach agus Údaráis Áitiúla	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	01
14ú & 15ú Meitheamh	Daoine a Chur sa Chéad Áit, Athrú ar Theorainneacha Toghlimistéar & Rialtas Áitiúil	Bunratty Castle Hotel, Bun Raite, Co. an Chláir	01
14ú go dtí 16ú Meitheamh	Ullmhú do Straitéisí Nua Náisiúnta agus Réigiúnach	Silver Tassie Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	02
21ú & 22ú Meitheamh	Seimineár ar Cháin Mhaoine Áitiúil	Westport Plaza Hotel, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	01
27ú go dtí 30ú Meitheamh	Scoil Samhraidh Synge	Ráth Droma, Co Chill Mhantáin	01
28ú go dtí 30ú Meitheamh	Gluaiseacht Eorpach na hÉireann	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Iarthar Chorcaí	01
12ú & 13ú Iúil	Toghcháin Áitiúla 2014	West Cork Hotel, An Sciobairín, Co Chorcaí	01
19ú & 20ú Iúil	Cáin ar Earraí agus Seirbhísí	Manor West Hotel, Trá Lí, Co. Chiarraí	03
19ú & 20ú Iúil	Cabhrú le Pobail Áitiúla maidir le Jabanna a Chruthú	The Talbot Hotel, Loch Garman	03
28ú Iúil go dtí 2ú Lúnasa	33ú Scoil Samhraidh Bliantúil MacGill "Looking to 2016 – How Stands The Republic?"	Na Gleannta, Co. Dhún na nGall	02
2ú & 3ú Lúnasa	Cáin don Earnáil Ghnó	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	01
2ú go dtí an 4ú Lúnasa	Cosc & Brath na Coireachta Tuaithe	Clanree Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	01

Comhdhálacha Chomhairle Contae Luimnigh ar Freastlaíodh Orthu 2013 *(ar lean)*

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh.
16ú go dtí 18ú Lúnasa	Infheistíocht i Seirbhísí Cultúrtha	Silver Tassie Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	03
30ú & 31ú Lúnasa	Athrú a Dhéanamh ar Chaidreamh Sóisialta Tionachta Tithíochta	Westport Plaza Hotel, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	01
6ú go dtí an 8ú Meán Fómhair	Dínit ag an Obair – Treoir maidir le Bulaíocht & Ciapadh sa Láthair Oibre	Four Seasons Hotel, Carlinn, Co Lú	02
6ú go dtí an 8ú Meán Fómhair	Gnólachtaí Beaga a chur ag Obair	Louis Fitzgerald Hotel, Crois an Fhearainn Nua, Baile Átha Cliath	04
6ú go dtí an 8ú Meán Fómhair	Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Anthony Trollope	Droim ar Snámh & Cora Droma Rúisc, Co Liatroma	01
13ú go dtí 15ú Meán Fómhair	Deireadh Seachtaine Liteartha Benedict Kiely	Ionad Ealaíon na Sruthaile, an Ómaigh	01
13ú go dtí 15ú Meán Fómhair	An Doiciméad Sainitheach ar Struchtúr Nua Rialtais Áitiúil do Mheitheamh 2014	Silver Tassie Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	04
18ú go 21ú Meán Fómhair	Comhdháil Bhliantúil Chumann Oidhreachta Ráth Thuaidh	Golf Hotel, Baile an Bhuinneánaigh, Co Chiarraí	01
20ú & 21ú Meán Fómhair	Céimeanna Éigeandála Airgeadais san Acht Poiblí 2013	Manor West Hotel, Trá Lí, Co. Chiarraí	02
27ú go dtí 29ú Meán Fómhair	Saibhreas agus Dán na Teanga – An Ghaeltacht	Ionad an Bhlascaoid Mhóir, Dún Chaoin, Co Chiarraí	01
27ú go dtí 29ú Meán Fómhair	Seimineár Leagáide La Touche 2013 " Rialtas Áitiúil – Breacadh Lae Nua?"	Charlesland Golf & Country Club Hotel, na Clocha Liatha, Co Chill Mhantáin	01
4ú & 5ú Deireadh Fómhair	Cónaí Pobail do Sheandaoine	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	02
4ú go dtí 6ú Deireadh Fómhair	Seimineár ar Thoghcháin Idirlín	Louis Fitzgerald Hotel, Crois an Fhearainn Nua, Baile Átha Cliath 22	01
11ú & 12ú Deireadh Fómhair	Seimineár Earraigh LAMA "Údaráis Áitiúla ag Tiomáint Forbartha Eacnamaíochta"	The Falls Hotle, Inis Díomáin, Co an Chláir	03
18ú & 19ú Deireadh Fómhair	Rialtas Áitiúil & Forbairt Fiontair	The Holyrood Hotel, Bun Dobhráin, Co Dhun na nGall	01

Comhdhálacha Chomhairle Contae Luimnigh ar Freastlaíodh Orthu 2013 *(ar lean)*

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh.
25ú & 26ú Deireadh Fómhair	Tacú le Fiontraíocht sa Phobal	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	01
25ú go dtí 27ú Deireadh Fómhair	Treoirlínte Dearaidh do Phleanáil & d'Fhorbairt Tithíochta Tuaithe	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Iarthar Chorcaí	01
1ú & 2ú Samhain	An Buiséad Rialtais Áitiúil 2014	The Holyrood Hotel, Bun Dobhráin, Co Dhun na nGall	02
1ú & 2ú Samhain	Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2013	Westport Plaza Hotel, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	02
1ú go dtí 3ú Samhain	Ullmhú, Glacadh le, agus Leasú Bhuiséad na Comhairle	Quality Hotel, Cill Airne, Co Chiarraí	02
9ú & 10ú Samhain	Rátaí Údaráis Áitiúil agus Toradh Laghdaitheach	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	01
8ú go dtí 10ú Samhain	Treoir Phraiticiúil maidir le Buiséad 2014	Four Seasons Hotel, Carlinn, Co Lú	01
15ú go dtí 17ú Samhain	Buiséid Údaráis Áitiúil 2014	Silver Tassie Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	01
15ú go dtí 17ú Samhain	Tionchar Bhuiséad 2014 ar Gheilleagar na hÉireann	The Park Hotel, Cluain Meala, Co Thiobraid Árann	01
22ú go dtí 24ú Samhain	Buiséad Chanbhasála 2014	Louis Fitzgerald Hotel, Crois an Fhearainn Nua, Baile Átha Cliath 22	03
29ú & 30ú Samhain	Oideachas Luath-Óige & Cúram Leanaí i do Phobal	Manor West Hotel, Trá Lí, Co. Chiarraí	02
29ú Samhain go dtí an 1ú Nollaig	SIPO (Caighdeáin in Oifigí Poiblí) agus Dualgais an Chomhairleora	Louis Fitzgerald Hotel, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath 22	02
6ú & 7ú Nollaig	Scéim Ranníocaíochta Forbartha a Ullmhú	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	01
13ú & 14ú Nollaig	Deontais & Scéimeanna Tithíochta	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	05
13ú go dtí 15ú Nollaig	Teicneolaíocht Turasóireachta & Straitéisí Iomaíochta do 2014	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Iarthar Chorcaí	01
20ú & 21ú Nollaig	Feabhas a chur ar Bhainistíocht Tráchta Sábháilteachta Bóthair	Westport Plaza Hotel, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	03
20ú go dtí 22ú Nollaig	Ceardlann Oiliúna ar Microsoft Excel do Chomhairleoirí	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Iarthar Chorcaí	01

Seimineáir/Comhdhálacha Chomhairle Cathrach Luimnigh 2013

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh.
11-13 Eanáir, 2013	Comhdháil eagraithe ag Ace Training Seiminéar Bhuiséid 2013	Cairlinn, Co. Lú	02
16 Eanáir, 2013	Comhairle um Inimircigh na hÉireann 'Móiminteam Úr: Éire Chothrom agus Chomhionann a Thógáil'	Baile Átha Cliath	02
17 Eanáir, 2013	Fóram Náisiúnta Rádon 'Seoladh Chomhairliúcháin Phoiblí ar an Dréacht-Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin in Éirinn'	Baile Átha Cliath	02
18-19 Eanáir, 2013	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises "Na Torthaí Choiriúla ar Shárú Rialachán na nÚdarás Áitiúil"	Trá Lí, Co. Chiarraí	01
18-20 Eanáir, 2013	Comhdháil eagraithe ag Kadenza Consultancies "Teorainneacha na dToghcheantar Áitiúil"	Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	01
24 Eanáir, 2013	Turas Allamuigh chuig Unicorn Grocery Co-Op	Manchester, Sasana	01
Eanáir – Aibreán, 2013	Dioplóma i Staidéir Rialtais Áitiúil – Ranganna Teagaisc	Ranganna Teagaisc sa Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí agus Inis, Co. an Chláir	01
25-27 Eanáir, 2013	Comhdháil eagraithe ag Celtic Conferences "Réiteach ar Fhiachas – An Reachtaíocht nua ar Dhóchmhainneacht Phearsanta"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	02
1 - 3 Feabhra, 2013	Scoil Gheimhridh Merriman 2013	Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	01
8 - 10 Feabhra, 2013	Seimineár eagraithe ag Ace Training "Seimineár Turasóireachta maidir le Difrícoht a Dhéanamh"	Cairlinn, Co. Lú	03
14 Feabhra, 2013	Glacadh le hIolrachas / Comhdháil Institiúid Léinn na Breataine-na hÉireann UCD "Fulaingt agus Éagsúlacht in Éirinn – Thuaidh agus Theas"	Baile Átha Cliath	03
19 - 20 Feabhra, 2013	Athbhreithniú ar Nuálaíochtaí maidir le Comh-Ardáin Seirbhíse agus Seirbhísí Cúloifige Chomhairle Buirge Sefton	Manchester Thuaidh, Sasana	03
22 - 24 Feabhra, 2013	Comhdháil eagraithe ag Celtic Conferences "Seimineár Sláinte Poiblí ar Pholasaí um Rialú Tobac an FSS"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	05
22 - 24 Feabhra, 2013	Scoil Gheimhridh Cholm Cille "An mairfidh an eoro, an t-aireagrdra Eorpach aonair"	Mín an Lábáin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	01
27 Feabhra, 2013	Léacht ar Athrú Aeráide "Am do Chéimeanna Móra: Dearcadh Eolaíochta"	Baile Átha Cliath	01
7 - 8 Márta, 2013	Comhdháil Bhliantúil Chumann Chomhairlí Contae & Cathrach	Port Láirge	1

Seimineáir/Comhdhálacha Chomhairle Cathrach Luimnigh 2013 *(ar lean)*

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh.
8 - 10 Márta	Comhdháil eagraithe ag Ace Training "Údaráis Áitiúla mar Thiománaithe ar Fhorbairt Áitiúil"	Cairlinn, Co. Lú	06
22 - 24 Márta	Seimineár Oiliúna eagraithe ag Kadenza Consultancies "An bhfuil pleananna le deireadh a chur le hÚdaráis Áitiúla agus iad a nascadh míbhunreachtúil"	Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	02
22 - 24 Márta	Comhdháil eagraithe ag Celtic Conferences "Seimineár ar Mhí-úsáid Drugaí agus Alcóil"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	01
23 - 24 Márta	Imeacht Sóisialta le Cumann Dheoraithe Luimnigh i Londain agus Léig Peile Náisiúnta Luimneach V Londain	Londain, Sasana	01
5 - 6 Aibreán	Seimineár Earraigh LAMA 2013 "Údaráis Áitiúla in Éirinn; Dúshláin Nua - Deiseanna Nua"	Guaire, Co. Loch Garman	01
5 - 7 Aibreán	Babhta Ceathrú Ceannais Chorn Heineken Mumhan V Harlequins	Londain, Sasana	01
11 Aibreán	Sraith Léachtaí Teagasc agus RDS 212-2014 "Ról na hEorpa i Slándáil Bhia agus Chothú"	Baile Átha Cliath	01
12 - 14 Aibreán	Comhdháil eagraithe ag Ace Training "Tosú agus Fás Chomhlachais Tráchtála i do Phobal"	Cairlinn, Co. Lú	03
13 Aibreán	Comhdháil 1916 "Deich mBliana de Chomóradh" Co. Loch Garman	Inis Córthaidh	01
24 Aibreán	Comhdháil Turasóireachta Chomhpháirtícht Trasteorann Eures Cross 2013 "Turasóireacht Inbhuanaithe – Smaointe Praiticiúla do do Ghnó"	Dún Dealgan, Co. Lú	02
26 - 28 Aibreán	Comhdháil eagraithe ag Celtic Conferences "Freastal ar Phrionsabail Bhainistíochta agus Dea-Chleachtas"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	02
30 Aibreán, 2013	Comhdháil Dhroichead Fuinnimh "Iniúchadh ar Dheiseanna Shlabhra an tSoláthair go Ghnó na hÉireann"	An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fháilí	02
Bealtaine – Meitheamh	Nasc-Chúrsa, Baitsiléir Ealaíon	Ceannáras IPA, Baile Átha Cliath	01
3 Bealtaine	Comhdháil Míleata "Don Bhratach agus don Tír – Imircigh na hÉireann i Seirbhís Mhíleata"	Ros Comáin	01
10 - 12 Bealtaine	Comhdháil eagraithe ag Ace Training "Polasaí um Rialú Tobac an FSS"	Cairlinn, Co. Lú	01
17 - 18 Bealtaine	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises "Déileáil le hEastáit Tithíochta Neamhchríchnaithe"	Trá Lí, Co. Chiarraí	01
17 - 19 Bealtaine	Seimineár eagraithe ag Premier Consultancy "Feasacht Substaintí"	Béal an Átha Móir, Co. Liatroma	01

Seimineáir/Comhdhálacha Chomhairle Cathrach Luimnigh 2013 *(ar lean)*

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh.
25 - 2ú Bealtaine	Comhdháil eagraithe ag Celtic Conferences "Seimineár Turasóireachta Iarthar Chorcaí"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	05
31 Bealtaine - 1 Meitheamh	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises "Scéim Tacaíochta Tí Altranais"	Gaillimh	01
6 Meitheamh	Comhdháil eagraithe ag Phil Prendergast MEP "Cothabháil na Tuaithe Beo – Pobail Athléimneacha ar an Imeall"	Corcaigh	01
7 - 9 Meitheamh	Comhdháil eagraithe ag Ace Training "Reachtaíocht Eorpach agus Údaráis Áitiúla"	Cairlinn, Co. Lú	05
19 Meitheamh	Comhdháil Bhliantúil na dTionól Réigiúnach "A gCuireann Comhtháthú agus Polasaí Uirbeach le Téarnamh Geilleagrach"	Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath	01
28 - 30 Meitheamh	Comhdháil curtha ar siúl ag Celtic Conferences "Gluaiseacht Eorpach na hÉireann"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	03
28 - 30 Meitheamh	19ú Scoil Samhraidh Byrne/Perry "Men and Masters: The Great Lockout of 1913"	Guaire, Co. Loch Garman	01
12 - 14 Iúil, 2013	Seimineár eagraithe ag Ace Training "Seimineár ar Mhí-Úsáid Drugaí agus Alcóil d'Údaráis Áitiúla"	Cairlinn, Co. Lú	02
26 - 28 Iúil	Comhdháil eagraithe ag Celtic Conferences "Baineann an Todhchaí le Bia, Seimineár ar Dheiseanna Fostaíochta i mBianna na nDaoine"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	03
28 Iúil - 2 Lúnasa	Scoil Samhraidh MacGill "Looking to 2016 - How Stands The Republic?"	Na Gleannta, Co. Dhún na nGall	02
2 - 4 Lúnasa	Seimineár eagraithe ag BG Seminarz "Cosc agus Brath Choireachta Tuaithe"	Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	01
11 - 16 Lúnasa	Scoil Samhraidh Parnell 2013 "Parnell agus Kennedy: Ceannairí Dulta Amú"	Ráth Droma, Co Chill Mhantáin	01
14 - 18 Lúnasa	Scoil Samhraidh Merriman 2013 "Éire Thuaidh agus Theas: Dhá Phobal leis an Scoilt Eatarthu ag Méadú?"	Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir	04
16 - 18 Lúnasa	Comhdháil eagraithe ag Ace Training "Seimineár ar na Leasa a bhaineann le Cruthú Jabanna agus le Teidil Chánach"	Cairlinn, Co. Lú	02
23 - 25 Lúnasa	Comhdháil eagraithe ag Celtic Conferences "Cur i Láthair Poiblí agus Seimineár Bainistíochta CP"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	03
29 - 31 Lúnas	Síniú Chomhaontú agus Foghlaim ó Limistéar Limburg maidir lena dtaithí tairisceana mar Phríomhchathair Cultúrtha na hEorpa 2018 a bhfuil Luimneach ag cur isteach air do 2020	Maastrict, An Ísiltír	2
6 – 8 Meán Fómhai	Seimineár eagraithe ag Ace Training "Dínit ag an Obair – Treoir maidir le Bulaíocht agus Ciapadh ag an Láthair Oibre"	Cairlinn, Co. Lú	2

Seimineáir/Comhdhálacha Chomhairle Cathrach Luimnigh 2013 *(ar lean)*

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh.
6 - 8 Meán Fómhair	Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí "Gnólachtaí Beaga a Chur ag Obair"	Baile Átha Cliath	01
12 - 14 Meán Fómhair	Comhdháil Bhliantúil Chomhlachas Údarás Bárdasach na hÉireann	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	02
18 - 21 Meán Fómhair	Comhdháil Bhliantúil Chomhshaoil, Chultúrtha agus Oidhreachta Chiarraí agus Seimineár Oiliúna	Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí	01
20 - 21 Meán Fómhair	Scoil Tionscnaimh James Fintan Lalor 2013	Port Laoise, Co. Laoise	01
21 Meán Fómhair	Comhdháil Bhliantúil Titimeas Éireann 2013 "Ag dul i nGleic le Ceisteanna Sláinte agus Stíl Mhaireachtála Titimis"	An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fháilí	02
27 - 29 Meán Fómhair	Comhdháil eagraithe ag Celtic Conferences "Saol agus Ré Michael Collins"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	01
4 - 6 Deireadh Fómhair	Seimineár eagraithe ag Ace Training "Riachtanais Nua Tairisceana d'Údaráis Áitiúla"	Cairlinn, Co. Lú	02
4 - 6 Deireadh Fómhair, 2013	Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí "Toghcháin Idirlín"	Baile Átha Cliath	02
9 Deireadh Fómhair	Cosantoirí Líne Tosaigh "Ardán Bhaile Átha Cliath 2013" Imeacht le Cosantóirí Chearta Daonna na mBan	Baile Átha Cliath	01
2013 - 2014 Bliain 1	Dioplóma i Staidéar Ginealas	UCC, Corcaigh	01
18 - 19 Deireadh Fómhair	Seimineár eagraithe ag Superior Training Services "Rialtas Áitiúil agus Forbairt Fiontar"	Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall	01
18 - 20 Deireadh Fómhair	"Ar ais Chuig ár Stair" Seimineár eagraithe ag Cumann na nGineolaithe Gairmiúla in Éirinn	Baile Átha Cliath	01
23 - 24 Deireadh Fómhair	Stair i bPáirt, Cruinniú Mullaigh ar Thodhchaí Chliste	Baile Átha Cliath	01
25 - 27 Deireadh Fómhair	Seimineár eagraithe ag Kadenza Consultancies "CDBs amach - LCDC's isteach, Seirbhís Dhóchmhainneachta na hÉireann, An tSeanad – An Toradh"	Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	01
25 - 27 Deireadh Fómhair	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences "Treoirlínte Dearaidh do Phleanáil agus d'Fhorbairt Tithíochta Tuaithe"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	2
8 – 10 Samhain	Seimineár eagraithe ag Ace Training "Treoir Phraiticiúil do Bhuiséad 2014"	Cairlinn, Co. Lú	01
13 Samhain, 2013	Duaiseanna Sármhaitheasa i Rialtas Áitiúil 2013	Baile Átha Cliath	1
16 Samhain, 2013	Searmanas Bronnta Duaiseanna Mórtais Áite	Doire	1

Seimineáir/Comhdhálacha Chomhairle Cathrach Luimnigh 2013 *(ar lean)*

Dáta	Teideal	Ionad	Uimh.
20 Samhain	Faisnéisiú do Bhaill an Oireachtais, Ionadaithe an Phobail agus Baill Thionól Thuaisceart Éireann ar Leasú Inimirce d'Éireannaigh sna Stáit Aontaithe	Baile Átha Cliath	01
22 - 24 Samhain	Comhdháil eagraithe ag Celtic Conferences "Réiteach ar Fhiachas - An Reachtaíocht nua ar Dhóchmhainneacht Phearsanta"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	04
22 - 24 Samhain	Seimineár Oiliúna "Buiséad 2014 do Chanbhasáil"	Baile Átha Cliath	02
29 - 30 Samhain	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises "Oideachas Luath-Óige agus Cúram Leanaí i do Phobal"	Trá Lí, Co. Chiarraí	1
29 Samhain – 1 Nollaig	Seimineár Oiliúna "SIPO agus Dualgais an Chomhairleora"	Baile Átha Cliath	02
6 - 8 Nollaig	Seimineár eagraithe ag Ace Training "Fostaíocht Údaráis Áitiúil – Dlí, Gnás agus Nós Imeachta"	Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann	01
13 - 14 Nollaig	Seimineár eagraithe ag TGR seminars "Daoine á gCur sa Chéad Áit – Nuashonrú ar Athchóiriú Rialtais Áitiúil go dtí seo"	Bun Raite, Co. an Chláir	01
13 - 15 Nollaig	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences "Teicneolaíocht Turasóireachta agus Straitéisí Iomaíochta do 2014"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	03
15 - 22 Nollaig	67ú Comhdháil Bhliantúil Chlinic an Iarthair Láir 2013	Chicago, U.S.A.	01
20 - 21 Nollaig	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises "Feabhas a chur ar Bhainistíocht Tráchta Sábháilteachta Bóthair"	Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	02
20 - 22 Nollaig	Comhdháil eagraithe ag Celtic Conferences "Ceardlann Oiliúna ar Microsoft Excel do Chomhairleoirí"	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	03

STARBUCKS
COFFEE

Limerick
CITY & COUNTY
COUNCIL